# Plean Teanga

Gaeilge Mhaigh Cuilinn

**Limistir pleanála teanga Mhaigh Cuilinn**

**Lúnasa 2019**

# Clár


**i. Nóta ón gCathaoirleach ... 6**

**ii. Noda ... 7**

**iii. Táblaí ... 8**

**iv. Buíochas ... 9**

**v. Achoimre Fheidhmeach ... 10**

**1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga ... 15**

**2. Sonraí na Ceanneagraíochta ... 16**

- **2.1 Gaeilge Mhaigh Cuilinn ... 16**
- **2.2 Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn ... 16**
- **2.3 Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn ... 17**
- **2.4 Teach na Gaeilge ... 18**
- **2.5 Maigh Cuilinn agus litríocht na Gaeilge ... 19**
- **2.6 Coiste Pleanála Teanga 2017-19 ... 20**

**3. An Limistéar Pleanála Teanga ... 21**

- **3.1 An Ceantar ... 21**
- **3.2 Daonra & Próifíl Socheacnamaíoch ... 22**
  - **3.2.1 An Daonra ... 22**
  - **3.2.2 An Próifil Socheacnamaíoch**
    **- Bochtaineacht, Rátaí Cleithiúnachta, Úinéireacht Tithe ... 23**
  - **3.2.3 An Próifil Socheacnamaíoch**
    **- Fostaíocht, Sláinte, Modhanna Taistil, Leibhéil Oideachais ... 23**
- **3.3 An Córas Oideachais ... 24**
  - **3.3.1 Seirbhísí Luathoideachais agus cúraim leanaí ... 24**
  - **3.3.2 Bunscoileanna ... 24**
  - **3.3.3 Iarbhunscolaíocht ... 24**
  - **3.3.4 Tríú Leibhéal ... 24**
- **3.4 Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh ... 24**
- **3.5 Deiseanna Foghlamtha & Oideachas Aosaigh ... 25**
- **3.6 An Earnáil Ghnó is Turasóireachta ... 25**
  - **3.6.1 Turasóireacht ... 25**
  - **3.6.2 Earnáil Miondíola ... 26**

3.6.3 Fostaíocht eile - Tithe Altrannais san áireamh ........ 26
3.6.4 Mol Digiteach ... ........ 26
3.7 Na Meáin Chumarsáide ........ 26
3.8 Na Seirbhísí Poiblí ........ 27
3.9 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach ........ 28
3.9.1 Plean 2030 do Shráidbhaile Mhaigh Cuilinn ........ 29
3.10 Eagraíochtaí deonacha agus Seirbhísí don aos óg & daoine fásta ........ 30
3.11 Staid na Gaeilge ........ 31
3.11.1 Daonáireamh 2016: Cainteoirí Gaeilge in aois 3 bliana nó níos sine ........ 31
3.11.2 Gníomhaíochtaí Gaeilge ........ 33
3.12 Cúnamh ón Roinn Cultúir, Oidhreachta is Gaeltachta
agus Údarás na Gaeltachta: 2009-18 ........ 33
3.13 Tátal ........ 34
4. Ullmhú an Phlean Teanga, an Taighde & Torthaí an Taighde ........ 37
4.1 Poiblíocht agus Tús le Taighde ........ 37
4.1.1 Feachtas Feasachta i dtaobh an Phróisis Phleanála Teanga
& na Meáin Chumarsáide ........ 37
4.1.2 Ócáid Phoiblíochta ........ 37
4.1.3 Tús le Taighde ........ 38
4.1.4 Cruinnithe Míosúla ........ 39
4.1.5 An Taighde ag leanacht i 2018 ........ 39
4.2 Míreanna an taighde agus na Torthaí ........ 39
4.2.1 Ceistneoirí 2017 & 2018 ........ 39
4.2.2 Grúpaí Fócais, Aighneachtaí ........ 43
4.2.3 Suirbhéanna áitiúla eile i 2007, 2009 & 2016 ........ 45
4.2.4 Taighde Gnímh 2018-19 ........ 45
4.3 Gaeilge sa Teaghlach ........ 46
4.4 Cruinnithe Comhairliúcháin leis na Dréacht-Bhearta a chur i láthair ........ 46
4.5 Tátal ar an Réimse Taighde ........ 47
5. Mórspriocanna agus PríomhMholtaí ........ 50

6. Bearta an Phlean Teanga ........................................................................................................ 53

6.1 Struchtúr Feidhmithe an Phlean Teanga ........................................................................ 54

6.1.1 Coiste Stiúrtha LPT Mhaigh Cuilinn ....................................................................... 54

6.1.2 Oifigeach Pleanála Teanga a earcú, a cheapadh agus a oiliúint .................................... 55

6.1.3 Feasacht faoin bPlean Teanga a láithriú ón tús: Seoladh Oifigiúil a eagrú ................ 56

6.2 Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh................................ .................................. 58

6.2.1 Feachtas Feasachta chun Labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sna Teaghlaigh........ 58

6.2.2 Clár Tacaíochtaí Teanga do Theaghlaigh ................................................................. 59

6.2.3 Seirbhís Chúram Leanaí trí Ghaeilge a fhorbairt ................................ .......................... 60

6.3 Cúrsaí Oideachais (Naí-oideachas san áireamh) ............................................................ 62

6.3.1 Fóram Oideachais Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn................................ .............................. 64

6.3.2 Buanú an Oideachais lánGhaeilge sna Naíonraí agus Scoileanna atá sa SASG ........ 66

6.3.3 Tacaíocht do Scéim Ghaeilge sna Scoileanna ar fad......................................................... 67

6.3.4 Iarbhunscolaíocht trí Ghaeilge .................................................................................. 69

6.3.5 An Ghaeilge sa Naí-Oideachas a fhorbairt agus a láidriú................................................ 70

6.3.6 Oideachas fadsaoil agus Tríú Leibhéal trí Ghaeilge a fhorbairt .................................. 71

6.4 An Óige - Imeachtaí Iar-am-scoile ................................................................................. 73

6.4.1 Seirbhís Chuimsitheach Iar-am-scoile lánGhaeilge don Óige ..................................... 73

6.4.2 An Teicneolaíocht agus an Óige .................................................................................. 74

6.5 Daoine fásta, ar foghlaimeoirí iad, agus Sealbhú is Úsáid na Gaeilge ..................................... 76

6.5.1 Cabhair leanúnach do Fhoghlaimeoirí Fásta na Gaeilge ................................ ............. 76

6.5.2 Forbairt sraith ócáidí a thugann deis go daoine an Ghaeilge a úsáid. ........................ 77

6.6 An Earnáil Ghnó & Miondíola .................................................................................... 79

6.6.1 Pacáiste tacaíochta a chur ar fáil do ghnónna agus an "tairiscint ghníomhach" a fhorbairt ................................................................................................ .............................. 79

6.6.2 Seirbhís Aistriúcháin a chur ar fáil do ghnónna ................................ .......................... 80

6.7 Eagraíochtaí Pobail, Forbartha Pobail agus Comharchumainn .................................................. 82

6.7.1 An Ghaeilge a bheith láithreach agus lárnach i gcónaí sna heagrais. ......................... 82

6.8 Eagrais Spóirt, Sóisialta agus Caitheamh aimsire ................................ .................................. 83

6.8.1 Forbairt réimse imeachtaí sainspéise trí Ghaeilge. ................................ ...................... 83

6.8.2 Oiliúint i dtaobh Spreagadh na Gaeilge do Lucht Ceannais na gClubanna éagsúla don Óige .......... ........................................................................................................................ 84

6.8.3 Béim ar Chumas Tuisceana na Gaeilge ag Daoine Fásta ............................................... 85

6.9 Na Meáin Chumarsáide & Shóisialta .................................................................................................. 86

6.9.1 Gaeilge sna Meáin Chlóite agus Shóisialta i Maigh Cuilinn a mhéadú .................... 86

6.9.2 Maigh Cuilinn ar Raidió na Gaeltachta & TG4 ............................... ............................ 87

6.10 Seirbhísí Poiblí ................................................................................................. ........................ 89

6.10.1 Feasacht faoin nGaeilge i Maigh Cuilinn a ardú sna Seirbhísí Poiblí ...................... 89

6.11 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach ........................................................................................ 90

6.11.1 Gaeilge agus an Stádas Gaeltachta a chosaint sa bpleanáil fhisiceach chomh maith le háiseanna cuí poiblí a thógáil ............................... ............................... ............................ 90

6.12 Turasóireacht ............................................................................................................................ 92

6.12.1 An Ghaeilge a bheith i lár fhorbairtí nua turasóireachta i Maigh Cuilinn. .............. 92

6.13 Seirbhísí Eaglasta ............................... ............................... ............................... ................... 93

6.13.1 Gné láidir Gaeilge a bheith i searmanais rialta eaglasta agus sna sacraimintí do dhaoine óga. ............................... ............................... ............................... ............................ 93

6.14 Stair agus Oidhreacht Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn ............................... ................................ 95

6.14.1 An Oidhreacht Ghaeltachta a chaomhnú, a fhorbairt is a sheachadadh chuig na óg-ghlúnta ............................................................................................................................. 95

6.15 Staid na Gaeilge i Limistéar Mhaigh Cuilinn ..................................................................... 96

6.15.1 Cumas daoine sa Ghaeilge, Nósmhaireacht a húsáide, Dearcadh an Phobail ina leith, Tacaíocht ón Stát agus na Bearta uile á gcur i gcrích . .................................................. 96

7. Costais agus Maoiniú ................................................................................. ............................... 97

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíochta ......................................................................................... 98

8.1 Poiblíocht Leanúnach ................................................................................................................ 98

8.2 Na Meáin Thraidisiúnta agus an tIdirlíon .............................................................................. 98

8.3 Feachtais Ardaithe Feasachta .................................................................................................... 98

9. Feidhmiú agus Monatóireacht ..................................................................................................... 99

9.1 Cinntiú an Struchtúir Pleanála Teanga ..................................................................................... 99

9.2 Monatóireacht Rialta ................................................................................................................... 99

9.3 Mór-mhonatóireacht & 9.4 Comhairle Ghairmiúil agus Comh-oibriú le LPTanna eile ....... 100

Foinsí Leictreonacha & Leabharliosta ............................................................................................ 101

Aguisíní: A: Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

B: Tuairisc Taighde: Pleanáil Teanga Mhaigh Cuilinn (Nollaig 2017).

C: Nótaí ó na Cruinnithe Comhairliúcháin ar na Dréacht-Bhearta, 12-15 Samhain, 2018.

D: Executive Summary: English language version of Achoimre Fheidhmeach, leathanaigh 10-14.

E: Aighneacht Choiste Theanga Cheantair an Bhaile Nua).

## Nóta ón gCathaoirleach

Ar an 30 Aibreán 1911 aontaíodh comórtas "Óráid an chaoi do bhfearr chun cúis na Teangan do chur ar aghaidh sa bParóiste" a eagrú mar chuid d'Fheis Mhór Mhaigh Cuilinn, Feis Chonradh na Gaeilge a bhí le tionól ar 29 Meitheamh na bliana sin.

Léiriú é seo go bhfuil ceist na Gaeilge agus na pleanála teanga ina cheist bheo le fada i Maigh Cuilinn, agus léiriú freisin nach stopann ciorcal na pleanála teanga riamh.

Is breá liom go bhfuil Plean Teanga Mhaigh Cuilinn ullmhaithe agus ar fáil anois agus gabhaim buíochas le gach duine a raibh lámh ná páirt acu i mbealach ar bith sa phlean teanga agus iad siúd a chur an stró orthu féin freastal ar chruinnithe, ceistneoirí a líonadh nó páirt a ghlacadh in agallaimh nó i ngrúpaí fócais.

Sa sainmhíniú ar phleanáil teanga aithnítear próiseas nach stopann go brách agus gurb ionann é agus ciorcal leanúnach. Cinnte tá sé seo fíor i gcás Mhaigh Cuilinn, áit a bhfuil dúshlán romhainn chun dúchas traidisiúnta na Gaeilge a chosaint agus a fhorbairt agus a chinntiú go maireann an Ghaeilge mar theanga labhartha. Tá sé seo le déanamh i gceantar atá ag athrú as éadan, ina bhfuil an tsochaí athraithe, agus ag athrú, agus ina bhfuil an daonra ag méadú as cuimse. Imreoidh na nithe seo tionchar ollmhór ar an iarracht an Ghaeilge a fhás sa phobal.

Mar a léirítear sa phlean, is iomaí dúshlán atá romhainn má táimid le cinntiú go mbronntar an teanga ar an gcéad ghlúin eile agus go bhfanann sí mar chuid d'fhéiniúlacht an cheantair, ceantar a bheidh ag fás go leanúnach i dtréimhse fheidhme an phlean. Cosúil le haon phlean, beidh sé ag brath ar na hacmhainní, maoiniú san áireamh, a chuirfear ar fáil chun é a fheidhmiú. Ní mór a chur ar an taifead freisin nach mbeidh feidhmiú an phlean faoi smacht an pobal amháin, ach go mbeidh sé ag brath freisin ar institiúidí eile, institiúidí an Stáit ach go háirithe.

Mar phobal, táimid ag tabhairt faoi thréimhse chinniúnach maidir le hinmharthanacht na Gaeilge sa dúiche seo. Ceapaim go bhfuil sé fíorthábhachtach go dtugann muid faoin tréimhse seo leis an spiorad agus leis an meanma chéanna a léirigh an pobal a chuaigh romhainn, na fir agus na mná a ghlac le soiscéal Chonradh na Gaeilge ag tús an chéid seo caite agus na fir agus na mná a ghlac le soiscéal na forbartha pobail tráth ar bunaíodh Comhairle Phobal Mhaigh Cuilinn & Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn (FPMC). Tá oidhreacht againn anseo i Maigh Cuilinn atá bunaithe ar chomhar na gcomharsan, ar fhéinmheas agus bród phobal agus i dtiomantas d'fhorbairt pobail i ngach réimse den saol. Bhí, agus tá, an Ghaeilge mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht an phobail agus den oidhreacht sin. Ní féidir linn í a ligean le sruth.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh lenár gcoiste pleanála teanga, a bhfuil dua faoi leith caite acu leis an obair seo le breis agus dhá bhliain anuas. Tá buíochas ag dul do Bhord Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn agus Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn a ghlac an cúram mar cheanneagraíocht chucu féin. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht fhial a fuair muid ó fhoireann Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn Cultúir, Oidhreachta is Gaeltachta. Níl aon amhras ach go bhfuil muid go mór faoi chomaoin ár bpleanálaí teanga Mait Ó Brádaigh. Chuir a thuiscint agus a mheas ar obair na Gaeilge agus obair phobail i Maigh Cuilinn go mór leis an bplean teanga seo.

Táimid réidh anois leanúint leis an obair. Tá fáilte roimh chách a bheith páirteach linn.

Peadar Mac Fhlannchadha,

Cathaoirleach,

Aibreán, 2019.

## Noda

| Acrainm | Ainm |
|---|---|
| BOOG&RC | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin |
| CLCG | Cumann LúthChleas Gael |
| CLG | Cainteoirí Laethúla Gaeilge (sna Daonáirimh: daoine 3 bliana + a labhraíonn Gaeilge gach lá, lasmuigh den chóras oideachais) |
| CNNG | Comhar Naíonraí na Gaeltachta |
| CS (GMC) | Coiste Stiúrtha (Gaeilge Mhaigh Cuilinn) |
| FPMC | Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn |
| ICL | Ionad Cúraim Leanaí |
| LPT | Limistéar Pleanála Teanga |
| ÓnaG | Óige na Gaeltachta |
| OÉG | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| OPT | Oifigeach Pleanála Teanga |
| POG | Polasaí don Oideachas Gaeltachta |
| POS | PríomhOifig Staidrimh |
| RCOG | An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta |
| RGCS | Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| RnaG | Raidió na Gaeltachta |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| S20B | Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: 2010-2030. |
| SASG | Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta |
| SCT | Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007) |
| SLG | Scéim Labhairt na Gaeilge |
| SnaG | Seachtain na Gaeilge |
| ÚnaG | Údarás na Gaeltachta |

## Liosta na dTáblaí

**Tábla a 1: Daonra Mhaigh Cuilinn ó 2002 go 2016** ...................................................................................

**Tábla a 2: Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge 2016** ................................................................

**Tábla a 3: Maigh Cuilinn - Figiúirí de réir Aoise** ...................................................................

**Tábla a 4: Athruithe i Líon na gCainteoirí Laethúla sa Spidéal, Maigh Cuilinn, na Forbacha agus Bearna 2011 go 2016.** ................................................................ ...............................................

**Tábla a 5: Caiteachas Roinn Cultúir, Oidhreachta is Gaeltachta i Maigh Cuilinn 2009-2018** ....

**Tábla a 6: Caiteachas Údarás na Gaeltachta ar thograí fostaíochta i Maigh Cuilinn 2008-2017..**



**Maigh Cuilinn ón aer ón taobh ó thuaidh ag breathnú soir ó dheas.**

## Buíochas

Tá an Coiste thar a bheith buíoch de gach duine a chabhraigh le hullmhú Plean Teanga Mhaigh Cuilinn.

*Bunscoileanna*: Scoil an Bhaile Nua; Scoil Mhuire; Scoil Thuairiní; Scoil Thulach Uí Chadhain.

Centra; Clíodhna Ní Dhabhoráin agus foireann an Champa Samhraidh; Conamara Journal; Connacht Tribune & Séamus Ó Gabháin; Cumann Siúlóide Mhaigh Cuilinn; Eibhlín Ní Cheallaigh.

*Foireann Áras na nGael*: Caoimhe Ní Ghriallais; Laurie Moran.

*Foireann Árus Uilinn*: Máire Áine Ní Fhéinneadh; Eugene Jordan; Sinéad Caulfield; Martha McDonagh.

*Foireann Údarás na Gaeltachta*: Siubhán Nic Grianna; Gráinne Ní Choisdealbha; Hannah Ní Dhoimhín agus iarfhostaithe - Tadhg Ó Conghaile, Pádraic Ó Conghaile agus Bríd Ní Chualáin.

*Féasta Sráide*: Eagraíodh an Féasta Sráide faoi chúram mheitheal oibre an Choiste, Julie Ann de Brún, Bríd Ní Chonghaile, Áine Ní Ógartaigh agus Deirdre de Sousa le tacaíocht bhaill eile an Choiste agus: Noel & foireann an Coach House; O'Toole Transport; Pádraic Davoren; Liam Hynes; Charlie Hosty; Regan's Bar; Pearl Ó Cháinte; Laoise Ní Cháinte; Áine Ní Cháinte; Sarah Melia; Helen Mullarkey; Séamus Ó Fatharta; Siopa Leabhar Mhaigh Cuilinn; Pastime Chonamara; Tadhg Mac Dhonnagáin & Futa Fata; Mary Carr & Ann Dunne, White Gables; Maureen Hackett; Eileen Dooley; Maureen Cox; Aisling Sweeney; Karen Eliffe; James Regan; Bernie Ní Chonghaile; Aimee Banks; Comhaltas Mhaigh Cuilinn; Scoil Rince Arlene Cooke; Scoil Rince Bhláthnaid Folan; Méadhbh Ní Chualáin; Fionn Ó Cualáin; Maura Hynes; Sweeney Oil; Páirc Fheirme Leamhchoill; Lydon Carpets; Oireachtas na Gaeilge.

Forge Bar; Galway Advertiser; Galway Bay FM; Galway Daily; Glór Chonamara; Harry Bo Design.

*Iarbhunscoileanna*: Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal; Coláiste na Coiribe; Coláiste na nDoiminiceach; Coláiste Éanna; Coláiste Iognáid; Coláiste Mhuire, Coláiste Salerno; Meánscoil Mhuire; Scoil Naomh Seosaimh; Scoil Naomh Póil, Uachtar Ard;

Irene Cummins; Jimí Mac Fhlannchadha; Noel Thomas; Moycullen Matters; Oifig an Pharóiste & An tAthair Michael McLoughlin; Raidió na Gaeltachta; Seán Kyne TD; Siobhán Nic Fhlannchadha; SuperValu; TG4; Tuairisc.ie; Ursula Ní Shabhaois & a comhlacht, Cinnteacht.

Táimid go mór faoi chomaoin phobal Mhaigh Cuilinn agus na heagraíochtaí deonacha a ghlac páirt sa phróiseas taighde agus comhairliúcháin. Glacann muid buíochas freisin le gach duine a d'fhreastal ar na cruinnithe comhairliúchán poiblí a eagraíodh i Scoil Bhríde, Tulach Uí Chadhain, Scoil Cholmáin, Tuairíní, Teach na Gaeilge agus Scoil an Bhaile Nua. Tá buíochas faoi leith ag dul go Danny Ezergailis as an obair aistriúcháin a rinne sé agus an plean seo á ullmhú.




Cuireadh chuig Seisiún Eolais Pobail (Meith., 2017) i Maigh Cuilinn ag tús phróiseas ullmhúcháin an Phlean seo.

# ACHOIMRE FEIDHMEACH

*English version of Executive Summary in Aguisín D.*

**Comhthéacs**

Léiríodh sa Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) (Ó Giollagáin et al., 2007), an meath suntasach ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht. Mar fhreagra ar na torthaí seo, agus torthaí eile, d'fhoilsigh an rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (S20B) (Rialtas na hÉireann, 2010) agus síníodh Acht na Gaeltachta 2012 mar dlí chun feidhm reachtúil a thabhairt do chuid de spriocanna na Straitéise.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, roinneadh an Ghaeltacht ina 26 Limistéir Phleanála Teanga (LPT) agus b'éigean don phobal i ngach LPT plean teanga a ullmhú chun an Ghaeilge a neartú mar theanga pobail sa cheantar. Ullmhaíodh an Plean seo do LPT Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn de réir fhorálacha an Achta.

**Cúlra**

Sa bhliain 2017, bhunaigh Conradh na Gaeilge agus Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Gaeilge Mhaigh Cuilinn agus ansin ceapadh an eagraíocht ina ceanneagraíocht do LPT Mhaigh Cuilinn, agus bheadh freagracht ar an gceanneagraíocht sin an plean teanga a ullmhú. Bhí cruinniú míosúil ag coiste, Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn (GMC), ar feadh dhá bhliain ina dhiaidh sin go dtí Márta na bliana 2019. Le cabhair ó Ursula Ní Shabhaois agus ó Mhait Ó Brádaigh, comhairleoirí pleanála teanga, rinneadh taighde agus cineálacha éagsúla suirbhéanna i dtaca le staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn agus leis na meoin ina leith.

**Limistéar Pleanála Teanga Mhaigh Cuilinn**

**(a) Topagrafaíocht agus Daonra**

Tá an chuid is mó de pharóiste Mhaigh Cuilinn sa Ghaeltacht, cé is moite de 6-7 gcinn de bhailte fearainn (nó codanna díobh) a bhformhór ó thuaidh timpeall ar Thulach Mhic Aodháin.

De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, tá daonra de 4,470 san LPT. Léiríonn figiúirí Daonáirimh gur tháinig ardú thart ar 18% ar an daonra san LPT le deich mbliana (2006-2016). Léirítear i dtuairisc nua shoch-eacnamaíochta ón Seanadóir Pádraic Ó Céidigh (2018) go bhfuil ag éirí níos fearr le Maigh Cuilinn ó thaobh na heacnamaíochta de ná na ceantair eile níos faide siar i gConamara atá níos láidre ó thaobh na teanga de. Tugtar le fios ann go dtéann roinnt mhaith de dhaonra an cheantair isteach chuig Cathair na Gaillimhe chun na hoibre, atá ar tí í féin a bheith ina "Baile Seirbhíse Gaeltachta". Mar shampla eile den stádas ard soch-eacnamaíochta, tá cáilíocht den tríú leibhéal ag beagnach 50% den daonra.

**(b) An Ghaeilge**

Tá Maigh Cuilinn i gceantar Gaeltachta ar a dtugtar Gaeltacht i gCatagóir C (de réir an SCT) agus tá na ceantair atá níos láidre ó thaobh na teanga de i gCatagóir A agus B. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an daonra san LPT le blianta beaga anuas, léiríonn figiúirí sa daonáireamh go bhfuil laghdú tagtha ar an gcéatadán le cumas i nGaeilge, chomh maith leis an líon agus leis an gcéatadán daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá ón mbliain 2011. Sa Daonáireamh ón mbliain 2016, thug 62% den daonra le fios go raibh cumas acu sa Ghaeilge (66% sa bhliain 2011), agus thug 7%, ar an meán, le fios gur labhair siad an Ghaeilge gach lá taobh amuigh den chóras oideachais (8.4% sa bhliain 2011). Méadaíonn sé seo go dtí 12% de dhaoine níos sine ná 65 agus i gceantar an Bhaile Nua agus ansin laghdaíonn sé go dtí 3.3% i measc déagóirí. Mar sin féin, tá an meán a cheithre oiread níos airde ná an leibhéal náisiúnta. Meastar go bhfuil 670 duine atá líofa go maith sa cheantar; is as na ceantair Ghaeltachta i gCatagóir A cuid mhaith díobh ó dhúchas. É sin ráite, tá 50% nó níos mó den 670 sin nach labhraíonn an Ghaeilge ach ar bhonn seachtainiúil.

Tá an meath céanna le feiceáil, 8 - 12%, ó 2011 go dtí 2016 sna ceantair eile ar fad idir Cathair na Gaillimhe agus an phríomh-Ghaeltacht siar ón Spidéal. Tá líon beag teaghlach ann ina labhraítear Gaeilge amháin nó Gaeilge don chuid is mó le páistí.

**An Córas Oideachais**

Is é Naíonra Mhaigh Cuilinn an t-aon naíonra san LPT a reáchtáiltear trí Ghaeilge. As na 4 bhunscoil atá lonnaithe san LPT níor chuir ach Scoil an Bhaile Nua isteach ar an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta (SASG) faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-22. Níl aon mheánscoil lonnaithe san LPT, agus freastalaíonn scoláirí ar thart ar 10-12 scoil lena n-áirítear 2 scoil san SASG. Freastalaíonn roinnt mhaith scoláirí sa cheantar ar OÉ Gaillimh/Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus ar institiúidí eile. Déantar freastal ar fhoghlaim do dhaoine fásta in Ionad Breisoideachais de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, sa cheantar - rang beag Gaeilge agus ranganna deonacha éagsúla.

**Gníomhaíochtaí Teanga Eile**

Tá a bhformhór lonnaithe i dTeach na Gaeilge, a tógadh sa bhliain 2011 le hoibrithe deonacha áitiúla. Chomh maith le Conradh na Gaeilge agus Gaeilge Mhaigh Cuilinn, tá club óige, grúpa do thuismitheoirí agus do naíonáin, rang Gaeilge do dhaoine fásta, campa samhraidh a n-éiríonn go maith leis agus imeachtaí eile lonnaithe ann. Reáchtálann Aisteoirí an Bhaile agus roinnt grúpaí eile imeachtaí trí Ghaeilge go rialta. Tá próifíl íseal ag Roinn na Gaeltachta agus ag Údarás na Gaeltachta sa cheantar, agus caitheann siad airgead sách beag ann.

**Seirbhísí Áitiúla**

Tá roinnt ionad miondíola i Maigh Cuilinn, dhá ollmhargadh agus tá deontais faighte ag roinnt fiontar beaga fostaíochta ó Údarás na Gaeltachta ón mbliain 2008 i leith. Tá óstáin agus seirbhísí baincéireachta easnamhach. Cuireann 2 Theach Altranais go leor fostaíochta ar fáil.

**Spórt / Gníomhaíochtaí Fóillíochta Eile agus Pleanáil**

Tá breis is 50 grúpa sa cheantar atá gníomhach san earnáil dheonach a chlúdaíonn réimse leathan spéiseanna. Glacann CLCG Mhaigh Cuilinn páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta, reáchtáil an club áitiúil na cluichí ceannais náisiúnta sa bhliain 2014 agus tá siad chun Comórtas na Gaillimhe a reáchtáil sa bhliain 2020. Áirítear Gairdín Bhríde, Páirc Feirme Leamhchoille agus bealaí glasa agus gorma atá beartaithe agus gníomhaíochtaí eachtraíochta eile mar ghníomhaíochtaí turasóireachta. Tá cead pleanála faighte do bhreis is 350 teach nua a mbeidh méadú suntasach eile ar an daonra mar thoradh air. Tá seachbhóthar beartaithe don bhaile agus coinneofar 20% d'eastáit nua thithíochta do Ghaeilgeoirí.

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Cathair na Gaillimhe**

Tá an chathair i gcroílár an tsaoil i Maigh Cuilinn agus tá plean teanga á ullmhú don chathair faoi láthair ar cheart go dtacóidh sé leis an bplean áitiúil.

**An Plean Teanga a Ullmhú**

Agus an plean teanga á ullmhú, reáchtáladh feachtas comhordaithe feasachta chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas, chun díospóireacht ar cheisteanna teanga a chothú san LPT agus chun an pobal áitiúil a ghríosadh chun a bheith páirteach sa taighde agus chun tionchar a imirt ar an bplean.

Rinneadh an lógó atá ag Gaeilge Mhaigh Cuilinn a fhorbairt go luath sa phróiseas agus bhí sé le feiceáil go soiléir ar na ceistneoirí ar fad agus ar ábhar eile a úsáideadh sa taighde agus chuidigh sé seo leis an gcoiste feasacht ar an bpróiseas a ardú. Rinne na comhairleoirí pleanála teanga anailís ar na torthaí a bhí ar an taighde idir Meán Fómhair 2017 agus Iúil 2018.

Rinneadh 7 gceistneoir a scaipeadh ar thuismitheoirí, daltaí bunscoile níos sine agus na daltaí meánscoile ar fad chomh maith le roinnt daoine fásta a roghnaíodh go randamach. Thapaigh go leor daoine an deis chun tuilleadh a rá nuair a tugadh an deis sin dóibh. Rinneadh ceistneoir eile a scaipeadh ar eagraíochtaí sóisialta agus fuarthas roinnt aighneachtaí scríofa ó ghrúpaí éagsúla freisin. Eagraíodh grúpaí fócais do cheannairí an Champa Samhraidh, do phríomhoidí na mbunscoileanna agus reáchtáladh 4 chruinniú comhairliúcháin i Mí na Samhna 2018.

Mar Thaighde Gníomhach (gníomhaíochtaí féideartha a thriail) reáchtáladh An Féasta Sráide ar an 9 Meitheamh 2018 agus tá tús curtha le comhoibriú i dtaca le siúlóid threoraithe dhátheangach sa cheantar. Tugadh san áireamh freisin na suirbhéanna a rinneadh cheanna sna blianta 2007 agus 2009.

**Torthaí ar an Taighde**

Leanann na torthaí ar an taighde a rinneadh agus an plean teanga seo á ullmhú an pátrún céanna atá ann go náisiúnta agus sa Ghaeltacht: léiríonn na torthaí ón bpobal i gcoitinne agus ó na sainghrúpaí ar leith meon dearfach i leith na Gaeilge agus i leith an phróisis phleanála teanga san LPT, agus léiríonn taighde i measc daltaí scoile, ach go háirithe, suim réasúnta láidir in imeachtaí agus gníomhaíochtaí Gaeilge. Cé go bhfuil tacaíocht láidir don tábhacht a bhaineann le stádas Gaeltachta léirigh líon beag daoine an tuairim nach bhfuil sé chomh tábhachtach sin.

Rinneadh moltaí thar réimse leathan topaicí: An Teaghlach agus Cúram Leanaí: Gníomhaíochtaí don Óige; Scoileanna agus Réamh-scoileanna; Foghlaimeoirí Fásta na Gaeilge; Siopaí agus an Ghaeilge; Eagraíochtaí Sóisialta; an ról atá ag Cathair na Gaillimhe; TG4, RnaG agus na meáin; agus tuilleadh lena chois.

Tá féidearthachtaí ann chun an meon dearfach, na grúpaí Gaeilge atá ann cheana féin agus gníomhaíochtaí leanúnacha a neartú. Cé nár roghnaigh ach scoil amháin stádas Gaeltachta a bheith acu (agus tabharfaidh an Coiste Stiúrtha gach tacaíocht dóibh gur féidir leis), is mian le gach scoil a bheith rannpháirteach i bhFóram Gaeilge do Scoileanna, a mbeadh clár bliantúil i gceist leis d'imeachtaí sna scoileanna agus d'imeachtaí sa pharóiste, a dhíríonn ar chumas Gaeilge na ndaltaí a choinneáil ag leibhéal líofachta atá inúsáide in imeachtaí iar-am-scoile. Tá féidearthachtaí forbartha ann i Maigh Cuilinn mar go bhfuil sé chomh gar do phríomh-Ghaeltacht Chonamara agus tá na healaíona Gaeltachta láidir ann. Le breis is 60% agus cumas Gaeilge acu, agus beagnach 700 sách líofa, tá féidearthachtaí ann chun go leor imeachtaí nua a reáchtáil trí Ghaeilge. Léiríonn an rath atá ar an gCampa Samhraidh rudaí eile a d'fhéadfaí a dhéanamh don óige. Cé go mb'fhéidir nach mbíonn ach deiseanna teoranta ag déagóirí chun an Ghaeilge a úsáid léiríonn an cumas ard atá acu (88%) go bhfuil éileamh ann do ghníomhaíochtaí labhartha. Mar gheall ar an obair leanúnach a dhéanann Conradh na Gaeilge, tá traidisiún ann go bhfoghlaimíonn daoine fásta Gaeilge timpeall na bliana ar fad.

Ach, tá dúshláin ann freisin, lena n-áirítear dul i ngleic leis an easpa réimse deiseanna do Ghaeilgeoirí comhrá a dhéanamh go ginearálta, mar is minic nach mbíonn aithne ag Gaeilgeoirí líofa agus Gaeilgeoirí nach bhfuil chomh líofa sin ar a chéile. Chomh maith leis sin caitheann daoine an oiread sin ama i nGaillimh agus ag taisteal idir an baile agus an obair agus nach mbíonn mórán amá fágtha acu. Aithnítear freisin go ndearna daoine fásta iarracht an Ghaeilge a (ath)fhoghlaim sna blianta a caitheadh, ach níor éirigh leo greim ar an teanga a bhreith leo go sásúil agus bhraith siad nach raibh tacaíocht acu.

Níl eolas go forleathan céard iad na buntáistí a bhainean leis an dátheangachas ná níl eolas ag mórán go bhfuil sé i bhfad níos éasca an Ghaeilge a shealbhú agus duine óg trí chláir thumoideachais. Ní fios ach an oiread nach gcuireann cláir mar seo isteach ar chor ar bith ar chumas Béarla. Freisin, níl sé de nós ag tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid sa bhaile mar gheall, b'fhéidir, go mbraitheann siad nach mbeidh tacaíocht acu má dhéanann siad iarracht sin a dhéanamh. Is dúshlán breise é go bhfuil an Ghaeilge lag sa réimse cúram leanaí agus nach bhfuil ach naíonra amháin sa cheantar. Chomh maith leis sin, ní chloistear an Ghaeilge go minic sna tithe tabhairne, sna siopaí srl ná sna seirbhísí poiblí.

**Achoimre ar na Príomh-Mholtaí sa Phlean Teanga**

**A. An Plean Teanga a Chur i bhFeidhm**

- Struchtúr a réiteach a chinnteoidh go gcuirfear i bhfeidhm an plean teanga ar bhealach éifeachtach.
- Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a earcú, a fhostú agus a chur i láthair an phobail. Duine a bheidh ag obair faoi stiúir Choiste Stiúrtha Ghaeilge Mhaigh Cuilinn agus a bheidh freagrach as na moltaí atá sa phlean teanga a chur i bhfeidhm.
- Go ginearálta, feasacht ar an dátheangachas agus ar an oideachas dátheangach a ardú, ról na Gaeilge inár bhféiniúlacht mar phobal agus an próiseas pleanála teanga a fhorbairt agus pointe teagmhála a chur ar fáil don phobal.
- Achoimre a dhéanamh ar Phlean Teanga Mhaigh Cuilinn i leabhrán dátheangach a bheas ar fáil do gach teaghlach.
- Stocaireacht a dhéanamh chun cothrom na féinne a fháil i dtaca le hacmhainní ó Roinn na Gaeltachta agus ó Údarás na Gaeltachta lena n-áirítear áiseanna pobail.

**B. An Ghaeilge sa Bhaile agus san Earnáil Cúram Leanaí**

Déanfar gach iarracht tacú le tuismitheoirí a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile, trí ghrúpaí tacaíochta áitiúla agus gníomhaíochtaí a eagrú ach freisin trí leas a bhaint as seirbhísí "Tuismitheoirí na Gaeltachta" agus scéimeanna tacaíochta Roinn na Gaeltachta mar shampla pacáistí eolais, agus stocaireacht le Limistéir Phleanála Teanga eile chun Scéim Labhairt na Gaeilge a thabhairt ar ais, ar chuir Roinn na Gaeltachta deireadh leis sa bhliain 2011.

Tabharfar tacaíocht do naíolanna cúram trí Ghaeilge a chur ar fáil ach freisin le linn tréimhse an phlean déanfar obair leis na páirtithe leasmhara ar fad i dtaca leis na féidearthachtaí atá ann chun Ionad Cúram Leanaí a chur ar fáil trí Ghaeilge do pháistí ar gach aois.

**C. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luath-oideachais)**

Tacú le gach scoil chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tacaíocht dheontais más féidir agus cabhrú chun imeachtaí bliantúla uile-pharóiste a eagrú trí Fhóram Scoileanna. Tá dualgais faoi Chritéar 9 den Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta le comhlíonadh i dtaca le haon scoil a chuireann isteach ar an scéim.

Oibriú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) ag tacú leis an Naíonra atá ann cheana féin, cinn eile a bhunú agus an Ghaeilge a chur chun cinn sna réamh-scoileanna.

Meánscolaíocht trí Ghaeilge de réir na gcleachtas is fearr a chur ar fáil i Maigh Cuilinn. Socrúcháin oibre a éascú do mhic léinn den dara leibhéal agus den tríú leibhéal trí Ghaeilge go háitiúil.

Deiseanna foghlama fadsaoil agus cúrsaí oideachais for-rochtana a bheith ar fáil i nGaeilge, a thacaíonn leis na spriocanna thíos d'fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge.

**D. Gníomhaíochtaí don Óige trí Ghaeilge**

Seirbhís chuimsitheach iar-scoile don óige trí Ghaeilge a thosú, bunaithe ar an gcoincheap 'tearmann teanga.' Tabharfaidh an tOifigeach Pleanála Teanga túsáite don chuid seo den Phlean Teanga. Cuirfear acmhainní ar fáil ionas go gcuirfidh oibrithe óige atá oilte agus díograiseach cabhair ar fáil do theaghlaigh i dtaca le réimse imeachtaí iarscoile cuí a eagrú. Leagfar béim ar shealbhú agus ar úsáid na teanga.

Maidir le gníomhaíochtaí Gaeilge a eagraíonn grúpaí óige (lena n-áirítear spórt) tacófar leis seo trí oiliúint a chur ar fáil d'oiliúnaithe i dtaca leis an gcaoi le seisiúin a reáchtáil as Gaeilge.

**E. Foghlaimeoirí Fásta na Gaeilge**

Cuirfear tacaíocht chuimsitheach, leanúnach ilghnéitheach ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta na Gaeilge. Ní hamháin go dtógfaidh na cláir ar na ranganna traidisiúnta ach cuirfear ciorcail chomhrá, meantóirí, aipeanna agus tuilleadh leo. Ina theannta sin beartaítear méadú a chur ar na deiseanna atá ag foghlaimeoirí a gcuid Gaeilge a úsáid i gcúrsaí sóisialta le cabhair ón bpobal lena n-áirítear cainteoirí níos sine agus cainteoirí atá ar scor ón obair lán-aimseartha.

**F. Oidhreacht Gaeltachta Theangeolaíochta agus Béil Mhaigh Cuilinn lena n-áirítear Scríbheoirí, Amhránaithe, srl**

Beartaítear tabhairt faoi ábhar a bhailiú agus a chartlannú trí chainteoirí, scríbhneoirí, ealaíontóirí agus amhránaithe a thaifeadadh ar chlostéipeanna agus ar fhístéipeanna.

**G. Eile:**

Maidir le Turasóireacht go mbeadh an Ghaeilge mar chuid den taithí ar an mBealach Glas/ar an mBealach Gorm chomh maith le Teach na Gaeilge a chuirfidh taithí Ealaíona Gaeltachta agus Gaeilge ar fáil sa samhradh le fostaithe óga. Freisin, go leanann tarraingtí turasóireachta atá ann cheana féin ar aghaidh ag soláthar cuairteanna trí Ghaeilge, go háirithe do ghrúpaí scoile. Maidir le Seirbhísí (Siopaí, Seirbhísí Poiblí, srl) leagfar béim ar dtús ar Sheachtain na Gaeilge ach déanfar an bhéim a leathnú ionas go mbeidh fáilte roimh an nGaeilge agus go dtabharfar freagra uirthi chomh mór agus is féidir. Maidir le Pleanáil beartaítear, mar gheall ar líon na gcainteoirí Gaeilge a bhfuil cónaí orthu i Maigh Cuilinn, agus chomh gar is atá sé do phríomh-Ghaeltacht Chonamara, go méadóidh an Chomhairle Contae céatadán na dtithe a choinneofar do Ghaeilgeoirí, idir áitiúil agus eile, in eastáit nua go dtí 33.3%. Iarrfar ar gach eagraíocht shóisialta do dhaoine fásta, cosúil leis na heagraíochtaí don óige, clár bliantúil a reáchtáil d'imeachtaí trí Ghaeilge agus tabharfar tacaíocht dóibh i dtaca le téarmaíocht, aistriúchán agus ar bhealaí eile. Freisin, luaigh na daoine a thug freagra ar an suirbhé go bhfuil gá le tuilleadh Gaeilge ag Seirbhísí Eaglasta agus arís is féidir cabhair a chur ar fáil. Maidir leis na meáin, iarrfar ar RnaG agus ar TG4 Maigh Cuilinn a chlúdach níos minicí ach freisin iarrfar orthu freastail ar fhoghlaimeoirí ar bhealach níos réamhghníomhaí. Tá meath tagtha ar na meáin chlóite i nGaeilge go háitiúil agus go náisiúnta ach caithfear dul i ngleic leis seo mar maítear le fada an lá go dtacaíonn léamh na Gaeilge le cumas labhartha agus le húsáid.

**Costais Airgeadais, Monatóireacht agus Poiblíocht:** Pléitear na gnéithe ar fad thuas sa phlean, go háirithe an bealach a gcaithfear an deontas measta de €100,000 in aghaidh na bliana.



# 1 Cúlra an Phróiseas Pleanála Teanga

Eascraíonn an plean teanga seo ón Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 inar sonraíodh gurbh é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge go méadófaí ar úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail ar bhonn céimiúil. Leagadh amach sa Straitéis go ndéanfaí forbairt ar chóras cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa Ghaeltacht chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga pobail. Le struchtúr feidhmithe a thabhairt don Straitéis, achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012. Tugann an tAcht feidhm reachtúil don Phróiseas Pleanála Teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhféadfaí aitheantas a thabhairt dóibh faoin Acht mar Limistéir Phleanála Teanga (LPT) Gaeltachta. Chuige sin tá an Ghaeltacht anois roinnte i 26 Limistéar Pleanála Teanga[1] agus tá plean teanga le réiteach i ngach Limistéar. Faoin Acht beidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéar thíreolaíoch faoi mar a bhí go dtí seo.

Rinne an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D., na chéad fhógraí i dtaca leis na Limistéir Phleanála Teanga i Mí na Nollag 2013 . An cur chuige a bhí ann ná deis a thabhairt d'eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid ÚnaG le plean teanga comhtháite seacht mbliana a ullmhú don LPT. Ba é ÚnaG a bhí freagrach as eagraíocht (Ceanneagraíocht) pleanála teanga a roghnú le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Roghnaigh an tÚdarás Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn, a stiúraíonn cúrsaí forbartha pobail sa cheantar agus a fhaigheann deontas i gcabhair ó ÚnaG, agus craobh áitiúil seanbhunaithe Chonradh na Gaeilge le n-oibriú le chéile mar cheanneagraíocht. Tá seanchleachtas ag an dá eagras a bheith ag obair i bpáirt le chéile agus is é Gaeilge Mhaigh Cuilinn (GMC) a tugadh ar an bpáirtnéireacht mar cheanneagraíocht le plean teanga a ullmhú[2]. Shínigh Coiste Stiúrtha (CS (GMC)) na ceanneagraíochta comhaontú leis an Údarás ar an 31 Márta, 2017 agus cuireadh maoiniú ar fáil dá réir chun plean teanga a réiteach thar thréimhse suas le dhá bhliain.

In Acht na Gaeltachta, 2012 sonraíodh go mbeadh aird ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar chritéir phleanála teanga chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta.

Tá an Coiste Stiúrtha buíoch den Údarás as an tacaíocht leanúnach a chur siad ar fáil agus an plean á réiteach, buíoch freisin as ucht sheirbhísí Bhríd Ní Chualáin is Hannah Ní Dhoimhín ón Údaras agus a thug an-chúnamh leis an réiteach don phlean teanga. Faoi stiúir ÚnaG eagraíodh ceardlanna pleanála teanga, idir cheardlanna náisiúnta agus cheardlanna réigiúnacha, chun deis a thabhairt do cheanneagraíochtaí foghlaim faoi chomhcheisteanna maidir leis an bpróiseas pleanála teanga agus freisin le comhairle a fháil ó shaineolaithe i réimse éagsúla den phleanáil teanga.

[1] Treoirlínte Pleanála Teanga ar fáil ag http://www.udaras.ie/treoirlinte-pleanala-teanga/.

[2] Mínitear an gaol idir an dá eagras i Míreanna a 2.1 - 2.3.

# 2 Sonraí na Ceanneagraíochta

## 2.1 Gaeilge Mhaigh Cuilinn

Gaeilge Mhaigh Cuilinn (GMC) an ceanneagraíocht a bhí i mbun Phlean Teanga Mhaigh Cuilinn a ullmhú. Is comhchoiste deonach é Gaeilge Mhaigh Cuilinn a bunaíodh go sonrach chun tabhairt faoin obair seo agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn agus Craobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge. Cheap Údarás na Gaeltachta an Coiste in Earrach na bliana 2017 chun an plean a ullmhú i gcomhar leis an bpobal agus na páirtithe ar fad atá gníomhach sa phobal. In Eanáir na bliana 2018 cheap an Coiste Mait Ó Brádaigh mar chomhairleoir pleanála teanga don choiste.

## 2.2 Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn

Bunaíodh Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. (uimhir chláraithe 146396) sa bhliain 1989 mar chomhlacht faoi theorainn ráthaíochta gan scair chaipiteal.
D'eascair an Comhlacht ó Chomhairle Phobail Mhaigh Cuilinn, eagraíocht neamhchorpartha a bhí gníomhach sa pharóiste óna luath seachtóidí.
Is eagraíocht neamhbhrabúsach é Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn (FPMC) agus bronnadh stádas carthanachta air sa bhliain 1997, uimhir charthanachta CHY 12877.
Tá Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. ina eagraíocht ionadaíoch dheonach ar a bhfuil ballraíocht oscailte do gach duine i bpobal Mhaigh Cuilinn atá os cionn aois vótála. Chomh maith leis an mballraíocht aonair déanann an eagraíocht ionadaíocht ar bhreis agus 50 cumann agus club sa pharóiste. Feidhmíonn sé mar phointe teagmhála lárnach don phobal ina iomláine.
Toghtar bord stiúrthóirí ó bhallraíocht an Chomhlachta agus fanann an Bord sin i bhfeidhm ar feadh thréimhse dhá bhliain.
Feidhmíonn na stiúrthóirí mar choiste bainistíochta an Chomhlachta agus tionóltar cruinnithe rialta den Choiste seo.
Sa bhreis ar ghnáth chruinnithe an Chomhlachta eagraítear cruinnithe poiblí de réir mar a thagann ceisteanna faoi leith chun tosaigh sa phobal.

### Aidhmeanna

Forbairt sa phobal – ina measc: cúrsaí sóisialta, teanga agus cultúir, comhshaoil, geilleagar, spóirt, áiseanna agus gníomhaíochtaí pobail de gach saghas. Déantar é seo i gcomhar leis an bpobal áitiúil, cumainn áitiúla, lucht gnó, forbróirí, Comhairle Contae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta, FÁS agus áisíneachtaí stáit eile.

### Foireann

Tá Bainisteoir lánaimseartha ag an gcomhlacht a oibríonn 3 lá sa tseachtain faoi scéim mhaoinithe Údarás na Gaeltachta, tá beirt fostaithe ar bhun páirtaimseartha ag an gcomhlacht trí scéim fhostaíocht pobail i gcomhar le FÁS agus tá triúr fostaithe faoin scéim Shóisialta Tuaithe.

### Réimse Gníomhaíochta

Tá Oifig Phobail á reáchtáil in Árus Uilinn, oifig a fheidhmíonn mar ionad eolais agus a chuireann réimse seirbhísí ar fáil don phobal chomh maith, ina measc rúnaíochta agus bainistíochta don nuachtlitir áitiúil. Reáchtálann an Comhlacht Árus Uilinn (agus Halla Scoil Mhuire Maigh Cuilinn i ndiaidh am scoile) mar ionad phobail don cheantar. Baineann riar mór grúpaí úsáid as Áras Uilinn nó an halla scoile go rialta nó ar bhonn ócáideach. I 2018-19 bhain 56 eagraíocht/coiste/ grúpa úsáid as na háiseanna seo.

**Forbairt infreastruchtúr sa pharóiste**

Tá seilbh ag an gcomhlacht ar 21 acra talún i gCoill Chill Ráine ar léas 999 bliain ón eagraíocht Coillte. Tá an talamh seo, atá ar imeall an sráidbhaile, buailte le 3.1 acra eile ar a bhfuil úinéireacht ghlan ag an gcomhlacht. Bhí síniú an chomhaontú seo mar thoradh ar chomhráití a lean breis agus deich mbliana le Coillte agus tréimhse inár rinneadh athzonáil ar an suíomh le go mbeadh cead é a úsáid ar mhaithe le cúrsaí pobail agus forbartha. Mar thoradh ar shuirbhé cuimsitheach ar mhianta an phobail maidir le riachtanais infreastruchtúr an pharóiste aithníodh gurb é forbairt ionad pobail an príomhéileamh a bhí ag an bpobal. Tá an comhlacht ag obair le grúpaí eile sa phobal chun an sprioc seo a bhaint amach.

**2.3 Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn**

Bunaíodh Craobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1899 agus tá sé ag feidhmiú nach mór gan briseadh ó shin, rud a léiríonn tacaíocht leanúnach don Ghaeilge sa phobal. Feidhmíonn an Chraobh faoi Bhunreacht an Chonartha. Tá ballraíocht na heagraíochta oscailte d'aon duine sa phobal ar spéis leo cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar. Toghtar Oifigigh agus Coiste ag cruinniú cinn bliana na heagraíochta agus feidhmíonn an Coiste mar struchtúr bainistíochta an Chonartha.

Feidhmíonn an Chraobh chun a chlár oibre a chur i gcrích ag obair i gcóir le grúpaí agus eagraíochtaí eile laistigh agus lasmuigh den pharóiste. Cuirtear an-bhéim le hobair a dhéanamh le réimse leathan grúpaí ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal. Mar aonad de Chonradh na Gaeilge glacann an Chraobh páirt lárnach i gclár oibre náisiúnta an Chonartha.

Tionóltar cruinnithe agus gníomhaíochtaí eile i dTeach na Gaeilge, lárionad Gaeilge an pharóiste. Is foirgneamh de chuid na Craoibhe é Teach na Gaeilge, ionad a tógadh ar bhun obair dheonach ag baill agus cairde na Craoibhe agus gan cúnamh stáit. Níl aon fhoireann lánaimseartha ag an gCraobh ach fostaítear daoine mar is gá chun eilimintí éagsúla d'obair na Craoibhe a chur i gcrích, mar shampla, múinteoirí agus cúntóirí do na Campaí Samhraidh, Cúntóirí do na Clubanna Ógras, múinteoirí ranganna Gaeilge 'srl.

**Gníomhaíochtaí**

**Taighde Pleanála Teanga a tionscnaíodh ó mbliain 2000 ar aghaidh**

Bhíothas ag obair chun plean cuimsitheach teanga a fhorbairt do Mhaigh Cuilinn ag tarraingt ar an obair thaighde atá déanta ag an gCraobh agus ag tabhairt polasaithe stáit san áireamh, ina measc:

- Suirbhé a rinne an Chraobh ar an nGaeilge i Maigh Cuilinn (2008)[3];
- Staidéar a rinne Cumann Forbartha Mhaigh Cuilinn ar riachtanais fhorbartha an cheantair (2008);
- Tuarascáil a d'ullmhaigh an Dr. John Walsh & Hugh Rowland, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar choimisiún ón gCraobh (2009)[4];
- Plean Straitéise 20 Bliain an Rialtais (S20B, 2010);
- Acht na Gaeltachta (2012)

[3] Le fáil ag http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n1Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.
[4] Le fáil ag http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n2Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.

**Obair Óige**

Feidhmiú clár oibre chun an Ghaeilge a fhorbairt lasmuigh den chóras oideachais. San áireamh san obair seo tá sraith Champaí Samhraidh fadbhunaithe, Clubanna Óg-Ógras agus Ógras, seisiúin do thuismitheoirí & leanaí, agus réimse imeachtaí eile do dhaoine óga.

**Daoine Fásta**

Eagraítear sraith imeachtaí, Ranganna Gaeilge san áireamh, do dhaoine fásta agus baintear leas as Teach na Gaeilge mar ionad do réimse gníomhaíochta don phobal. Cuireann an t-ionad seo go mór lena deiseanna chun imeachtaí a eagrú agus tá ról láidir ag an ionad freisin maidir le cothú feasachta faoin teanga i Maigh Cuilinn. Baintear leas freisin as imeachtaí náisiúnta ar nós Sheachtain na Gaeilge, Féasta Sráide 'srl.

**2.4 Teach na Gaeilge**

Sa bhliain 2008 choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), chun moltaí a chur le chéile maidir le Plean Teanga do Mhaigh Cuilinn. Rinne an Ollscoil amhlaidh faoi stiúir an Dr. John Walsh agus Hugh Rowland BA.

I measc phríomhmholtaí na tuarascála a chuir an Ollscoil ar fáil i mí na Bealtaine 2009 bhí bunú Ionad Tacaíochta Gaeilge in áit lárnach agus fheiceálach i Maigh Cuilinn. Mhol siad go dtabharfar Ionad Tacaíochta Gaeilge air seachas Ionad Tacaíochta Teaghlaigh toisc nach gá gur teaghlaigh amháin a bhainfeadh úsáid as. Mhol siad go mba cheart go gceapfadh aon bhall den phobal áitiúil go bhfuil fáilte roimhe/roimpi ina leithéid d'ionad, más mian leis/léi a bheith páirteach sa phleanáil teanga. Lean siad ag rá "(go bhféadfaí) foirgneamh as féin a thógáil, nó cuid d'ionad pobail a roinnt nuair a thógfaí é. Ba shaoire an dara rogha, dar ndóigh, ach chaithfí a chinntiú nach bhfágfaí cuid na Gaeilge den Ionad Pobail in áit na leathphingine." (Walsh & Rowland, 32).

Thug Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn faoin tasc seo faoi stiúir Niall Ó Céirín, Ailtire agus ball den Chraobh. Rinneadh roinnt suíomh a fhiosrú agus ar deireadh tháinig an Chraobh ar chomhaontú le Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn, áit ar chur an Cumann Forbartha suíomh ar fáil ar chúl Áras Uilinn, ar léas ach saor ó chíos.




**Teach na Gaeilge i Maigh Cuilinn**

Rinne Niall Ó Céirín dearadh a fhorbairt d'fhoirgneamh agus nuair a bhí an dearadh sin aontaíodh rinneadh iarratas pleanála. D'éirigh leis an iarratas pleanála agus ag deireadh mhí Iúil 2011 cuireadh tús leis an obair thógála. Seachas an obair thochailte ar an suíomh agus leagan na fothracha rinneadh an obair thógála ar fad ar bhun deonach ag baill agus cairde na Craoibhe – an obair á chomhordú ag Niall Ó Céirín, Peadar Ó Ceallaigh, Caomhán Ó Fatharta agus Jimmy Ó Céide.

Lean an obair thógála le linn an Fhómhair agus tús an Gheimhridh agus tamall roimh Nollaig na bliana sin bhí an chéad ócáid phoiblí ar siúl san ionad. Eagraíodh comórtas i measc bhunscoileanna an pharóiste chun teacht ar ainm don ionad agus bunaithe ar an gcomórtas sin roghnaíodh an t-ainm Teach na Gaeilge.

Ba é Craobh Mhaigh Cuilinn den Chonradh a mhaoinigh an obair thógála agus níor bhuair an t-ionad aon mhaoiniú stáit.

Liosta na ndaoine a d'oibrigh ar thógáil Theach na Gaeilge: Caoimh Ó Dabhoráin, Caomhán Ó Fatharta, Dalien Ó Conghaile, Dara Noone, Declan Mac Cuarta, Dereck Conneeley, Des Rushe, Domhnall Mac Fhlannchadha, Eoghan Mac Cuarta, Jimí Mac Fhlannchadha, Jimmy Ó Céide, John Fox, Maitiú Ó Gríofa, Mike Welby, Murty Ó Dabhoráin, Niall Ó Céirín, Éanna Ó Dabhoráin, Paraic Ó Dabhoráin, Peadar Bairéad, Peadar Mac Fhlannchadha, Peadar Ó Ceallaigh, Richard Bohan, Séamus Ó Raghallaigh, Seán Barrett, Sergi, Gabriel Flaherty.

**2.5 Maigh Cuilinn agus Litríocht na Gaeilge**

Is díol suntais é an tábhacht a bhaineann le Maigh Cuilinn agus litríocht na Gaeilge, idir scríbhneoirí a rugadh sa pharóiste nó a tháinig chun cónaí sa dúiche.

Tá Pádraig Breathnach, a rugadh i gCoill Bhruachláin i Maigh Cuilinn, ar dhuine de na scríbhneoirí is bisiúla agus is aitheanta sa tír, idir ghearrscéalaíocht agus úrscéalaíocht. Is iomaí duais Oireachtais atá buaite aige agus, freisin, bronnadh duais an Irish American Cultural Institute air sa bhliain 1992. Tá dúiche agus Gaeilge Mhaigh Cuilinn lárnach in an-chuid de shaothair Phádraig.

Rugadh an scríbhneoir Tomás Bairéad (1893 – 1973) ar an mBaile Dóite i Maigh Cuilinn. Bhain Tomás cáil amach as a chumas scríbhneoireachta, mar ghearrscéalaí ach go háirithe. Ba mar iriseoir a bhain sé slí bheatha amach agus é tráth ina Eagarthóir Gaeilge leis an Irish Independent. Mar aon le Pádraig Breathnach, tá dúchas agus taobh tíre na dúiche le sonrú go láidir in an-chuid dá chuid scríbhinní agus tugann a leabhar *Gan Baisteadh* léargas faoi leith ar Mhaigh Cuilinn le linn a hóige. Sa bhliain 2010 d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht an leabhar *Tomás Bairéad, Rogha Scéalta*, cnuasach dá chuid scéalta, curtha in eagar ag Aingeal Ní Chualáin, bean de bhunú Iorras Aithneach, a bhfuil cónaí uirthi le fada i Maigh Cuilinn.

Ba í Maigh Cuilinn a rugadh an drámadóir Lorcán Ó Tuathail (1870 – 1909), fear a scríobh roinnt drámaí, *An Deoraí*, *Lá an Chíosa*, agus *Dónall Diaganta* ina measc, agus atá faoi chaibidil sa leabhar *Lorcán Ó Tuathail, Drámadóir Mhaigh Cuilinn* a scríobh an Dr. Nollaig Mac Congáil, OÉG agus scríbhneoir de bhunú chathair Dhoire, ach atá ina chónaí le fada i Maigh Cuilinn. Ar ndóigh tá iníon Nollag, Ríona, a rugadh i Maigh Cuilinn, í féin aitheanta mar scríbhneoir agus léirmheastóir, agus í ina cónaí anois i mBaile Átha Cliath. I Leamhchoill a rugadh Tomás Ó Raghallaigh ar 12 Bealtaine 1883 agus a fuair bás i 1966. Bhí leabhair agus ailt leis i gcló ó 1923 ar aghaidh i *Scéala Éireann, Ar Aghaidh, An Stoc* agus go leor eile. Mac leis ab ea an craoltóir cáiliúil Pádraig Ó Raghallaigh a bhásaigh i 1999.

Mhair Claud de Ceabhasa (Claude Chavasse) i dTeach an Rosa i Ros Cathail ar feadh na mblianta fada i lár na haoise seo caite. Ní hamháin go mba údar é féin agus duaiseanna Oireachtais buaite aige ó 1921 ar aghaidh ach ba phearsa cháiliúil é. Rugadh é in Oxford agus chaitheadh sé an filleadh beag agus ní labhraíodh sé Béarla le héinne. Tá eachtra faoi i 'Mise' le Colm Ó Gaora agus bhásaigh i 1971. É curtha i Reilig Chill Chuimín in Uachtar Ard.

**2.6 An Coiste Pleanála Teanga 2017 - 2019**

**Cathaoirleach:** Peadar Mac Fhlannchadha

**Leas-Chathaoirleach**: Séamus Ó Céide

**Rúnaí:** Gearóidín Mhic Dhiarmada

**Leas-Rúnaí:** Danny Ezergailis

**Cisteoir:** Máire Áine Ní Fhéinneadha

**OCP:** Julie Ann de Brún

**Buanchoiste (a bhuaileadh le chéile go míosúil le linn an phróisis in éineacht leis na hoifigigh):** Bríd Ní Chonghaile; John Nolan; Áine Ní Fhógartaigh; Labhaoise Ní Dhonnchadha; Máirín Bn. Uí Liodáin; Peadar Ó Céidigh; Noríta Ní Fhlatharta; Deirdre de Souza; Rachel Breathnach; Stiofán Ó Cualáin.

**Coiste Comhairleach (a thagadh le chéile anois is arís in éineacht leis an mbuanchoiste agus na hoifigigh):** Colie Ó Gabháin; Seán Mac Lochlainn; Áine Ní Fhatharta; Aingeal Ní Chualáin; Emer Uí Niadh; Sinéad Ní Chonchúir; Eilís Ní Dhúill; Caomhán Ó Fatharta; Sonya Nic Lochlainn; Eithne Ní Loideáin; James Callaghan; Yvonne Ní Fhatharta; Eimear Ní Fhatharta; Bríd Nic Dhomhnaill; Anne Marie Ní Dhorchaí; Máire de Bacéir; Síle Ní Chochláin; Niamh Byrne; Mick Clancy; Ultan Ó Fatharta; Mícheál Ó Biataigh.

**Fochoiste na Scoileanna (a bhuaileadh le chéile in éineacht leis an gcomhairleoir pleanála teanga):** Eilís Ní Chonghaile, Príomhoide Scoil an Bhaile Nua; Terry Kavanagh, Príomhoide Scoil Mhuire, Maigh Cuilinn; Marc Ó Riagáin, Príomhoide Scoil Cholmáin, Tuairíní; Christopher Ó Néill, Príomhoide Scoil Bhríde, Tulach Uí Chadhain.




**Páistí ag Campa Samhraidh Mhaigh Cuilinn 2018**

# 3 An Limistéar Pleanála Teanga

### *3.1 An Ceantar*

Tá paróiste Mhaigh Cuilinn suite siar ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe, leis an sráidbhaile féin suite tuairim is 10km ó lár na cathrach ar bhóthar an N59, an bóthar a théann ó Ghaillimh go dtí an Clochán. Is féidir a rá go roinneann an N59 an dúiche ina dhá chuid maidir le tréithe tíreolaíochta an cheantair. Ar an taobh ó dheas den bhóthar síneann an paróiste síos trí thailte míne aolchloiche go sroicheann sé a theorainn nádúrtha nuair a bhuaileann sé le huisce fairsing Loch Coirib. Síneann córas canálacha ó Loch Coirib tríd an dúiche ag nascadh loch Bhaile Uí Choirce agus sraith lochanna beaga go dtí go sroichtear loch an Rossa. De bharr imfhás na mblianta sna canálacha ní féidir iad a úsáid mar bhealach taistil ach tá an fhéidearthacht ann é seo a dhéanamh amach anseo. Tá coillte, idir fhás nádúrtha agus choillte plandáilte, le sonrú sa dúiche seo freisin mar atá réimse talún "na carraigeacha" áit a mbriseann leaba aolchloiche tríd an dromchla, leaba aolchloiche atá ar aon dul le ceantair na Boirne i gcontae an Chláir. Tá "na carraigeacha" buailte leis an áit ina bhfuil páirc peile Mhaigh Cuilinn agus an pinniúr liathróid lámha suite sa Bhaile Dóite. Is anseo freisin a fheictear an-chuid crainn cuilinn, crainn atá ceaptha a bheith mar bhunús d'ainm an pharóiste – cé go bhfuil leagan eile d'ainm an pharóiste ar fáil freisin, leagan atá báite sa mhiotaseolaíocht. Is sa chuid seo den cheantar freisin atá rian an tseaniarnród a bhíodh ag rith ó Ghaillimh go dtí an Clochán ón bhliain 1895 go dtí gur cuireadh deireadh leis an tseirbhís iarnród sa bhliain 1935. Is ar an rian seo a bhfuil sé beartaithe an bealach siúlóide agus rothaíochta - an bealach glas - a thógáil.

Ar an taobh ó dheas den N59 freisin atá an Séipéal agus péire de bhunscoileanna an cheantair, Scoil Mhuire, atá buailte leis an sráidbhaile, agus Scoil Bhríde, atá suite i mbaile fearthainn Thulach Uí Chadhain.

Ar an taobh ó thuaidh den N59 is mó i bhfad an méid cloch eibhir atá le sonrú sa talamh, seachas aolchloch, agus de réir mar a bhogann tú níos faide ó thuaidh bogann tú i dtreo na bportach, na gcnoc agus na dtamhnacha go dtí go sroicheann tú teorainn an pharóiste agus tagann tú ar pharóistí eile Gaeltachta na bhForbacha agus an Spidéil. Is ar an imeall seo den pharóiste a thugann tú faoi deara an t-athrú tírdhreach is suntasaí atá tarlaithe le blianta fada sa cheantar, áit a mbuaileann tú leis an gcéad shraith de na muilte gaoithe atá tógtha mar chuid d'fheirm ghaoithe na Gaillimhe, an fheirm ghaoithe is mó in Éirinn.

Ar an taobh ó thuaidh den N59 tá an péire eile de bhunscoileanna an ceantar, Scoil Naomh Colmáin atá suite sa Tuairíní agus scoil an Bhaile Nua. Tá seanfhoirgneamh bhunscoile eile sa taobh seo freisin, an seanscoil i Leamhchoill, bunscoil Ghaeltachta a dúnadh sa bhliain 1979, tráth go raibh plean ag an Roinn Oideachais bunscoileanna Mhaigh Cuilinn a nascadh in aon ionad amháin. Ba bhuile don Ghaeilge é dúnadh an scoil seo mar go raibh sé ag freastal ar an gceantar ba láidre Ghaeltachta den Limistéar, an ceantar is mó ina raibh cónaí ar chainteoirí ó dhúchas[5].


Ón bpointe a bhuaileann tú teorainn Mhaigh Cuilinn ar an N59 ar thaobh Chathair na Gaillimhe de tá aistear c. 9.5km romhat go dtí go sroicheann tú teorainn thuaidh an pharóiste, nuair a bhogann tú isteach go paróiste Chill Ainnín, ceantar nach bhfuil sa Ghaeltacht.

Cuimsíonn an limistéar pleanála teanga na bailte fearainn seo a leanas: na bailte fearainn ar fad sna toghranna ceantair, *Maigh Cuilinn* agus *Sliabh an Aonaigh* agus na bailte fearainn seo a leanas de chuid

---

[5] D'fhreastail Scoil Leamhchoille ar an gceantar ó dheas agus siar ó dheas de Mhaigh Cuilinn, na háiteacha ba mhó Gaeilge faoi mar a mhíníonn Pádraic Breathnach (*Pobal na Gaeltacht:; A scéal agus a dhán*, Ó Tuathaigh et al. (eag), Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán. 2000: 295-6): "tá..bailte ann ar 'fíor-Ghaeltachtai' iad Tulach na nUan,.....Tamhnacha Beaga. Tá uimhir eile bailte ina labhartar Gaeilge i gcuid mhaith tithe iontu: .... Liathleitir, Poilleach, Och Muc, Cnocán Raithní, Caoch."

thoghroinn cheantair *Thulaigh Mhic Aodháin*: Baile Dóite, Ceathrú an Loistreáin, Cluain na Binne, Cnoc an tSeanbhaile, Cill Ráine, Droma Bheag, Gort an Chalaidh, Gort Uí Lochlainn, Liagán agus Tulaigh Mhic Aodháin (Tulach Uí Chadhain).




## 3.2 Daonra agus Próifíl Shocheacnamaíoch

### 3.2.1 An Daonra

Léiríonn Tábla a 1 mar a d'fhás an daonra i LPT Mhaigh Cuilinn[6] de réir na nDaonáireamh ó 2016 siar go 2002:

| Bliain | Daonra (Gaeltacht Mhaigh Cuilinn amháin) | Daonra sna 3 Thoghroinn Iomlána i Maigh Cuilinn | Daonra i Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn |
|---|---|---|---|
| 2016 | 4,470 | 4,980 | 1,704 |
| 2011 | 4,285 | 4,756 | 1,559 |
| 2006 | - | 4,217 | < 1,000 |
| 2002 | - | 3,418 | < 1,000 |

**Tábla a 1: Daonra Mhaigh Cuilinn ó 2002 go 2016**

[6] Ní hionann LPT Mhaigh Cuilinn agus an paróiste ina iomláine mar go bhfuil roinnt bailte fearainn ann nach bhfuil sa Ghaeltacht m.sh. i dtoghroinn Thulaigh Mhic Aodháin.

Feictear sna Daonáirimh ó 2016 siar go 2002 an fás leanúnach (46%) atá tagtha ar dhaonra Mhaigh Cuilinn. Seo anuas ar fhás roimh sin idir 1996 agus 2002 de 37%[7] agus léiríonn an taighde don phlean teanga go bhfuil an treocht sin ag treisiú agus go gcuirfear leis an daonra sa ghearrthéarma agus sa mheánthéarma. Bhí fás 4.9% ann idir 2011 agus 2016 agus sin an fás is airde i nGaeltacht na Gaillimhe ar fad[8]. Mar shampla, léirigh eolas a chur Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil ag deireadh na bliana 2018 go raibh ceadúnas pleanála eisithe do 358 aonad tithíochta nua i Maigh Cuilinn - 328 i seacht n-eastát tithíochta agus 30 teach singil.

### 3.2.2 An Próifil Socheacnamaíoch - Bochtaineacht, Rátaí Cleithiúnachta, Úinéireacht Tithe

Léiríonn an t-eolas (Ó Céidigh, 2018[9]) faoi úinéireacht aonaid cónaithe go bhfuil seasmhacht leis an bpobal, áit a bhfuil 78.1% de na haonaid cónaithe in úinéireacht phríobháideach agus, in ainneoin go bhfuil an paróiste buailte le cathair na Gaillimhe, nach bhfuil ach 17.3% de na haonaid cónaithe ar cíos agus gan ach 1.8% de na haonaid cónaithe in úsáid mar thithíocht shóisialta.

I measc na nithe suntasacha eile a bhaineann le Maigh Cuilinn deir Ó Céidigh faoi

- Gur ceantar í atá i bhfad níos fearr as ná an chuid eile de Ghaeltacht na Gaillimhe (siar i gConamara) - +7.3 ar an meán náisiúnta agus gach LPT eile i gConamara faoi bhun an mheáin náisiúnta seachas Bearna.
- Go bhfuil beagáinín níos mó daoine óga, beagáinín níos lú daoine os cionn 65 bliain ná an norm náisiúnta.
- Gur ann atá Ráta Cleithiúnachta Óige in airde i nGaeltacht na Gaillimhe 38%.
- Go bhfuil an Ráta Cleithiúnachta Sean-aoise sách íseal, faoi bhun an noirm náisiúnta.
- Go bhfuil céatadán (%) níos lú de dhaoine idir 18 & 35 bl. ná an norm náisiúnta san áit.

### 3.2.3 An Próifil Socheacnamaíoch - Fostaíocht, Sláinte, Modhanna Taistil, Leibhéil Oideachais

Go stairiúil ba í an fheirmeoireacht an tslí bheatha ba láidre a bhí sa limistéar pleanála teanga ach tá sé seo athraithe le fada anois. Tá roinnt fostaíocht ar fáil go háitiúil sna hearnálacha miondíola, seirbhísí, tionsclaíocht agus fiontraíocht. Tá formhór an phobail fostaithe áfach in earnálacha éagsúla lasmuigh den cheantar agus nach mór leath acu seo ag obair i gcathair na Gaillimhe. Imíonn beagnach leath chun na hoibre roimh a 8.00 am gach maidin[10].

Léirigh daonáireamh na bliana 2016 go raibh 2,118 duine san fhórsa oibre i Maigh Cuilinn agus go raibh 92.8% (ráta is airde i nGaeltacht na Gaillimhe) den fhórsa oibre seo i mbun fostaíochta, rud a d'fhág an ráta dífhostaíochta ag 7.2%.

Léirigh an daonáireamh freisin go raibh 17.8% den dream a raibh post acu fostaithe go háitiúil sa limistéar pleanála teanga, go raibh 47.3% fostaithe i gcathair na Gaillimhe agus go raibh an chuid eile den fhórsa oibre fostaithe i gcontae na Gaillimhe, cé is moite de dhornán beag a bhí fostaithe lasmuigh den chontae.

Tá fíordhrochsháinte ag 1% agus tá 10.3% den phobal faoi mhíchumas, rátaí atá íseal i gcomparáid le codanna eile den Ghaeltacht. Maidir le modhanna taistil ní bhaintear an oiread úsáide as bealaí poiblí is a dhéantar sa stát ar an meán ná as bealaí glasa le dul chun na hoibre nó na scoile. Tá eolas againn ón daonáireamh freisin go bhfuil caighdeán ard oideachais sa phobal agus go bhfuil cáilíocht tríú leibhéal ag

---

[7] Plean áitiúil Ghaeltacht na Gaillimhe 2008-18, lch a 58. Co. Cho na Gaillimhe ar fáil ag www.galway.ie.
[8] 'Próifíl Shocheacnamaíoch de na 7 gceantar Gaeltachta in Éirinn', Seanadóir P. Ó Céidigh (2018, 16). An Chomhairle um Thaighde in Éirinn. Á rochtain ar an 8 Aibreán, 2019 ag https://phpstack-241842-743458.cloudwaysapps.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf.
[9] Ó Céidigh, (2018, 75).
[10] Ó Céidigh, (2018, 125).

48.4% den phobal fásta, an dara LPT is airde sna Gaeltachtaí ar fad, agus go bhfuil 13% eile a bhfuil cáilíocht printíseacht agus teicniúil acu.

## 3.3 An Córas Oideachais

### 3.3.1 Seirbhísí luathoideachais agus cúraim leanaí

Tá an réimse seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí seo a leanas ar fáil i Maigh Cuilinn:

Naíonra Mhaigh Cuilinn – Naíonra Ghaeilge atá cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta le 24 páiste cláraithe ann (2018-2019).

Knollcrest – Naíolann Bhéarla[11]

Little Stars – Naíolann Bhéarla

Tá seirbhísí cúram leanaí príobháideacha á gcur ar fáil chomh maith, nach bhfuil áireamh orthu agus eolas starógach ann go bhfuil cúram leanaí i nGaeilge ar fáil freisin.

### 3.3.2 Bunscoileanna

Tá ceithre bhunscoil sa pharóiste ag freastal ar 641 páiste ar na rollaí ag tús na scoilbhliana 2017/18.

Scoil an Bhaile Nua 93 páiste. Tá an scoil seo páirteach sa pholasaí oideachais Ghaeltachta. Tá an scoil páirteach freisin i Scéim na gCúntóirí Teanga.

Scoil Mhuire 388 páiste. Níl an scoil seo páirteach sa pholasaí oideachais Ghaeltachta.

Scoil Thulach Uí Chadhain 74 páiste. Níl an scoil seo páirteach sa pholasaí oideachais Ghaeltachta.

Scoil Thuairiní 86 páiste. Níl an scoil seo páirteach sa pholasaí oideachais Ghaeltachta.

### 3.3.3 Iarbhunscolaíocht

Níl meánscoil sa cheantar, agus freastalaíonn daltaí iarbhunscoile Mhaigh Cuilinn ar na scoileanna seo a leanas i gCathair na Gaillimhe, i gCois Fharraige agus in Uachtar Ard. Cuirtear seirbhís bhus scoile ar fáil chun páistí a thabhairt chuig na scoileanna seo.

Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal; Cathair na Gaillimhe: - Coláiste na Coiribe atá araon sa SASG.

Coláiste na nDoiminiceach; Coláiste Éanna; Coláiste Iognáid; Coláiste Mhuire; Coláiste Salerno; Meánscoil Mhuire; Coláiste Naomh Seosaimh ("Bish"); Scoil Naomh Póil, Uachtar Ard.

### 3.3.4 Tríú leibhéal

Níl aon Choláiste Tríú Leibhéal i Maigh Cuilinn ach meastar go dtéann céatadáin an-ard de mhic léinn iarbhunscoile na háite ar aghaidh chun staidéar tríú leibhéal a dhéanamh[12]. Freastalaíonn mic léinn ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe, in aice láimhe ach deir eolas starógach go bhfreastalaítear freisin ar nach mór gach institiúid tríú leibhéal sa tír.

## 3.4 Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh

---

[11] Níl figiúirí ar fáil don líon páistí atá sna Naíolanna agus Naíonraí a oibríonn trí mheán an Bhéarla.
[12] Ó Céidigh, (2018, 125) a deir go bhfuil Oideachas Tríú Leibhéal ar 53%.

Eagraítear an grúpa Spraoi le Ceol gach maidin Shathairn i dTeach na Gaeilge. Tá an tseirbhís seo dírithe ar thuismitheoirí agus leanaí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge nó ar mhian leo Gaeilge a úsáid lena bpáistí.

Tagann Club tuismitheoirí agus leanaí óga (club trí mheán an Bhéarla) le chéile go seachtainiúil agus tá Páirc Spraoi ann do pháistí.

### 3.5 Deiseanna Foghlamtha & Oideachas Aosaigh

Tá ionad oideachais aosaigh de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ag feidhmiú i Maigh Cuilinn. Cuireann an t-ionad seo réimse leathan ranganna agus cúrsaí ar fáil atá dírithe ar dhaoine atá ag iarraidh cur lena scileanna agus deiseanna fostaíochta. Ar na réimsí a bhíonn faoi chaibidil san ionad (bunaithe ar éileamh) tá: Cúram leanaí; Scileanna oifige; Ríomhaireacht; Tacaíocht sláinte;Oideachas aosaigh ginearálta; Ranganna teangacha; Tacaíocht do thuismitheoirí ag tógáil leanaí.

Cuireann an grúpa Sonas réimse ranganna ar fáil do dhaoine scothaosta. San áireamh anseo tá ranganna ríomhaireachta, potaireachta agus cúrsaí eile chun cur le caighdeán saol an lucht freastail.

Cuireann Conradh na Gaeilge ranganna Gaeilge rialta ar fáil do dhaoine fásta. Bíonn na ranganna seo ar fáil ag leibhéal éagsúla agus cuirtear ranganna ar fáil do ghrúpaí beaga de réir éilimh. Ó am go h-am eagraítear cúrsaí agus ceardlanna dírithe ar chúrsaí fiontraíochta.

### 3.6 An Earnáil Ghnó, Fostaíocht is Turasóireacht

Tá réimse siopaí, áitribh thráchtála agus áiseanna i Maigh Cuilinn a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil, áiseanna dóibh siúd atá ina gcónaí go háitiúil agus sa cheantar máguaird. Déantar cur síos ar an bhfostaíocht a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta i Mír a 3.12.

Tá réimse leathan gnólachtaí agus siopaí ag feidhmiú sa cheantar agus soláthar seirbhísí maith ar fáil mar atá liostáilte i Mír a 3.6.2. Bíonn margadh rathúil ar siúl go seachtainiúil. Tá traidisiún láidir sa cheantar freisin maidir le capaillíní Chonamara agus tá roinnt gnónna ag plé leis an réimse seo. Tá réimse leathan seirbhísí gnó á thairiscint sa cheantar freisin agus nach mór gach saghas seirbhís ar fáil sa cheantar.

Tháinig sé chun cinn sa phlé ag cruinnithe coiste go mbíonn úsáid á bhaint as cuid de na seirbhísí seo ag pobal Ghaeltacht Chonamara a bhíonn ag taisteal tríd Mhaigh Cuilinn agus gur fiú é seo a chur san áireamh sa phlean teanga. Féach freisin Mír a 4.4.

Tá ganntanas seirbhísí áirithe le sonrú sa cheantar áfach, go háirithe maidir le seirbhísí bainc agus cúrsaí óstáin.

#### 3.6.1 Turasóireacht

Is earnáil thábhachtach í an turasóireacht mar uirlis chun eacnamaíocht an cheantair a láidriú chomh maith le bealach chun oidhreacht na háite a chosaint. Tá roinnt mhaith ábhar spéise i Maigh Cuilinn chun turasóirí a mhealladh, a dhíríonn ar áilleacht na háite taobh le Loch Coirib agus mar bhealach isteach go Conamara, lena n-áirítear suímh sheandálaíochta agus ailtireachta chomh maith le hoidhreacht nádúrtha, an iascaireacht agus siamsaíocht bunaithe ar na huiscebhealaí. Cuirfidh na forbairtí atá beartaithe maidir le Bealach Glas Chonamara agus forbairt na mBealaí Gorma (ag úsáid uiscebhealaí) leis na deiseanna turasóireachta.

Tá monarcha agus siopa marmar fadbhunaithe ar imeall an tsráidbhaile mar atá monarcha agus siopa gloine criostail. Tá ionad eachtraíochta agus láthair champála á thógáil faoi láthair agus cuirfidh an t-ionad seo le cúrsaí turasóireachta. Glacann Páirc Feirme Leamhchoille, Eile Mental agus Gairdíní Bhríde le turais scoile chomh maith le bheith ar oscailt don mhórphobal.

Ó thaobh úsáid na Gaeilge sa réimse seo tá sé suntasach an dea-shampla agus an tsamhlaíocht, a bhaineann leis an rian staire a rinne an Cumann Staire a fhorbairt. Is sampla é seo gur fiú tógáil air agus an plean teanga á fheidhmiú. Thíos tá leathanach ón mbróisiúr ar Shiúlóidí Oidhreachta.



MAIGH CUILINN HERITAGE TRAILS

SIÚLÓIDÍ OIDHREACHTA

**Teach Danesfield:** Ba é Teach Danesfield, ceannáras an tiarna talún Seoirse de Búrca (George Burke). Tá cuid den chloigtheach fós ina sheasamh. Is é an áit a bhfuil siopa Mharmar Chonamara anois a bhí mar ascaill isteach chuig an teach. Tá ballaí na ngarraithe Daingne ar thaobh na láimhe deise fós le feiceáil. Bí ag faire amach do na geataí iarainn bunaidh agus fothracha áit chónaithe na nGarraíodóirí. Scríobh iníon George Burke, Elizabeth Mary "Daisy" (1862-1944), a ceapadh ina Bantiarna Fhine Gall nuair a phós sí Arthur Plunkett (11ú Iarla Fhine Gall, 4ú Barún Fhine Gall (1859-1929) i mí na Bealtaine 1883, an leabhar 'Seventy Years Young'. Bean cáiliúil a bhí inti lena ceart a thabhairt di. Bhí baint bhúnúsach aice le bunú Chumann Bhantracht Aontaithe na hÉireann, atá anois mar Bhantracht na Tuaithe anois, agus bhí sí ina huachtarán ar an gCumann Camógaíochta. Bhí go leor cairde aice agus aithne aice ar dhaoine arbh lucht tionchair iad mar an Chuntaois Marcievicz, Hugh Lane, Horace Plunkett agus an Bantiarna Lavery chomh maith le lucht litríochta cáiliúil mar HG Wells agus WB Yeats. Is eol freisin gur ith sí dinnéar leis an Rí Edward agus Micheál Ó Coileáin (cé nár tharla sin ag an am céanna!)

**Danesfield House:** Danesfield House, was the seat of landlord George Burke. Part of the bell tower is still standing. The avenue entrance to the house was where the Connemara Marble shop now stands. The walls of the Walled gardens on the right are still evident. Look out for the original wrought iron gates and the ruins of the Gardeners' residence. George Burke's daughter, Elizabeth Mary "Daisy" (1862-1944), who became Lady Fingall on her to marriage to Arthur Plunkett (11th Earl of Fingall, 4th Baron Fingall) (1859–1929) in May 1883, was author of the book 'Seventy Years Young'. A remarkable woman in her own right, she was instrumental in establishing the United Irishwomen, which was to become the Irish Countrywomen's Association, and was president of the Camogie Association .She had many influential friends and acquaintances from Countess Marcievicz, Hugh Lane, Horace Plunkett and Lady Lavery as well as literary notables such as HG Wells and WB Yeats. She was also known to have dined with King Edward and Michael Collins (not at the same time!)

**Bearna na gCorp:** In aimsir na bpéindlíthe stop sochraidí anseo chun ligean don sagart teacht ón áit ina raibh sé i bhfolach chun an marbhán a bheannú. Chuir an Cumann Staire an phlaic in airde in 2011.

This marks the location of where funerals from the south west of the parish stopped briefly on their way to the graveyard during penal times (circa 18th century). This allowed the priest to come out of hiding in the wood to bless the corpse on its final journey. The plaque was erected by Cumann Staire in 2011.

**Teach Dhroim Chonga:** Tógadh Teach Dhroim Chonga, a bhí faoi úinéireacht mhuintir Uí Loingsigh (Lynch) tráth, arbh de shliocht cheann de 14 Treabh bhunaidh na Gaillimhe iad, ag deireadh an 17ú haois i mbaile fearainn Dhroim Chonga. Tá sé suite c. 1.0km ó thuaidh de shráidbhaile Mhaigh Cuilinn ar thaobh na láimhe deise de bhóthar an N59 ó Ghaillimh go dtí an Chlochán. Cheannaigh craobh de chlann Chill Cheallaigh eastát Dhroim Chonga ag tús na 1800í agus chónaigh na glúnta díobh ann go dtí tús an 20ú haois. Cheannaigh an cócaire mór le rá Gerry (R.I.P.) agus Marie Galvin an Teach sna 1980í agus faoina stiúir bhí Teach Dhroim Chonga ina bhialann den scoth a bhain amach go leor gradam ar feadh beagnach scór bliain. Is foirgneamh liostaithe / déanmhas cosanta é Teach Dhroim Chonga atá anois faoi úinéireacht phríobháideach.

**Drimcong House:** Once belonging to the Lynch family, descendants from one of the original 14 Galway Tribe families, Drimcong House in Drimcong townland, was originally built in the late 17th century, lies c. 1.0 km north of Moycullen village on the right hand side of the N59 Galway Clifden road. In the early 1800's, a branch of the Kilkelly family purchased the Drimcong estate and took up residence there with generations living there until the early 20th century .The House was purchased by award-winning chef Gerry (R.I.P.) and Marie Galvin in the 1980's and under their leadership and promotion Drimcong House was, for almost two decades, an award-winning restaurant. A listed building / protected structure Drimcong House, is now in private ownership.

Danesfield House garden walls and gate, 2006

**Coill Chill Ráine:** Tá 80 acra i gCoill Chill Ráine agus chuir an Roinn Foraoiseachta crainn mar sprús Lochlannach, Feá, Fuinseog agus Caorthann ann ó 1955. Téann stair na coille siar chomh fada le scéalta a bhaineann leis na Fianna agus Raithneach. Tá scéalta i mbéaloideas áitiúil faoi ór a chuir Spáinneach a bhí ar a theitheadh i bhfolach sa choill agus deirtear go bhfuil an t-ór sin á chosaint ag cat dubh. Tá scéalta ann freisin maidir le tobar beannaithe (Tobar Ainne) agus dhá lios. Is féidir fothracha tithe a fheiceáil fós – rugadh Tomás Ó hEidhin (Thomas Hynes) Óglach agus lúthchleasaí cáiliúil, a bhfuil Bóthar Thomáis Uí Eidhin ainmnithe ina dhiaidh, i gceann de na tithe sin. Bhuaigh Tomás an chéad mharatón ghairmiúil a ritheadh riamh in Éirinn sa bhliain 1909. Tá fothracha na gráinsí móire (An Scioból Mór) le feiceáil freisin, áit ar thug tionóntaí áitiúla ar eastát George Burke grán in aimsir an ghorta.

**Killarainey Wood:** Killarainey wood, comprising 80 acres, was planted by the Department of Forestry from 1955 with Norwegian spruce, Beech, Ash and Mountain Ash. The history of the woods goes back to our mythological past to the tales of the Fianna and Raithneach. Local folklore tells stories of gold hidden in the wood by an escaping Spaniard, which is said to be guarded by a black cat. There is anecdotal evidence of a holy well (Tobar Ainne) and two ringforts. The remains of houses can still be seen - Thomas Hynes Volunteer and well known athlete, after whom Thomas Hynes Road in Galway is named, was born in one of these houses. Thomas was the winner of the first ever professional marathon run in Ireland in 1909. Also visible is the ruin of a large granary (An Scioból Mór) where the local tenants of George Burke's estate brought grain during famine times.

For more information please visit:
www.facebook.com/MoycullenHistoricalSociety
www.moycullen.galwaycommunityheritage.org

CUMANN STAIRE RUAIDHRÍ UI FHLAITHEARTAIGH

### 3.6.2 Earnáil Miondíola

Tá cuid mhór siopaí i Maigh Cuilinn agus dhá ollmhargadh, dhá stáisiún bhreosla, bialanna agus tithe tábhairne, siopa ábhar tí & crua earraí, búistéir, siopaí poitigéara, siopaí bláthanna is leabhar agus oifig poist ina measc.

### 3.6.3 Fostaíocht eile - Tithe Altrannais san áireamh

Tá dhá Theach Altrannais i Maigh Cuilinn. Tá Gaeilge sa bhreis i gceist anseo i ngeall ar an líon daoine a chónaíonn iontu gur cainteoirí Gaeilge iad.

### 3.6.4 Mol Digiteach

I mbliana féin, tá plé tosaithe ag Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn le hÚdarás na Gaeltachta maidir le Mol Digiteach a fhorbairt sa cheantar.

## 3.7 Na Meáin Chumarsáide

Tá an ceantar i muinín na ngnáth-mheán chumarsáide náisiúnta, idir Ghaeilge agus Bhéarla.

Go háitiúil tá teacht ar na meáin áitiúla Bhéarla seo a leanas:

Connacht Tribune (foilsítear nótaí áitiúla dhátheangacha go seachtainiúil); Galway Advertiser le halt seachtainiúil ina gcuirtear síos go minic ar ghnóthaí Mhaigh Cuilinn; Glór Chonamara (go míosúil le go leor alt i nGaeilge).

Sa cheantar féin tá teacht ar na meáin chlóite seo a leanas:

Moycullen Matters – foilseachán ráithiúil le roinnt alt i nGaeilge; Nuachtlitir sheachtainiúil na hEaglaise Caitlicigh le beagán Gaeilge[13], go háirithe míreanna a bhaineann le scoileanna, Conradh na Gaeilge nó FPMC.

Tá tábhacht faoi leith ar ndóigh leis na meáin chumarsáide nua agus na meáin shóisialta.

Tá suíomh idirlín agus cuntais Facebook, Twitter 'srl ag riar mór de na cumainn agus eagraíochtaí sa phobal agus beidh tábhacht faoi leith lena meáin seo agus an plean teanga á fheidhmiú.

Is iad Raidió na Gaeltachta, tuairisc.ie agus TG4 na meáin chraolta Ghaeilge a bhíonn ag freastal ar an bpobal.

### 3.8 Seirbhísí Poiblí

Is i gcathair na Gaillimhe atá teacht ar fhormhór na seirbhísí poiblí stáit do phobal Mhaigh Cuilinn. Sa limistéar pleanála teanga féin, is iad seo a leanas na seirbhísí poiblí atá ar fáil:

- Stáisiún Gardaí (go páirtaimseartha)

- Oifig an Phoist;

- Ionad Sláinte an FSS; Seirbhís dochtúra: tá trí chleachtas dochtúra sa limistéar.

- Iompar Poiblí – Seirbhís bus laethúil, ar maidin & tráthnóna le Bus Éireann agus an tseirbhís chéanna á chur ar fáil ag an gcomhlacht bus príobháideach Citylink. Léiríonn daonáireamh na bliana 2016 laige an chórais iompair phoiblí áfach, áit a léirítear go mbíonn 77.4% den phobal i muinín modhanna príobháideacha chun taisteal chuig an ionad oibre nó ionad scoile.

- Rochtain Idirlín: Tugtar le fios i ndaonáireamh na bliana 2016 go bhfuil teacht ar sheirbhís leathanbhanda ag 77.6% den phobal agus go bhfuil ceangal idirlín eile ag 7.6% den phobal. Níl eolas ar fáil sna figiúirí seo áfach ar chaighdeán an leathanbhanda agus tá éagsúlacht ollmhór sa luas sa leathanbhanda atá ar fáil. Sa sráidbhaile féin agus ceantar áirithe máguaird tá teacht ar luas chomh hard le 80Mbps ach in áiteanna eile sa limistéar tá sé chomh híseal le 1.5Mbps.

- Tithíocht shóisialta: Níl ach líon beag tithíocht shóisialta, 26 nó 1.8% den stoc tithíochta, ar fáil sa limistéar pleanála teanga. Ceadaíodh maoiniú i mí Iúil 2018 chun 30 teach sóisialta nua a thógáil ach níl tús curtha fós leis an bpróiseas pleanála chun na tithe seo a thógáil.

- Eile: Oifig de chuid na heagraíochta Teagasc (páirtaimseartha); Oifig de chuid na heagraíochta Ability West; Ionad de chuid na heagraíochta Downs Syndrome Ireland; Leabharlann taistil uair in aghaidh na seachtaine; Stáisiún aimsire, atá ar fáil ar chomhéadain iltheangach, an Ghaeilge san áireamh.

---


[13] http://moycullenparish.com/newsletter/.

### 3.9 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

Tá Maigh Cuilinn suite sa cheantar a chlúdaíonn Limistéir Staidéir Iompair agus Pleanála na Gaillimhe, a shíneann tuairim is 20km go dtí 25km timpeall ar theorainn Chathair na Gaillimhe agus tá fás suntasach tagtha ar an gceantar sna tréimhsí daonáirimh is déanaí de bharr chomh gar is atá sé do Chathair na Gaillimhe agus an bhéim a leagtar ar infreastruchtúr straitéiseach agus ar dheiseanna fostaíochta sa cheantar. Tá fás leanúnach tagtha ar dhaonra Mhaigh Cuilinn le blianta beaga anuas dá réir. Tá fás suntasach tagtha ar an daonra sa sráidbhaile féin, le fás 6.7% idir 2011 agus 2016.

Aithnítear Maigh Cuilinn freisin mar cheann de na Bailte Eile sa Chroí-Straitéis agus sa Straitéis Lonnaíochta i bPlean Forbartha reatha an Chontae. Is éard atá i gceist le Bailte Eile ná bailte a chuireann réimse níos teoranta seirbhísí ar fáil do cheantair níos lú, ná lárionaid seirbhísí, áirítear go minic soláthar seirbhísí miondíola agus oideachais agus seirbhísí teoranta airgeadais, sláinte phobail.

Tá Maigh Cuilinn suite ar Bhóthar Náisiúnta an N59 agus is féidir teacht go héasca ar an gcuid eile de Chonamara. Tabharfaidh an seachbhóthar, agus an bealach faoisimh inmheánaigh, atá beartaithe a thógáil, bunús láidir don cheantar le buntáiste a bhaint as suíomh straitéiseach Mhaigh Cuilinn, de réir mar a thagann fás air amach anseo. Feictear an seachbhóthar i gcorcra briste thíos ar an léirsceál:



Tá Maigh Cuilinn san áireamh i bPlean Forbartha Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é an Plean Forbartha Áitiúil an príomhráiteas poiblí maidir le polasaithe pleanála agus spriocanna don bhaile. Úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar na tairiscintí forbartha ar fad don cheantar. Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an bplean ar an 25 Márta 2013 agus tá sé bailí go dtí an 21 Aibreán 2019. Déanfar athbhreithniú air i mbliana (2019) agus beidh sé mar chuid den phlean forbartha nua don chontae.

Mar cheantar Ghaeltachta tagann Maigh Cuilinn faoi scáth phleananna forbartha Údarás na Gaeltachta, an áisíneacht stáit a bhfuil freagracht air maidir le forbairt na ceantair Ghaeltachta.

Tá easnaimh fhollasacha sa limistéar áfach maidir le hionaid agus áiseanna fisiceacha. Bhí siad seo aitheanta sa taighde a rinne Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn[14] ar riachtanais infreastruchtúr an ceantar agus de réir mar a mhéadaíonn an daonra méadaítear ar na heasnaimh seo. Faoi láthair níl ar fáil mar ionaid phoiblí ach Áras Uilinn, Halla Scoil Mhuire, Clubtheach an CLCG agus Teach na Gaeilge.

Tá géarghá le haghaidh na bhforbairtí seo a leanas: Ionad pobail ilúsáide le háiseanna do réimse spóirt; Páirceanna imeartha do spóirt éagsúla; Páirceanna Spraoi do pháistí; Rian siúlóide/rothaíochta/spás glas; Ionad do dhaoine óga; Tithíocht do dhaoine scothaosta; Leabharlann; Ionad Fiontraíochta (tá forbairt Moltech luaite ina bpleananna ag Údarás na Gaeltachta).

I gcomhthéacs an Phlean Teanga tá tábhacht ach go háirithe leis an Ionad Pobail Ilúsáide, a bhfuil tagairt dó agus léaráid de i Mír a 4.5.

Mar atá ráite thuas i Mír a 3.2.1 tá cead pleanála faighte ag 7 n-eastát tithíochta breise. 328 teach atá i gceist anseo. Baineann an Riail nach mór 20% a thabhairt do chainteoirí Gaeilge leo seo.

### 3.9.1 Plean 2030 do Shráidbhaile Mhaigh Cuilinn

Tá maoiniú ceadaithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun cur chuige nuálach a scrúdú maidir le forbairt ceantair trí thaighde a dhéanamh ar shráidbhaile Mhaigh Cuilinn. Breathnóidh an taighde seo ar ghnéithe ar nós uirbiú leanúnach sa tsráidbhaile agus polasaithe ábhartha(an fráma pleanála náisiúnta san áireamh) agus tá sé i gceist go mbeidh an taighde seo ina eiseamláir agus ina mhúnla do cheantair agus do phobail eile timpeall na tíre ar mian leo fís a fhorbairt dá gceantar féin.

Leanfaidh an taighde ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair 2019 agus díreofar ach go háirithe ar thús áite a thabhairt d'ionchur an phobail. Spreagfar gach réimse den phobal chun a dtuairimí a léiriú. Bainfear leas as bealaigh éagsúla chun an t-eolas a bhailiú agus é mar sprioc fís chomónta spreagúil a fhorbairt a chinnteoidh forbairt oiriúnach inmharthannach do shráidbhaile Mhaigh Cuilinn agus an ceantar máguaird. Is deis í seo don phobal a chuid mianta a léiriú agus chun teacht roimh na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr an fháis atá beartaithe sa tréimhse romhainn.

Déanfar scrúdú ar ghnéithe ar nós chúrsaí tíreolaíochta, athrú sa déimeagrafaíocht, cúrsaí cultúrtha agus teanga. Oibreofar i gcomhar le Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn agus grúpaí eile sa phobal agus tabharfar aird ar fhorbairtí eile sa cheantar, ina measc cúrsaí infreastruchtúr agus an Plean Teanga.

[14] http://moycullen.net/downloads/CommunityCentreFeasabilityStudy.pdf.

### 3.10 Eagraíochtaí Deonacha agus Seirbhísí don Aos óg & Daoine Fásta

Tá traidisiún láidir sa dúiche maidir le hionchur deonach ón bpobal chun seirbhísí, imeachtaí agus caitheamh aimsire a chur ar fáil. Ní mór a chur san áireamh freisin go mbíonn an pobal ag baint leasa as seirbhísí agus deiseanna caitheamh aimsire atá lonnaithe i gcathair na Gaillimhe.

Ó thaobh chúrsaí spóirt, tá Clubanna láidre peile, iománaíochta, cispheile agus liathróid lámha ag feidhmiú sa cheantar. Tá Maigh Cuilinn ar an mbeagán ceantar Ghaeltachta ina bhfuil an pheil, an iomáint agus an liathróid láimhe á n-imirt go láidir ann agus is é an t-aon cheantar Gaeltachta ina bhfuil cumann cispheile ag imirt sa *Superleague*, an comórtas is mó sa tír ó thaobh na cispheile. Tá sé suntasach freisin an freastal láidir atá ann do mhná agus cailíní ó thaobh chúrsaí spóirt de agus arís tá clubanna láidre i bpeil na mban, camógaíocht, liathróid lámha agus cispheile ag feidhmiú sa cheantar.

Lasmuigh de chúrsaí spóirt tá réimse leathan gníomhaíochtaí agus clubanna ar fáil do dhaoine óga, mar atá léirithe sa liosta clubanna atá gníomhach sa phobal, cé go raibh bearnaí aitheanta sa suirbhé a rinne Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn, go háirithe maidir le hionaid teacht le chéile[15].

Tá gréasán tacaíochta sa cheantar freisin d'aosaigh agus clár oibre leathan á chur ar fáil ach go háirithe ag Sonas agus an Grúpa Scoir Gníomhach.

Tá sé suntasach áfach go bhfuil ganntanas infreastruchtúr chun freastal ar an éileamh spáis atá ag roinnt de na cumainn seo, ach go háirithe maidir le hionad pobal ilúsáide.

Faoi láthair tá na cumainn seo a leanas ag feidhmiú i Maigh Cuilinn:

***3.10.1*** ***Spóirt do dhaoine óga:*** Cumann Camógaíochta; Cumann Cispheil na nÓg; Cumann Iománaíochta na nÓg; Cumann Liathróid Lámha; Cumann Peil na mBan; Cumann Peile na nÓg.

***3.10.2*** ***Spóirt do dhaoine fásta:*** Club Iascaireachta; Cumann Camógaíochta; Cumann Cispheile; Cumann Gailf; Cumann Iománaíochta; Cumann Liathróid Lámha; Cumann Peile; Cumann Peil na mBan;

***3.10.3`*** ***Eagraíochtaí Óige:*** Brownies; Campa Cappagh; Club Óige; Comhaltas Ceoltóirí Éireann; Damhsa Gaelach; Gasóga na hÉireann & Cubs; Girl Guides; Grúpa Tuismitheoirí & Leanaí; Ladybirds; Ógras; Spraoi le Ceol;

***3.10.4*** ***Eagraíochtaí Cultúrtha:*** Aisteoirí an Bhaile; Comhaltas Ceoltóirí Éireann; Coiste Teanga Bhaile Nua; Conradh na Gaeilge; Cumann Staire; *MoycullenMusical Society;* Coiste Paráide Lá 'Le Pádraig

***3.10.5*** ***Daoine fásta:*** Baintreach na Tuaithe; Biongó Pobail; Club Scannáin; Club Siúlóide; Cró na bhFear; Cró na mBan;

***3.10.6*** ***Gníomhaíochtaí pobail:*** AA; Bailte Slachtmhara; Coiste an Chillín; Cruinniú; Moycullen Matters; Pobal ar Aire; Cumann N. Uinseann de Pól.

***3.10.7*** ***Grúpaí scothaosta:*** Grúpa Scoir Gníomhach; Sonas;

Cruthaíonn na gníomhaíochtaí seo ar fad bród pobail agus cothaíonn sé féinmhuinín sa phobal. Feictear don choiste pleanáil teanga gur gné thábhachtach é seo maidir le forbairt agus feidhmiú phlean teanga.

---

[15] http://moycullen.net/downloads/CommunityCentreFeasabilityStudy.pdf.

## 3.11 Staid na Gaeilge

### 3.11.1 Daonáireamh 2016: Cainteoirí Gaeilge in aois 3 bliana nó níos sine

Thit líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge[16] (CLG) ó 339 go 299 idir 2011 agus 2016. 7% atá i gceist anois, figiúr atá, mar shampla, ag trí oiread an Óráin Mhóir, baile nach bhfuil sa Ghaeltacht ach atá ar chomh-mhéid agus nach bhfuil freisin ach 10 gciliméadar as Gaillimh, ach fós is titim é ó 8.4% i 2011.

| Ceantar nó Toghroinn i 2016 | Daonra os cionn 3 bl. d'aois | Iad sin a deir go bhfuil Cumas sa Ghaeilge acu | Cainteoirí Laethúla Gaeilge lasmuigh den Oideachas |
|---|---|---|---|
| **Sliabh an Aonaigh** | 738 | 530 - 71.8% | 87 - 11.8% |
| **Maigh Cuilinn (Toghroinn)** | 2057 | 1240 - 60.3% | 126 - 6.1%<br>(142 -8.4% i 2006) |
| **Tulach Mhic Aodháin (cuid)** | 1490 | 897 - 60.2% | 86 - 5.8% |
| **Maigh Cuilinn (LPT ar fad)** | **4285** | **2667 - 62.2%**<br>**(2011: 2668 - 66.0%)** | **299 - 7.0%**<br>(2011: 339 - 8.4%) |
| **Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn** | 1616 | 869 - 53.8% | 98 - 6.1% |
| **Meán Náisiúnta** | 4m | 1.7m - 41% | 77,000 - 1.8% |

**Tábla a 2: Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge 2016**

Tá líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) i dtoghroinn Shliabh an Aonaigh níos airde (Tábla a 1) ag 11.8% agus tá cumas sa Ghaeilge ag 72%. Is mar a chéile a bheag nó a mhór gach áit eile sa Limistéar le 62% cumas ar an meán (ach titim ó 65% i 2011) agus thart ar 6% ina gCLG.

- Chuaigh an daonra in airde 209 duine ach **thit líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge 40 duine**.
- Tá **laghdú 1/6** tagtha ar líon na gCainteoirí Laethúla mar sciar den phobal.
- Fós ag 7% CLG tá seo ag **4 oiread** an mheáin náisiúnta (1.6-1.7%).
- Líon na gCainteoirí sa daonra le 'cumas' áirithe gurbh fhéidir a iompó ina gCainteoirí Laethúla – **2,368.**
- Meastar go hiondúil gur 25% daoibhsin le Gaeilge sa Daonáireamh a bhfuil líofacht mhaith acu. Anseo tá Gaeilge ag 2,667 agus an ceathrú chuid, sin 667. Ciallaíonn sin go bhfuil thart ar **360-70 Cainteoir Líofa nach labhraíonn go laethúil**.
- **Líon na gCainteoirí Seachtainiúla 324 –** tharla méadú de 24 ó 2011.
- **719 eile** a labhraíonn sa gCóras Oideachais amháin gach lá – scoláirí & múinteoirí / foireann scoileanna a chónaíonn i Maigh Cuilinn (ní gá go n-oibríonn siad anseo).

Tugann an t-eolas atá i dTábla a 2 bonnlíne níos fearr dúinn i dtaobh na n-aoisghrúpaí agus dá bhrí sin don chéad dá Dhaonáireamh eile i 2021 & 26. Léiríonn sé go han-soiléir an tábhacht atá le gníomhaíochtaí a eagrú don aoisghrúpa idir 12 & 18 mbliana trí mheán na Gaeilge. Tá cumas sa Ghaeilge ag 87%, i bhfad níos mó ná aon aoisghrúpa eile ach is ina measc atá an ráta is ísle ar fad de chainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den oideachas ag 3.3%.

[16] Daoine 3 bliana agus níos sine a labhraíonn Gaeilge gach lá, lasmuigh den chóras oideachais.

| LPT: Maigh Cuilinn | Iomlán (3 bl. +) | 3 - 11 bhliain | 12 - 18 mbliana | 19 - 29 bliain | 30 - 44 bliain | 45 - 64 bliain | 65 bliana agus níos sine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais | 299 (7.0%) | 35 (5.0%) | 16 (3.3%) | 28 (6.2%) | 68 (7.4%) | 93 (7.6%) | 59 (11.1%) |
| Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais | 339 (7.9%) | 36 (5.1%) | 35 (7.4%) | 44 (9.8%) | 78 (8.5%) | 94 (7.7%) | 52 (9.8%) |
| Labhraíonn Gaeilge ní chomh minic sin lasmuigh den chóras oideachais | 977 | 37 | 47 | 144 | 215 | 362 | 172 |
| Nach labhraíonn Gaeilge riamh lasmuigh den chóras oideachais | 1,039 | 331 | 314 | 76 | 117 | 138 | 63 |
| **Iomlán na gCainteoirí Gaeilge (% den aoisghrúpa)** | **2,667 (62.2%)** | **439 (63.1%)** | **412 (87.2%)** | **292 (65.0%)** | **478 (52.4%)** | **687 (56.2%)** | **346 (64.9%)** |
| Iomlán an Daonra (3 bl.+) | 4,285 | 695 | 472 | 449 | 913 | 1,223 | 533 |
| Líon daoine gan Ghaeilge | 1,618 | 256 | 60 | 157 | 435 | 536 | 187 |

**Tábla a 3: Maigh Cuilinn - Figiúirí de réir Aoise[17].**

Léiríonn Tábla a 4 thíos go mbaineann an treócht chéanna, is é sin titim i líon na gcainteoirí laethúla ní hamháin le Maigh Cuilinn ach leis na toghranna béaldorais ar fad - Bearna, Na Forbacha agus An Spidéal agus titim 8.8% - 9.3% acu uile atá beagán faoi bhun an 11.8% ar an meán i dtoghranna LPT Mhaigh Cuilinn. Seo iad na toghranna ar fad Chatagóir B is C[18] atá idir cathair na Gaillimhe is LPT'anna/toghranna Chatagóir A mhórcheantar Gaeltachta Chonamara ón Spidéal siar.

| Toghroinn nó LPT[19] | Líon na gCainteoirí Laethúla 2016 (2011) | Athrú ó 2011 go 2016 mar sciar den Chéatadán |
|---|---|---|
| LPT Mhaigh Cuilinn | 299 (339) | - 40 (-11.8%) |
| TR an Spidéil | 659 (723) | - 64 (-8.9%) |
| TR na bhForbacha | 262 (289) | - 27 (-9.3%) |
| TR Bhearna | 229 (251) | - 22 (-8.8%) |

**Tábla a 4: Athruithe i Líon na gCainteoirí Laethúla sa Spidéal, Maigh Cuilinn, na Forbacha agus Bearna 2011 go 2016.**

[17] Eolas faighte ón POS i gcomhfhreagras ar an 11/9/2018.

[18] Catagóirí A, B is C mar a shainmhínítear iad sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT, 2007). A: os cionn 67% den phobal os cionn 3 bliana d'aois ina gCainteoirí Laethúla Gaeilge laistigh nó lasmuigh den chóras oideachais, B: idir 44% is 67% agus C: faoi bhun 44%. Ar fáil ag http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2014/01/Staid%C3%A9ar-Cuimsitheach-Teangeola%C3%ADoch-ar-%C3%9As%C3%A1id-na-Gaeilge-sa-Ghaeltacht.pdf.

[19] Baineann TR an Spidéil agus na bhForbacha le LPT Chois Fharraige agus TR Bhearna le LPT Bhearna is Chnoc na Cathrach.

### 3.11.2 Gníomhaíochtaí Gaeilge

Tá réimse gníomhaíochtaí fadbhunaithe ar siúl i limistéar pleanála teanga Mhaigh Cuilinn chun an Ghaeilge a chothú agus a fhorbairt lasmuigh den chóras oideachais.

| | |
|---|---|
| Paistí óga: | Naíonra Mhaigh Cuilinn; Grúpa Spraoi le Ceol; Campa an Naíonra sa samhradh, Campaí Spraoi Chonradh na Gaeilge sa samhradh |
| Páistí / Déagóirí: | Aisteoirí an Bhaile – drámaíocht do pháistí; Club Ógras; Campa Samhraidh Chonradh na Gaeilge; Campa Cappagh, campa do dhaltaí Ardteiste; Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge; Imeachtaí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (CCÉ). |
| Daoine fásta: | Ranganna Gaeilge; Ciorcail Chomhrá; Imeachtaí éagsúla i dTeach na Gaeilge; Aisteoirí an Bhaile - Drámaíocht; Seoltaí Leabhar ag Údair Mhaigh Cuilinn |
| Feasacht Teanga: | Féasta Sráide; Feidhmiú Theach na Gaeilge; Feachtais stocaireachta náisiúnta don Ghaeltacht & don Ghaeilge |
| Cúrsaí Spóirt: | Cumann Peile páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta; Óstaíocht déanta ar an gComórtas Náisiúnta i 2014. Cumann Pheil na mBan páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta; Comórtas Blitz d'fhoirne faoi 10 eagraithe ag Cumann Peil na mBan; Liathróid Láimhe: Imeachtaí á n-eagrú do Ghaeltacht Chonamara uile. |
| Imeachtaí Náisiúnta: | Bus eagraithe don ócáid "BEO" mar chuid de Bhliain na Gaeilge; toscaireacht leanúnach chuig Ard-Fheiseanna Chonradh na Gaeilge; freastal ar imeachtaí éagsúla Ghlór na nGael; An tOireachtas; Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge; Seachtain na Gaeilge. |

### 3.12 Cúnamh ón Roinn Cultúir, Oidhreachta is Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta: 2009-18

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2009** | Coiste na Páirce- CLCG Maigh Cuilinn | Forbairt páirc uile-aimseartha | € 134,125 |
| **2012** | Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua | Trealamh teicneolaíochta | € 2,153.00 |
| **2014** | Coiste na Páirce- CLCG Maigh Cuilinn | Tarmac do ionad páircéala | € 14,301.00 |
| **2014** | Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn | Carrchlós Árus Uilinn | € 6,381.00 |
| **2016** | Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn | Oibreacha Riachtanacha | € 7,279.00 |
| **2016** | Cumann Liathróid Láimhe Mhaigh Cuilinn | Forbairt ar na háiseanna | € 17,100.00 |
| **2017** | Cumann Liathróid Láimhe Mhaigh Cuilinn | Forbairt ar na háiseanna | € 5,739.00 |
| **2018** | Aisteoirí an Bhaile | Stáitse iniompartha | € 2,000.00 |
| | **Móriomlán** | | **€ 189,078.00** |

**Tábla a 5: Caiteachas Roinn Cultúir, Oidhreachta is Gaeltachta i Maigh Cuilinn 2009-2018**

Feictear i dTábla a 5 gur beagán faoi bhun €200,000 atá caite ag an RCOG sa cheantar le deich mbliana anuas. I dTábla a 6 feictear an t-airgead atá caite ag ÚnaG agus caitheadh €558,374 thar na deich mbliana ar thograí a ceadaíodh. Caitheadh an chuid is mó de seo sna blianta 2008 go 2011 ach gur ardaigh sé arís i

2017. Maoiníodh 27 togra san iomlán agus suimeanna os cionn €100,000 caite ar 2 dhream. Caitheadh suimeanna níos lú ná €10,000 ar 11 thogra agus idir €10,000 agus €20,000 ar 10 dtogra.

Maoiníodh Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn go bliantúil ó 2012 trí dheontas reáchtála a bhronnadh orthu. Níl aon mhaoiniú a dhéanann ÚnaG ar thograí Gaeilge ar nós an Féasta Sráide san áireamh anseo. Tógadh Teach na Gaeilge le linn an ama seo ach ní raibh aon deontas-i-gcabhair i gceist sa togra seo.

| Bliain | Méid iomlán airgid a caitheadh ar Thograí Ceadaithe i Maigh Cuilinn |
|---|---|
| **2008** | €149,169 |
| **2009** | €50,485 + maoiniú do FPMC €13,000 |
| **2010** | €117,838 |
| **2011** | €71,249 |
| **2012** | €43,361 + maoiniú do FPMC €30,000 |
| **2013** | €18,781 + maoiniú do FPMC €31,350 |
| **2014** | €34,881 + maoiniú do FPMC €31,350 |
| **2015** | €25,521 + maoiniú do FPMC €31,350 |
| **2016** | €4,927 + maoiniú do FPMC €23,513 |
| **2017** | €60,945 + maoiniú do FPMC €42,837 |
| **Iomlán** | €558,374 + maoiniú do FPMC €203,400 |
| **Mór-Iomlán** | **€761,774** |

**Tábla a 6: Caiteachas Údarás na Gaeltachta ar thograí fostaíochta i Maigh Cuilinn 2008-2017**[20]

### 3.13 Tátal

Tá Maigh Cuilinn i gConamara ach é suite ar an N59 amach as Gaillimh scoite amach leis féin ó Ghaeltacht Chois Fharraige ach fós sách ceangailte leis ní hamháin trí dhá bhóthar, Bóthar an Spidéil agus Bóthar Bhearna ach go bhfuil roinnt den seanmhuintir ann agus daoine muinteartha ó dheas acu. Tá fás as cuímse ag tarlúint i Maigh Cuilinn - tá méadú mór sa daonra ag leanacht ar aghaidh agus forbairtí fisiciúla in ann dó, ina measc 350 teach breise a bhéas le tógáil. Tógfar seachbhóthar a thógfas cuid mhór den trácht (príomhbhóthar Chonamara ó thuaidh le Gaeltacht Chonamara Thiar agus Chorr na Móna san áireamh) amach as an sráidbhaile agus tá iarrachtaí ar bun feabhas a chur ar an gcóiríocht scoile agus ar áiseanna pobail.

[20] Eolas le fáil ar shuíomh idirlín Údarás na Gaeltachta: http://www.udaras.ie/faoin-udaras/foilseachain/tuarascalacha-bliantula-agus-raitis/.



**Buaiteoirí Thráth na gCeist Sheachtain na Gaeilge**

Go socheacnamúil tá an ceantar i bhfad níos fearr as ná an chuid eile de Ghaeltacht na Gaillimhe. Tá caighdeán ard oideachais ar na daoine, tá fostaíocht forleathan agus rátai ísle drochshláinte agus míbhuntáiste ann. Cé go n-oibríonn mórchuid den phobal i nGaillimh níl aon mhór-éileamh ar fhostaíocht an-mhór a chruthú sa limistéar. Bruachbhaile de Ghaillimh é i roinnt slite (fiú imrionn an fhoireann cispheile áitiúil in OÉG) agus dá bhrí sin suim ar leith sa cheantar i bPlean Teanga Bhaile Seirbhíse Gaeltachta chathair na Gaillimhe.

As an gceithre bhunscoil cé go bhfuil traidisiún maith Gaeilge iontu uile, níor ghlac ach scoil amháin páirt sa SASG de chuid an pholasaí don oideachas Gaeltachta. Níl aon iarbhunscoil san áit ach freastalaíonn 500+ déagóirí ar 10-12 iarbhunscoil éagsúil, péire acu sa SASG. Freastalaíonn go leor den aoisghrúpa 19-25 ar an tríú leibhéal i nGaillimh agus coinníonn an-chaidreamh le Maigh Cuilinn cé go gcónaíonn go leor sa gcathair, nach bhfuil ach deich gciliméadar ón sráidbhaile. Níl ach an beagán ó thaobh chúrsaí oideachais fadsaoil agus aosaigh ar siúl sa limistéar.

Tá FPMC féin seanbhunaithe agus ceanncheathrú acu i seanscoil le Teach na Gaeilge lena thaobh. Tá an iliomad grúpaí spóirt, ceoil is siamsaíochta (ealaíona Gaeltachta san áireamh), grúpaí sóisialta agus eile ag feidhmiú sa cheantar.

Dhá ollmhargadh maraon le siopaí beaga seirbhíse agus tithe tábhairne is bialanna atá sa tsráidbhaile. Tá dhá Theach Altranais ar an mbaile agus roinnt fostaithe iontu. Baile turasóireachta é sa mhéid is go bhfuil na seirbhísí thuasluaite ann, tá tóir ag turais scoile ar an gceantar, é ina gheata do Chonamara ó thuaidh agus don Ghaeltacht thiar ach freisin Bealaigh Ghlasa is Ghorma agus ionad eachtraíochta le forbairt sar i bhfad sa mbaile. Tá an-rochtain ar an leathanbhanda sa cheantar agus na meáin chumarsáide agus shóisialta á n-úsaid go tréan. Níl aon mhórfhorbairt de chuid ÚnaG san áit. Tá líon áirithe seirbhísí poiblí ann.

Ó thaobh na Gaeilge de, deir an SCT gur ceantar Gaeltachta Catagóir C é Maigh Cuilinn le tamall agus i nDaonáireamh 2016 chonacthas go bhfuil an staid reatha teanga éirithe níos laige le titim i líon na gcainteoirí laethúla ó 339 (8.4%) go 299 (7.0%) ó 2011. Tá an cúlú i líon na gcainteoirí laethúla ar aon dul

leis an gcúlú i mBearna, na Forbacha agus an Spidéal, na toghranna Gaeltachta béaldorais ó dheas ón Limistéar - an crios sin den Ghaeltacht atá suite idir Cathair na Gaillimhe agus Ceantar Catagóir A Ghaeltacht Chonamara.

Ó thaobh maoiniú ón RCOG agus ÚnaG, caitheadh gar do €1M sa cheantar thar tréimhse deich mbliana agus sin le FPMC san áireamh. Chuaigh maoiniú RCOG chuig ceithre thogra a bhí bainteach go mór leis an nGaeilge (freastalaíonn an dá ghrúpa spóirt ar cheantair Ghaeltachta Catagóir A ina gcuid imeachtaí). Cé go raibh laghdú mór tagtha ar mhaoiniú ÚnaG do thograí fostaíochta ó 2011 ar aghaidh bhí ardú suntasach ann i 2017 agus ceithre thogra nua á maoiniú. Cuid de na tograí seo le deich mbliana anuas is tionscnaimh iad a bhaineann leis an turasóireacht agus bheadh sé cuí polasaí teanga a bheith acu le gné na Gaeilge a fhorbairt leis na cuairteoirí go háirithe gasúir scoile áitiúla.




**Áras Uilinn i Maigh Cuilinn mar a bhfuil an Naíonra, FPMC agus go leor eile suite**

# 4. Ullmhú an Phlean Teanga, an Taighde & Torthaí an Taighde

## 4.1 Poiblíocht agus Tús le Taighde

### 4.1.1 Feachtas Feasachta i dtaobh an Phróisis Phleanála Teanga & na Meáin Chumarsáide

Nuair a chuir Údarás na Gaeltachta in iúl go raibh stádas ceanneagraíochta bainte amach eagraíodh réamhchruinniú ar an 15 Feabhra 2017 den ghrúpa a bhí ag plé leis an iarratas a ullmhú. Socraíodh cruinniú ginearálta a eagrú ar an 27 Márta 2017 chun oifigigh agus coiste a thoghadh. Ag an am céanna bhí na socruithe riaracháin le hÚdarás na Gaeltachta ag bogadh chun cinn agus ar an 30 Márta 2017 síníodh an comhaontú mar eagraíocht pleanála teanga.

Ag an gcruinniú ar an 27 Marta 2017 roghnaíodh na hoifigigh agus an coiste. Aontaíodh ag an gcruinniú sin go mbeadh ballraíocht ar an gcoiste oscailte do dhuine ar bith a mbeadh spéis acu a bheith páirteach sa phróiseas. Aontaíodh freisin an struchtúr oibre, cuspóirí an phlean teanga, na tacaíochtaí a bheadh ar fáil agus a bheadh ag teastáil chun an plean teanga a ullmhú.

Socraíodh sraith de bheartais chun an próiseas pleanála teanga a fhógairt agus chun spéis an mhórphobail a mhúscailt. Ar na beartais sin bhí, dearadh branda/lógó don phlean, ullmhú bileog eolais agus ócáid phoiblí, mar atá le feiceáil thíos, a eagrú chun an feachtas poiblíochta a sheoladh. Aontaíodh freisin suíomh idirlín agus leathanach Facebook a eagrú agus seoladh ríomhphost agus cuntas Twitter a oscailt.


Ba bhreá le
**Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn agus Conradh na Gaeilge**
tú a bheith linn sa Forge, Maigh Cuilinn, Déardaoin 22 Meitheamh ag 8.00i.n. tráth a sheolfaidh Seán Kyne TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, feachtais eolais do Phlean Teanga Mhaigh Cuilinn.

You are invited by
**Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn and Conradh na Gaeilge**
to the Forge, Maigh Cuilinn on Thursday 22nd of June at 8.00pm When Seán Kyne TD, Minister of State, Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs, will launch the information campaign for the Maigh Cuilinn Irish Language Plan

**RSVP: gaeilgemhaighcuilinn@gmail.com**

Conradh na Gaeilge | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta / Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs | Forbairt Phobail Maigh Cuilinn | Údarás na Gaeltachta

Tugadh faoin obair sin agus bhí formhór na hoibre sin déanta faoin am ar tháinig an coiste le chéile arís ar an 31 Bealtaine 2017. Ag an gcruinniú rinneadh uasdátú ar an obair a bhí déanta agus a bhí fós le déanamh. Ceadaíodh an t-ábhar a bhí le cló agus rinneadh breis ullmhúchán don ócáid seolta a bhí beartaithe. Aontaíodh clár poiblíochta agus cuireadh liosta le chéile de na spriocghrúpaí agus sonraí teagmhála ar gá díriú orthu don ócáid.

Ag an gcruinniú seo freisin bhí an comhairleoir Bríd Ní Chualáin ó Údarás na Gaeltachta i láthair agus rinne sí cur i láthair ar an gcur chuige a bhí de dhíth chun an plean teanga a ullmhú.

### 4.1.2 Ócáid Phoiblíochta

Reáchtáladh an ócáid phoiblíochta ar an Déardaoin 22 Meitheamh 2017 sa Forge. Rinne an tAire Stáit Seán Kyne TD an feachtas eolais do Phlean Teanga Mhaigh Cuilinn a sheoladh. Ar na cainteoirí eile a bhí ag an ócáid bhí: Pádraic Ó Conghaile, Údarás na Gaeltachta; John Nolan, Rúnaí Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn; Peadar Mac Fhlannchadha, Cathaoirleach an Choiste Pleanála; Jimmy Ó Céide, Bainisteoir Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn; Eibhlín Ní Cheallaigh, ceannaire óg ón gCampa Samhraidh.

Bhí plé oscailte ann i ndiaidh na gcainteanna agus tugadh cuireadh do dhaoine páirt a ghlacadh san obair a bhí beartaithe. D'fhreastail c. 100 duine ar an ócáid.

Rinneadh athbhreithniú ar an ócáid seo ag an gcruinniú den Choiste a tionóladh ar an gCéadaoin 29 Meitheamh 2017 agus rinneadh socruithe eile chun cur leis an bplean poiblíochta agus chun an bhileog phoiblíochta a scaipeadh, idir bileoga clóite agus an leagan pdf.




**4.1.3 Tús le Taighde**

Bhí cuireadh tugtha d'Ursula Ní Shabhaois ó Áras na nGael, agus bean a raibh an-chuid obair taighde déanta aici, cur i láthair a dhéanamh maidir le céim an taighde den phlean agus an meascán taighde a bheith de dhíth a léiriú. Aontaíodh iarradh ar Ursula agus Áras na nGael tabhairt faoin gcéad chuid den taighde agus na ceistneoirí 'srl. a ullmhú.

Ag an gcruinniú ar an 25 Meán Fómhair 2017 tugadh uasdátú ar an bplean taighde agus an dul chun cinn. San áireamh sa phlean taighde bhí: Sonraí ón Daonáireamh; Suirbhé don phobal bunaithe ar chlár na dtoghthóirí; Suirbhé tuismitheoirí; Suirbhé múinteoirí; Suirbhé páistí scoile; Suirbhé lucht gnó; Suirbhé eagraíochtaí atá ag feidhmiú sa phobal; Grúpaí fócais.

Rinneadh plé ar na ceistneoirí agus ar na socruithe a bhí de dhíth chun an obair thaighde a dhéanamh. Mar aon leis an suirbhé randamach ar chlár na dtoghthóirí, socraíodh suirbhé ginearálta a dhéanamh sa phobal agus rinneadh na socruithe chun an ceistneoir seo a scaipeadh.

Ag cruinniú den choiste pleanála ar an 13 Samhain 2017 rinneadh uasdátú ar an bplean taighde. Rinneadh socruithe freisin comhairleoir pleanála teanga a fhostú.

Ag cruinniú den choiste pleanála ar an Dé Máirt 9 Eanáir 2018 rinne Mait Ó Brádaigh, Comhairleoir Pleanála Teanga, cur i láthair faoi ullmhú an phlean teanga. Chinn an cruinniú Mait Ó Brádaigh a cheapadh mar chomhairleoir phleanála teanga do choiste pleanála teanga Mhaigh Cuilinn.

**4.1.4 Cruinnithe Míosúla**

Reáchtáladh cruinnithe coiste gach mí agus cuireadh leathan ag daoine bheith páirteach iontu. Ghlac thart ar 35 duine (Coiste Comhairleach) páirt iontu ag pointe éigin agus timpeall is deichniúr mar bhuanchoiste (féach Mír a 2.6). Scríobhadh agus glacadh le miontuairiscí agus d'fhreastail an comhairleoir pleanála teanga agus ionadaí ó ÚnaG ar na cruinnithe i gcónaí. Pléadh dul chun cinn an Phlean go háirithe mar a dhéanfaí taighde i measc an phobail.

**4.1.5 An Taighde ag leanacht i 2018**

Arís i 2018 scaipeadh tuilleadh ceistneoirí ar ghrúpaí éagsúla, tríd na scoileanna agus ar líne le deis a thabhairt do chuile dhuine a dtuairimí a thabhairt don choiste. Ag an am gcéanna, reáchtáladh fócasghrúpaí éagsúla, baineadh triail as taighde gnímh, glacadh le haighneachtaí agus le cur chuige cruinnithe míosúla an Choiste Stíurtha, fuarthas an t-uafás aiseolais. Chomh maith leis sin bhí teacht againn ar thrí phíosa taighde[21] a rinneadh go háitiúil sna 10 mbliana roimhe sin agus ar thaighde is ar dhea-chleachtais eile náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis an sochtheangeolaíocht fheidhmeach, leis an tumoideachas agus eile.

**4.2 Míreanna an Taighde agus Na Torthaí**

**4.2.1 Ceistneoirí 2017[22] & 2018**

**(a) Gasúir Bunscoile Rang a 6, 2017:** 72 freagra agus sin 80% de na gasúir. Labhartar Béarla nó 'Béarla is mó', a deir siad, sa teaghlach. Leis an múinteoir is mó a labhartar Gaeilge ach amanta le mam, daid is siblíní freisin. Fíorbheagán le cairde. Dearcadh maith acu i leith na Gaeilge agus fonn orthu tuilleadh a labhairt. Ar scoil agus sa spórt nó clubanna/caithimh aimsire atá an bhreis Ghaeilge uathu.

Ina gcuid tuairimí, thug cuid de na gasúir suntas don bhféiniúlacht agus go mbaineann an teanga le dúchas agus oidhreacht na tíre. Maidir le foghlaim agus labhairt is nithe dearfacha is mó a bhí le rá acu - taitneamh, éasca, focail nua, spraoi agus buntáiste breise na Gaeilge. Taitníonn an campa samhraidh leo freisin.

**(b) Déagóirí sna hIarbhunscoileanna 2018:** Eagraíodh suirbhé ar líne do dhéagóirí an cheantair i mí na Bealtaine 2018. B'éigean seo a dhéanamh le cabhair iarbhunscoileanna lasmuigh den cheantar agus ansin san anailís na déagóirí nach gcónaíonn i Maigh Cuilinn (an mhórchuid) a bhaint as na torthaí.

D'fhág sin 61 freagróir scaipthe réasúnta cothrom idir na buachaillí agus na cailíní agus trasna na n-aoiseanna ó 11 go 17 mbliana. Ba sa mBaile Nua is mó (34) a fuair siad a gcuid oideachais bunscoile agus

[21] Conradh na Gaeilge (2008), Rowland & Walsh (2009) - féach fo-nótaí a 3 is a 4. Freisin Nic Fhlannchadha (2016) atá ar fáil ag http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n3Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.
[22] Aguisín B: Tuairisc Taighde - Pleanáil Teanga Mhaigh Cuilinn, Nollaig 2017.

18 a bhí i Scoil Mhuire agus beirt sna Tuairíní. 6 a bhí ar an mbunscoil lasmuigh de Mhaigh Cuilinn. Ráta freagartha measta de 13% atá íseal le trí iarbhunscoil as dhá iarbhunscoil déag páirteach.

B'as Maigh Cuilinn don cheathrú cuid dá tuistí agus as Gaeltachtaí eagsúla do 10% eile. As Condae na Gaillimhe is mó a thagann na tuistí eile agus an chuid eile d'Éirinn a bhfuil fágtha seachas 8% as tíortha thar lear. Tá 'a lán Gaeilge' ag 25% de na tuistí dar leis na scoláirí.


# tuismitheoirí scoláirí dara leibhéal i ngaillimh

English Version on Reverse Side

Mar pháirt de ghníomhaireacht de chuid Roinn na Gaeltachta, bunaithe ar Acht na Gaeltachta (2012), tá 3 cheantar áitiúla ag ullmhú Pleananna Teanga agus tá an Chathair féin ag triail bheith ina Baile Seirbhíse Gaeltachta. Mairfidh gach plean 7 mbliana agus tá rí-thábhacht ag baint leo i ngach ceantar Gaeltachta. An rud atá sa Phleanáil Teanga ná teanga phobail áirithe a chur chun cinn.

I gcás

**Mhaigh Cuilinn, Bearna / Cnoc na Cathrach, Mionlach / Tír Oileáin / Caisleán Gearr & Cathair na Gaillimhe**

Cuirfidh an Próiseas reatha Pleanála Teanga na nithe seo a leanas chun cinn:

- Méadú i líon agus in éagsúlacht na nImeachtaí Óige trí Ghaeilge
- Úsáid na Gaeilge sa phobal a mhéadú
- Líon na gcainteoirí laethúla a mhéadú
- An Ghaeilge a spreagadh mar theanga teaghlaigh
- Tacaíochtaí do dhaoine fásta ag athfhoghlaim, nó ag céadfhoghlaim na Gaeilge, a chur chun cinn
- Úsáid agus Foghlaim na Gaeilge i Naíonraí, Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna a chur chun cinn trí thacaíochtaí a chur ar fáil do mhúinteoirí

Chun cabhrú leis an bPróiseas, táimid i mbun Suirbhé gearr a chur ar Scoláirí Dara Leibhéal i scoileanna na Cathrach, le cabhair óna gcuid múinteoirí Gaeilge. Tomhaisfidh an Suirbhé a gcuid tuairimí ar a gcumas i nGaeilge agus mar a úsáideann siad an teanga. Liostálfar a gcuid Caitheamh Aimsire agus Clubanna agus tabharfar le fios cén imeachtaí ba mhaith leo a fheiceáil á reáchtáil as Gaeilge.

Idir an dá linn, ba mhaith linn sibh a threorú chuig na Coistí Pleanála Teanga sna ceantair éagsúla (thíosliostáilte) agus sibh a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna Suirbhéanna do Thuismitheoirí, anois i gcás Mhaigh Cuilinn nó amach anseo sna ceantair eile (coinnigh súil ar na meáin áitiúla).

**Ag glacadh buíochas libh as bhur gcomhoibriú,**

**Coiste Pleanála Teanga Mhaigh Cuilinn i bpáirt le Coistí Pleanála Teanga eile.**
ríomhphost: gaeilgemhaighcuilinn@gmail.com.

Féasta Sráide Mhaigh Cuilinn

Dé Domhnaigh 10 Meitheamh 2-6pm
Go leor leor imeachtaí don Teaghlach ar fad!

Gaeilge Mhaigh Cuilinn

Maigh Cuilinn - Suirbhé do thuismitheoirí / dhaoine fásta ar oscailt anois go dtí an 1 Meitheamh Tá os cionn 30 duine ina mbaill den Choiste agus iad ag teacht le chéile go rialta, ag eagrú suirbhéanna, ní amháin ar theaghlaigh ach ar ghnónna is eagrais shóisialta, etc. Tá súil dréachtphlean a bheith réidh do chomhairliúchán tar éis an tsamhraidh. Tá an Coiste lonnaithe i dTeach na Gaeilge ag Áras Uilinn agus is féidir dul i dteagmháil leo ag **gaeilgemhaighcuilinn@gmail.com**.

Anois ba mhaith linn gach teaghlach a spreagadh chun Suirbhé gairid do Dhaoine fásta a líonadh ar líne trí nasc ag **www.gaeilgemhaighcuilinn.com** nó **www.moycullen.net.**

Is féidir teacht ar na Coistí eile mar seo a leanas:
Bearna / Cnoc na Cathrach: pobal@ptbc.ie; www.ptbc.ie nó 0896173978.
Mionlach / Caisleán Gearr / Tír Oileáin (Oirthear Chathair na Gaillimhe): anbhruachthoir@gmail.com nó 0876785534
Cathair na Gaillimhe: Gaillimh le Gaeilge ag https://www.gleg.ie/coiste-stiurtha-pleanala-teanga-gaillimh/ nó eolas@gleg.ie agus 091568876.

**Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'Údarás na Gaeltachta as a gcabhair leis an Suirbhé seo**

Maidir lena gcumas féin, measann leath go bhfuil siad 'an-mhaith' ag an tuiscint ach 33% 'an-mhaith' ag an gcaint, scríobh agus léamh. Ón scoil is mó a thugann siad an Ghaeilge leo (74%) ach foghlaimíonn siad an teanga óna dtuistí (15%) freisin. Maidir le deiseanna labhartha arís is sa rang ar scoil a tharlaíonn siad (66%) agus le cairde ar scoil (40%). Deir 60% nach labhraíonn siad Gaeilge le cairde lasmuigh den scoil ar chor ar bith gan ach duine amháin a labhraíonn i gcónaí le cairde.

**(c) (i) Tuismitheoirí 2017:** Arís le sonrú sa Tuairisc Taighde (Aguisín B). 84 freagróir anseo. Tugadh cuireadh do na tuismitheoirí bunscoile é a líonadh agus dá bhrí sin, agus thart ar 440 teaghlach sna bunscoileanna, is ráta freagartha de 19% atá i gceist. Thaispeáin an suirbhé seo cúlra na ndaoine - as Maigh Cuilinn féin do 31%, Gaillimh 23%, cuid eile den tír 39% agus 7% ó áiteanna thar lear. Sa gcumas Gaeilge bhí 'cumas tuisceana' níos fearr ag daoine ná cumais eile agus 25-30% ag rá go raibh cumas maith nó líofacht acu trasna na scileanna teanga ar fad.

An Teaghlach: 3% le Gaeilge á labhairt níos mó ná Béarla sa mbaile. Ar an láimh eile, deir breis is 50% go ndearna siad 'socrú go coinsiasach Gaeilge a labhairt leis na páistí' in amanna. Bheadh tacaíocht uathu - deiseanna sóisialta/comhairle/seirbhísí leabharlainne/cumainn óige agus gréásáin le teaghlaigh eile.

Tuairimí a nochtadh maidir leis na dúshláin a bhaineann le Gaeilge a labhairt le gasúir: Easpa misnigh, nach gcloistear an teanga sa phobal, easpa suime ag an scoil, easpa cumais ag tuistí eile, easpa gá agus easpa deiseanna. Theastódh tumadh go hiomlán, a deir duine amháin, ar feadh lá nó dhó len í a fháil ar ais. Gá le *'refresher courses'*. Tábhachtach na gasúir a bheith muiníneach sa teanga ag dul chuig an dara leibhéal. Díol suntais gur scríobhadh breis is 50 tuairim anseo as 84 freagra - léiriú spéise ann féin é sin.

Dearcadh faoin Stádas Gaeltachta: Anseo is 83% aontú le 'fíorthábhachach' a bhí ann. Bhí 40% míshásta le caighdeán Gaeilge a gcuid gasúr. Leath is leath a cheap gur thaitin sé leis na gasúir Gaeilge a labhairt agus 60% a chonaic Gaeilge a bheith tábhachtach i bhféiniúlacht an teaghlaigh. Níor mheas ach 10 go raibh a fhios acu cén áit le dul le tacaíocht a fháil le Gaeilge a labhairt le gasúir.

Tuairimí breise: Iarratas arís go múinfí Gaeilge sna scoileanna, i gclubanna obair bhaile agus in ógchlubanna. Ranganna nó Ciorcail Chomhrá ar bheagán costais an-lárnach a deir duine amháin. Buairt léirithe faoi na scoileanna a bheith lasmuigh den SASG. An deontas (SLG) a thabhairt ar ais. Glacann tuistí leis go mbeidh an teanga á múineadh sna scoileanna.

(ii) **Suirbhé arlíne (Tuistí) i 2018:** 50 freagróir. Cosúil le C (i) thuas tugadh cuireadh do na tuismitheoirí é a fhreagairt go háirithe tuistí le scoláirí iarbhunscoile acu. Má chuirtear 50 is an 84 freagróir (thuas, C(i)) le chéile is 134 an t-iomlán atá ann. Mar sin as 702 teaghlach[23] is 19% an ráta freagartha do thuismitheoirí le gasúir faoi bhun 19 mbliana d'aois. Mná is mó a d'fhreagair agus formhór idir 30 agus 50 bliain d'aois. Tháinig 50% as sráidbhaile Mhaigh Cuilinn, 25% as an mBaile Nua agus an chuid eile as na Tuairíní is Tulach Mhic Aodháin, a bheag nó a mhór mar atá an pobal lonnaithe ach níos mó as an mBaile Nua, an ceantar is láidre Gaeilge. Arís b'as Maigh Cuilinn féin 1/3 de na freagróirí, beagáinín faoi bhun 30% as Co na Gaillimhe is gar do 40% as an gcuid eile d'Éirinn le 4% lasmuigh den tír.

Maidir le cumas Gaeilge bhí idir 50-70% 'maith' nó 'líofa' sna ceithre scil teanga leis an tuiscint ag an mbarr agus an léamh sa dara háit. Scríobh a bhí in íochtar ag 50%.

Ó thaobh úsáid na teanga, is le gasúir is mó ar fad a labhartar í le 9 as 10 á rá go ndéanann siad sin. Seachas sin thuairiscigh 38% gur labhair siad ag an obair agus ina dhiaidh na hócáidí ba mhó ná le cairde/gaolta agus geata na scoile. Fiosraíodh faoi TG4 agus RnaG agus bhí 12% ag éisteacht le RnaG go minic agus 30% ag féachaint go rialta ar TG4. Figiúirí níos ísle go maith ná an cumas de 60% ar an meán. 25% atá ag léamh na Gaeilge ar an idirlíon nó i bprionda agus 40% a d'úsáid Gaeilge sna meáin shóisialta.

Arís bhí an-tacaíocht le sonrú maidir le mianta chun feabhas a chur ar chumas teanga (84%). Tugadh roghnú mór le héagsúlacht sna cuir chuige do na freagróirí - ranganna, teastais, ciorcail neamhfhoirmeálta agus fuair siad uile tacaíocht leis na 'Ócáidí rialta neamhfhoirmeálta' chun cinn ag 50%. Léirigh 84% tacaíocht don stádas Gaeltachta a bheith 'tábhachtach' agus fiosraíodh na fáthanna: seachadadh na Gaeilge

[23] Daonáireamh 2016, Téama a 4: An Teaghlach. 702 teaghlach leis an bpáiste ab óige 19 mbliana nó faoi.

chuig an aos óg, caomhnú na hoidhreachta agus cothú na féiniúlachta is mó a fuair tacaíocht (50-70%). Luaigh duine as ceathrar 'deontais Ghaeltachta' a bheith tábhachtach.

2% a bhí in ann a rá go raibh Gaeilge chun tosaigh ina dteaghlaigh. Sna caithimh aimsire a bhí ag na gasúir, liosta de 30 a bhí ann agus b'iad na Cluichí Gaelacha ba mhó a luadh go nglactar páirt iontu (70%) agus Snámh sa dara háit. Duine as cúigear a bhíonn ag gabháil den cheol traidisiúnta agus an oiread céanna ag ranganna eile ceoil. Tá cúram leanaí lasmuigh den mhórtheaghlach roinnte leath is leath idir Creche agus feighlithe príobháideacha, le nós an au pair ag roinnt bheag.

Tuairimí scríofa: Labhraíodh faoin easpa áiseanna sa Bhaile Nua, faoi léitheoireacht na Gaeilge ag an aos óg (moladh scéim RCOG mála leabhra a bhronnadh ar thuistí óga) agus cúrsaí fónaicí sna hógranganna (scéal atá á leigheas ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus scéim 'Mar a déarfá') agus go dtéann ar a laghad teaghlach amháin ag seirbhís eaglasta in áit eile i ngeall ar an easpa Gaeilge go háitiúil. Tráchtadh ar an modh ('níor cheart an rogha a fhágáil ag tuistí') inar rinneadh cinntí sna scoileanna faoin SASG agus léiríodh an tábhacht atá le cumas sa Ghaeilge a thabhairt don aos óg - "*Irish will survive as long as the kid's have it, if its lost from the schools it will be gone from Moycullen within 2 generations"*.

Moladh an obair atá ar siúl cheana agus freisin Féile Ghaeilge a chur ar siúl. Arís tagraíodh don easpa imeachtaí iar-am-scoile i nGaeilge a fhágann é an-deacair an teanga a labhairt ag an mbaile - '*Bheadh se iontach da mbeadh cupla 'seampainí' oga sna clubanna aitiula'*. Ar deireadh luadh an gá le Gaeilge sa saol gnó agus i siopaí.

**(d) Daoine Fásta eile (Suirbhé randamach a rinneadh i 2017)**: 72 freagra a fuarthas as 320, sin ráta freagartha de 23%. Scaipeadh iomlán trí na bailte fearainn. 38.5% fir agus 61.5% mná agus cuid mhór (78%) de na freagróirí idir 40 agus 69 bliain d'aois. 10% ina gcainteoirí laethúla atá gar don 7% sa daonáireamh agus 3% le Gaeilge á labhairt sa mbaile. Tugann seo bailíocht dá gcuid freagraí eile sa mhéid go meastar na freagróirí a bheith ionadaíoch ar an bpobal ar fad.

Foghlaim na teanga: Léirigh breis is 45 as 72 suim a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Díol suime gur léiríodh tacaíocht áirithe don iliomad modh foghlama, rud a thaispeánann an gá le svuít de straitéisí foghlama a thairiscint do dhaoine fásta. Ar an láimh eile, fiosraíodh cén fath nár mhaith leis an duine a chuid Gaeilge a fheabhsú agus arís díol suime na freagraí - easpa ama, suime, deiseanna agus an díomá nár éirigh leo ina gcuid iarrachtaí roimhe seo agus an droch-thaithí ar scoil.

Cá n-úsáidtear Gaeilge? Beagán i ngach rud ach roinnt in Oifig an Phoist agus ag geata na scoile ach ba mhaith leo an teanga a chloisteáil gach áit. Maidir le RnaG & TG4: Ní éisteann an oiread sin le RnaG ná ní fhéachann ar TG4 (22 as 72, 31%, a fhéachann nó a éisteann gach lá nó gach seachtain).

Dearcadh ar an Stádas Gaeltachta: Anseo a bhí laige sa tacaíocht le sonrú - sna freagraí maidir leis an ráiteas go bhfuil an Stádas Gaeltachta fíor-thábhachtach a choimeád - faoi bhun 50% a thacaigh ach níor cuireadh an cheist arís le 'tábhachtach' in áit 'fíor-thábhachtach'.

Sna nótaí scríofa: Arís tháinig an díomá faoi iarrachtaí an teanga a úsáid, nó a fhoghlaim, agus an chaoi nár éirigh leo chun cinn. Moladh Comórtas Peile na Gaeltachta 2014 as an gcaoi a mheall sé chuile dhuine le Gaeilge a labhairt. Léiríodh an tuairim go mbeadh sé deacair dul *'heavily Irish'*. Tugadh le fios nach raibh dóthain béime ar an nGaeilge ar scoil agus díomá nach raibh na déagóirí chomh cumasach sin. Iarradh go ndéanfaí rudaí praiticiúla le cabhrú le húsáid na teanga - frásaí gurbh fhéidir a chur á rá.

**(e) Grúpaí sóisialta is caithimh aimsire**

Dhá shuirbhé a reáchtáladh: (i) 2017 (Aguisín B): 12 fhreagra agus meascán de chúlraí - pobal, spórt, óige, eile. Le 30 eagras sóisialta sa cheantar, is ráta freagartha de 40% é seo. Measadh go n-úsáidtear Gaeilge sa

phoiblíocht thar aon ghné eile ach go labhartar í amanta ag cruinnithe agus imeachtaí. Beagán á labhairt sa 'treoir ó thraenálaithe'. Eagraíonn 25% imeacht do Sheachtain na Gaeilge. Maidir le leathnú ar úsáid na teanga, luadh na dúshláin seo: cumas teoranta, easpa ama, agus ceist chúrsaí spreagtha. Ach theastaigh ó 67% bheith páirteach sa Phlean Teanga.

(ii) 2018: Suirbhé teoranta ag tógáil ar shuirbhé 2018 agus d'fhreagair na ceithre cinn is mó atá luaite le Gaeilge agus péire eile. Na rudaí breise anuas ar 2017 a tháinig chun cinn ná cabhair le haistriúchán agus le sainfhoclóir a ngrúpa spéise. Fonn orthu diminsean Gaeilge a shníomh isteach sa bplean bliana ar bhonn rialta a dúirt grúpa amháin a fheidhmíonn trí Bhéarla (daoine fásta). Thug grúpa mór spóirt amháin le fios go mbeadh suim acu deiseanna a bheith a gcuid coitseáilithe scileanna Gaeilge a fhoghlaim. Bhí siad, chomh maith, ag súil le dea-chleachtais a bhailiú ón OPT amach anseo.

**4.2.2 Grúpaí Fócais, Aighneachtaí.**

**Cinnirí an Champa Samhraidh x 2, Príomhoidí na mBunscoileanna x 2, Foireann/Tuiste Scoil an Bhaile Nua, Tuismitheoirí agus Eagrais Shóisialta. Aighneachtaí ó Ógras, Pobal Scoil an Bhaile Nua agus Aisteoirí an Bhaile.**

**(a) Cinnirí:** Fócasghrúpaí le Cinnirí 15-16 bliana d'aois ón gCampa Samhraidh - Iúil 2017 & arís i 2018

10-12 i láthair an dá bhliain, leath acu i láthair ag an dá cheann. Is léir, sa dá bhliain, spiorad agus mórtas a bheith ina measc maidir leis an obair dheonach atá ar siúl sa gCampa. Is iad na déagóirí seo is líofa ina n-aoisghrúpa. Dearcadh thar a bheith dearfach acu. Iad ag brath go mór ar an gcuraclam agus ar an teagasc scoile anois, cé go bhfuil cuid mhaith acu ag freastal ar Choláiste na Coiribe. Duine nó beirt nach bhfuil ag dul ann agus aris duine nó beirt nach raibh i Scoil an Bhaile Nua (an t-aon scoil a chláraigh don Scéim Aitheantais Ghaeltachta) ach bhí an formhór ar an mbunscoil ann. Mionlucht a bhfuil tuismitheoir nó seantuiste acu le labhairt Gaeilge i gcónaí leis nó léi agus cabhraíonn seo go mór. I gCathair na Gaillimhe is lú a mbíonn fonn orthu labhairt as Gaeilge agus tá páirt an-mhór ag an gCathair agus sóisialú le deagóirí eile ina saol.

Deirtear go n-úsáideann siad Gaeilge ar an bpáirc imeartha spóirt le 'nach dtuigfidh an fhoireann eile' iad. Sa teach sa mbaile agus 'thar lear' ar laethanta saoire na hamanta eile go labhraíonn siad. Fós an-tionchar ag Gaeltacht Chois Fharraige, sé sin siar ón Spidéal, orthu mar go ndeir siad go gcloiseann siad Gaeilge ann agus go labhraíonn siad féin dá réir. Gaolta ag cuid acu sna ceantracha seo.

Tá suntas tugtha acu don chaoi a gcothaíonn an Ghaeilge caidreamh ar leith idir daoine agus go mbíonn pobal laistigh de phobal ann mar gheall ar an teanga. Ceann eile de na moltaí a rinneadh ná go mba mhaith leo amach anseo cúrsaí / ócáidí caidrimh in Ollscoil na Gaillimhe chun an ceangal leis an teanga / an líofacht a choinneáil (mura mbeadh Gaeilge mar ábhar ar siúl acu).

Moltaí atá acu féin: Ócáidí dírithe ar a n-aoisghrúpa ach nach mbeadh siad féin in ann ag an bhfreagracht a bhainfeadh le lán-eagrú orthu gan chabhair. Céilithe Móra, Maidneacha Caifé, srl. Suim ag mionlucht sa Drámaíocht, sna healaíona Gaeltachta. Suim acu i rudaí nua a thriail as Gaeilge m.sh. Zumba, srl. An-easnamh ar Ionaid dóibh le labhairt lena chéile chomh maith le himeachtaí. Spéis áirithe i bhfeighlíocht agus i gcinnireacht i gclubanna don aos níos óige ná iad féin le leagan seachtainiúil sa gheimhreadh den champa samhraidh. Níor chuala siad mórán faoin bhFéasta Sráide. Maidir le Coláistí Samhraidh ní bhaintear aon leas astu mar go measann a gcuid tuistí go bhfuil siad an-daor agus go bhfuil neart Gaeilge acu ar aon nós.

**(b) Príomhoidí na mBunscoileanna:** D'fhreastail an ceathrar ar dhá chruinniú - i 17-18 agus 18-19. Léirigh 3 scoil buairt faoi iarrachtaí as an nua iad a mhealladh chuig an SASG agus dúradh nach bhféadfaí seo a dhéanamh faoi láthair. Iarradh orthu páirt a ghlacadh, mar chuid den Phlean Teanga, i bhfóram oideachais don limistéar agus ansin i scéim bhliantúil ina mbeadh réimse de ghníomhaíochtaí scoile, idir churaclam

agus chlós agus eile, a chuirfeadh cumas sa Ghaeilge agus a húsáid chun cinn. Measadh go mbeadh seo go breá. Theastódh freisin feachtas eolais agus feasachta i measc na dtuistí le buntáistí an dátheangachais a chur os a gcomhair.

**(c) Scoil an Bhaile Nua:** I Mí Feabhra, 2019 eagraíodh grúpa fócais sa scoil inar pléadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta, ina bhfuil siad féin páirteach, agus a mbeadh an Plean Teanga agus an Coiste Stiúrtha áitíuil in ann a dhéanamh le cabhrú leo Critéar a 9[24] den liosta atá ag bunscoileanna a shásaimh. Ba cheart béim a leagan ar imeachtaí seach-churaclaim iar-am-scoile do na gasúir, ag baint leasa as áiseanna na scoile ach go raibh siad i ndroch-chaoi agus go dteastaíonn forbairt. Tá Coiste i mbun oibre agus aighneacht seolta acu chuig an bPlean Teanga (féach thíos). Dúradh agus béim á leagan ar imeachtaí don óige go dtabharfaí a chion féin don scoil agus a cuid gasúr mar thosaíocht.

**(d) Tuismitheoirí:** Sa bhfócasghrúpa seo a eagraíodh i bhfómhar 2017, luadh nithe éagsúla (Aguisín B) ina measc Imeachtaí Óige agus an deacracht a bhéas ann an méid clubanna atá ansin cheana féin don óige agus dul in iomaíocht leo. Moladh a raibh ar siúl cheana - grúpa pháistí óga Julie Anne, an Campa samhraidh. Luadh arís go gcabhródh sé dá mbeadh a fhios cé aige atá Gaeilge i mbialanna is siopaí seachas éinne a chur ar a spota. Teastaíonn líonra agus suíomh idirlín do na tuistí.

Níl próifíl na n-eagras Ghaeltachta agus náisiúnta ard ina measc - luadh ÚnaG agus Glór na nGael. Tagraíodh don 'tairiscint ghníomhach' a d'fhéadfaí a leathnú sa phobal le go bhfeicfí go bhfuil fáilte roimh an teanga. Maidir le Cúram Leanaí dúradh go bhfuil acmhainn Ghaeilge ag fostaithe na nICL atá ann agus ba cheart tógáil air seo. Teastaíonn seirbhís feighlí leanaí Gaeilge do na tráthnónta. Sna meáin shóisialta ná bítear ag brath go hiomlán ar Facebook - níl ann ach rogha amháin - agus ba chóir leas a bhaint as tvuíteanna, srl freisin.

Tógtar muinín na dtuistí as a gcuid Gaeilge agus sin is tábhachtaí. B'fhiú féachaint ar naisc idir na glúnta a thógáil agus béim a leagan ar chanúint Ghaeilge Mhaigh Cuilinn. Dúradh freisin go mbeadh sé indéanta roinnt d'imeachtaí a bhíonn ar siúl i nGaillimh a bheith ann go háitiúil.

**(e) Eagrais Shóisialta:** I bhfómhar na bliana 2017 a eagraíodh an fócasghrúpa seo. Aithníodh (Aguisín B) na féidearthachtaí leis an teanga a chur chun cinn ach bheadh dúshláin ann: baol den iomarca oibre deonaigh breise; na scileanna Gaeilge a aithint; easpa Gaeilge ag a lán daoine fásta agus easpa deiseanna a labhartha ag daoine eile; easpa eolais faoi dheiseanna cúnaimh is maoinithe na Gaeilge is na Gaeltachta. Ar deireadh measadh go mba chóir díriú ar thionscadail áirithe a bheifí in ann a shníomh isteach in obair na n-eagraíochtaí. Tugadh faoi deara mar a d'éirigh le Comórtas Peile na Gaeltachta (2014) labhairt na teanga a chur chun cinn.

**(f) Ógras (Aighneacht)**

Tugadh cuntas ar an staid reatha i Maigh Cuilinn. Óg-Ógras amháin atá ag feidhmiú le ceannaire deonach amháin. Tharla "titim i líon na mball ó 70 go 15", a deir an t-aighneacht, gan aon tréimhse ama luaite, agus easpa ceannairí is cúis leis an titim. Níl tada ann do na déagóirí. An t-eagras in ann cúrsaí ceannaireachta a eagrú maraon le pacáiste eolais agus treallamh tosaithe do Chlub Nua a chur ar fáil. Eolas agus tacaíocht ag Ógras maidir le maoiniú is deontais a aimsiú agus cursaí cosanta leanaí, árachais agus rialachais ar an iomlán. Maidir leis an mbealach chun tosaigh deir siad nach mór taighde a dhéanamh go háitiuil, labhairt leis na páirtithe leasmhara, buiséad a aontú agus 'Oifigeach Óige a fhostú chun an plean a chur i bhfeidhm'.

**(g) Aisteoirí an Bhaile (Aighneacht)**

---

[24] Tá 13 Chritéar le sásamh ag scoil chun Aitheantas Gaeltachta a bhaint amach. Féach TumOideachas: na Táscairí Dea-Chleachtais i bhfo-nóta a 36.

Grúpa drámaíochta a léirionn líon áirithe drámaí in aghaidh na bliana do phobal an cheantair. San aighneacht tá cur síos cuimsitheach ar a mbíonn ar siúl agus ar na ceangail atá acu leis na glúinte (7 go 70 bliain a deir siad, aois na mball), leis an oidhreacht, le pobal Gaeilge laistigh agus lasmuigh den cheantar, leis an litríocht agus eile.

Amach anseo ba mhaith leo an obair a fhorbairt trí Amharclann is Halla a bheith acu, ceardlanna agus ranganna drámaíochta a reáchtáil, díriú ar tuilleadh ar na healaíona Gaeltachta (Lúibíní agus Agallaimh Beirte) agus saineolas a fháil sna réimsí tacaíochta stáitse - soilsiú, smidiú, srl.

**4.2.3 Suirbhéanna áitiúla eile i 2007, 2009 & 2016-17**[25]

**(i) An Óige:** Mhol Taighde Walsh & Rowland (2009) go mbunófaí 'struchtúr a thacóidh le himeachtaí don Óige'. Moladh freisin cabhair a fháil ó Ógras is/nó Óige na Gaeltachta, feachtas earcaíochta a thionscnaimh sna scoileanna d'imeachtaí óige, srl. Féach (iii) thíos.

**(ii) An Campa Samhraidh:** Athraíodh an córas maoinithe ag RCOG/Muintearas a fhágann go bhfuil sé deacair níos mó gasúr a thógáil agus freisin nach bhfuil an t-airgead infheistithe ann a theastódh (Nic Fhlannachadha, 2017[26]).

(**iii) Staid na Gaeilge** i Maigh Cuilinn (Conradh na Gaeilge 2007): mheas 58.4% gurbh iad Imeachtaí don Óige na himeachtaí a mbeadh tábhacht leo. Seo an ní ba thábhachtaí leis an bpobal, cé go raibh Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ag 56%.

**(iv) Daoine fásta agus an teanga:** Aithníodh nár leor ranganna Gaeilge amháin agus go dteastaíonn deiseanna labhartha a mhéadú agus a eagrú.

**(v) Tábhacht Chathair na Gaillimhe:** Má bhíonn 'stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (ag) cathair na Gaillimhe, bheadh impleachtaí móra aige sin do Mhaigh Cuilinn.' (Walsh & Rowland, 39)

**(vi) Dearcadh** i dtaobh Stádas Gaeltachta: I 2007 bhí os cionn 87% ar a shon. Má fhágtar na daoine nár fhreagair an cheist is 92% a bhí i gceist.

**4.2.4 Taighde Gnímh 2018-19:**

**(a) Féasta Sráide ar an 10 Meitheamh, 2018** i gcarrchlós an Coach House. Socraíodh leas a bhaint as treócht náisiúnta féastaí sráide a eagrú sa samhradh. Bheadh seo ina eisimleár d'imeachtaí go bhféadfaí a eagrú amach anseo sa gceantar.

Bhí cúnamh áirithe airgid ann ó ÚnaG agus foinsí eile. Lean sé óna 2 go 6pm agus freastal an-mhór ag an bpobal air. Chuir idir ghasúir na háite, bhannaí ceoil agus shiamsadóirí eile an phobail taispeántais i láthair ón stáitse mór. Bhí seastáin ag comhluchtaí leabhar, an Coiste Pleanála Teanga féin, lucht caithimh aimsire Ghaeltacht Chois Fharraige, lucht cistí agus eile - ar fad trí mheán na Gaeilge agus measadh gur éirigh go han-mhaith leis. Fo-choiste de 4-5 a d'eagraigh agus go leor leor oibre i gceist. Léiriú ab ea é don chur chuige a bheas ag teastáil amach anseo chun deiseanna cainte eadarthu féin a eagrú do na cainteoirí atá scaipthe timpeall agus gan aithne acu ar a chéile.

**(b) Tionscnamh dhátheangach Leabhrán Shiúlóidí Mhaigh Cuilinn:** Mar bheart turasóireachta agus caithimh aimsire tá Coiste na Siúlóidí tar éis léaráidí de 15 shiúlóid a ullmhú agus tá an Coiste Pleanála

---

[25] Walsh, J. & Rowland, H. (2009), Suirbhé Chonradh na Gaeilge (2008) & Nic Fhlannchadha, S (2017). Féach fo-nótaí a 3, 4 agus a 20.

[26] Nic Fhlannchadha, S. (2017). Torthaí Taighde ar Champa Samhraidh Mhaigh Cuilinn (Iúil 2016-2017). http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n3Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.

Teanga ag obair i bpáirt leo le leagan tarraingteach iomlán dhátheangach a bheith foilsithe. Sampla é den chur chuige dhátheangach a d'fhéadfadh gach dream a leanacht.

**4.3 Gaeilge sa Teaghlach**

Breathnaímis ar **Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG),** a tháinig chun críche i 2011, ach go ndéanann Walsh & Rowland (2009) anailís air agus a bhfuil na torthaí uaidh ar fáil suas go 2010-11. Measadh gur dheacair aon tátal a bhaint as sampla de na figiúirí (Tábla a 4) ó bhlianta eagsúla. Toghranna (TR) Shliabh an Aonaigh agus Mhaigh Cuilinn ba láidre. I 2010-11 (bliain deireannach) bhí 10 dteaghlach san LPT ábalta lándheontas a bhaint amach, gan ach athrú beag ó 1994. Is cosúil go mbíodh leathdheontas á fháil ag roinnt mhaith teaghlach freisin.

| Bliain | TR: Sliabh an Aonaigh | TR Mhaigh Cuilinn | TR Thulach Mhic Aodháin | Maigh Cuilinn go hiomlán |
|---|---|---|---|---|
| **1993-4** | 4 | 2 | 6 | 12 |
| **2003-4** | 8 | 4 | 1 | 13 |
| **2008-9** | 3 | 7 | 0 | 10 |
| **2010-11** | 3 | 7 | 0 | 10 |

**Tábla a 4: Scéim Labhairt na Gaeilge - Deontaisí Iomlána (Toghranna: TR)**

Ó na freagraí sna ceistneoirí éagsúla i 2017 & 2018, níl ach líon beag teaghlach ann le 'Gaeilge amháin' nó fiú 'Gaeilge den chuid is mó' fágtha san LPT. 1.4 - 2.5%. Thart ar 700 teaghlach atá i Maigh Cuilinn, rud a chiallaíonn go bhfuil idir 10 agus 15 theaghlach ann ina labhartar ar a laghad 'Gaeilge den chuid is mó". Tá sé sách lag ach níl sé ró-éagsúil ón líon a thuill Deontas Iomlán faoin SLG i 1994 (12).

**4.4 Cruinnithe Comhairliúcháin leis na Dréacht Bhearta a chur i láthair**

12 - 15 Samhain, 2018 reáchtáladh 4 chruinniú sna trí bhunscoil bheag agus ceann eile do shráidbhaile Mhaigh Cuilinn féin. D'fhreastail gar do 100 duine ar na cruinnithe seo inar tugadh léargas ar a mbeadh sa Phlean Teanga agus inar bailíodh aiseolas i scríbhinn agus i ráitis ón urlár. Clúdaíodh cuid mhaith ábhar san aiseolas[27] agus seo achoimre de na tuairimí a tháinig chun cinn:

**Scoileanna:** Léiríodh tacaíocht don Ghaeilge ar scoil agus faitíos go ndéanfaí dochar don teanga mura mbíonn scoil sa SASG. Labhair muintir an dá bhunscoil bheag atá lasmuigh den SASG faoi bhuairteanna móra a bheith orthu go sleamhnóidh na scoileanna amach ón nGaeilge - easpa cumais ag múinteoirí nua, easpa cabhrach ó na ranna rialtais, easpa iarbhunscolaíochta go háitiúil trí mheán na Gaeilge, lagmhisneach de bharr bheith lasmuigh den SASG. Gach tacaíocht a thabhairt do gach scoil cumas sa teanga a thabhairt do na gasúir. Freisin is den riachtanas é nach mbeifí ag brath ag scoileanna amháin - cúnamh ón lucht ghnó, imeachtaí iar-am-scoile don óige ag teastáil.

**An Óige:** Béim a chur orthu sa phlean. Ionaid éagsúla a bheith acu. Leas a bhaint as Cluichí Boird i nGaeilge.

**Feasacht** a ardú i dtaobh bhuntáistí na Gaeilge: Eolas a scaipeadh go leanúnach ar an bpobal mar go bhfuil an t-easnamh ann.

**Réalaíochas** sa phleanáil: Gníomhaíochtaí ar féidir iad a chur i bhfeidhm.

**MórGhaeltacht Chonamara** agus Maigh Cuilinn: Leas a bhaint as an oiread den mhuintir a thaistlíonn tríd an áit agus a chónaíonn anois i Maigh Cuilinn. Geata na Gaeltachta a thapú.

[27] Trascríobh ar na moltaí ar fad ar fáil in Aguisín C.

**Meáin Chumarsáide:** Gaeilge a bheith níos lárnaí iontu.

**Aistriúchán:** Do na Cumainn Shóisialta - cúnamh sa ghné seo.

**Cúrsaí Eaglasta:** Aifrinn trí Ghaeilge de dhíth.

**Tacaíocht do Fhoghlaimeoirí fásta:** Go dtabharfadh na cainteoirí líofa cúnamh ar shlite próghníomhacha.

**Scoil an Bhaile Nua:** Imeachtaí iar-am-scoile ag baint leasa as an bhfoirgneamh agus na tailte.

**An Earnáil Ghnó is Miondíola:** Go mbeidh a fhios ar bhealach éigin cé hiad na fostaithe sna hollmhargaidh a bhfuil Gaeilge acu agus fonn orthu í a labhairt.

**Cead pleanála:** Ceist an Choinníoll Teanga tábhachtach.

**Tuismitheoirí & Teaghlaigh:** Go spreagfaí an teanga ag an mbaile.

**Stádas Gaeltachta:** Tacaíocht ann dó ach is gá tógáil air.

**Naíonraí:** Coinníollacha oibre, conair ghairme agus pá ar fad go dona.

**Monatóireacht:** An pobal a choinneáil ar an eolas faoi mar atá ag éirí le cur i bhfeidhm na mBearta.

**Caithimh aimsire,** Spórt, sna hEalaíona traidisiúnta: Cúnamh a thabhairt dóibhsin a bhfuil Gaeilge in úsáid acu.

**Deiseanna labhartha:** Iad a chruthú.

**Imeachtaí sna ceantair-scoile:** Nach mbeadh chuile rud sa tsráidbhaile.

**Baile Seirbhíse na Gaillimhe:** Tacaíocht a fháil ó Ghaillimh. An líon daoine atá ag obair sa Chaisleán Nua sa gcathair (Ollscoil/Ospidéal): an féidir leas a bhaint as seo?

### 4.5 Tátal ar an Réimse Taighde

#### A. Stádas Gaeltachta Mhaigh Cuilinn: Dearcadh an Phobail

Léiríonn an taighde (ó 2007 go 2018) a rinneadh le gach aoisghrúpa go bhfuil tacaíocht réasúnta láidir sa cheantar pleanála don Ghaeilge agus do stádas Ghaeltachta an cheantair. Léiríonn na figiúirí go bhfuil 80%+, meastar, den phobal i bhfabhar stádas Ghaeltachta an ceantar pleanála a chosaint agus amanta grúpa suntasach á rá go bhfuil seo 'fíorthábhachtach". Tá an taighde seo ag teacht leis an taighde a rinne Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn roimhe seo sa bhliain 2007 nuair a rinneadh suirbhé ar gach teach i Maigh Cuilinn. Fós féin tá fianaise sa taighde go bhfuil leochaileacht áirithe ag baint leis an tacaíocht agus nár mhór feachtas feasachta a chur sa tsiúl i dtaobh an Phlean Teanga agus an stádais Ghaeltachta.

I Suirbhé na dTuismitheoirí (2017) agus sa tSuirbhé ar-líne (2018), mar a raibh na freagróirí uile idir 30 agus 60 bliain d'aois, agus an chuid is mó idir 40 agus 49 bl., bhí idir 83 agus 88% ar son an stádais Ghaeltachta rud a thaispeánann tacaíocht atá láidir go maith. Sa tsuirbhé randamach, áfach, ní raibh móramh ag tacú le coinneáil an stádais Ghaeltachta a bheith 'fíorthábhachtach'. Chomh maith léiríonn an chaoi nach ndeachaigh trí cinn de na bunscoileanna ar aghaidh le cur isteach ar an Scéim Aitheantais Ghaeltachta nach bhfuil an tacaíocht baileach chomh láidir sin. Mar sin féin léirigh na daoine óga bá leis an nGaeilge gur féidir tógáil air go mór.

Dá bhrí sin, is é an tátal atá le baint ná go bhfuil an stádas Gaeltachta an-tábhachtach do ghrúpa suntasach ach go bhfuil an tacaíocht sách leochaileach ag an gcuid eile ach nach bhfuil naimhdeas i gceist ach easpa spéise.

**B. Struchtúr Feidhmithe an Phlean Teanga:** Beidh an pobal le coinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an Phlean Teanga agus beidh poiblíocht den uile chineál ag teastáil chun feasacht an phobail uile ar na nithe a bheith ard.

**C. Gaeilge sa Teaghlach agus Cúram Leanaí:** Luadh feighlí leanaí, cúram leanaí, srl a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge. Cé go bhfuil scéim 'An Pacáiste Teanga' a thug an RCOG isteach i 2011, agus atá anois á riaradh ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, molta ag tuistí i Maigh Cuilinn táthar freisin den tuairim go mba cheart Scéim Labhairt na Gaeilge a thabhairt ar ais.

**D. Gaeilge sna Scoileanna agus sna Naíonraí:** Tá imní ann faoi mhúineadh na Gaeilge. Ba mhaith le sciar maith den phobal go mbeadh béim ar an teanga sna scoileanna. Cé gur chothaigh an plé dhá bhliain ó shin faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus an SASG easaontas áirithe, tá na scoileanna réidh chun bogadh ar aghaidh. Tá cabhair ar leith ó mhuintir scoil an Bhaile Nua, i ngeall ar easnaimh éagsúla agus na cúraimí atá orthu maidir leis an SASG. Tá gach scoil réidh chun tabhairt faoi Fhóram agus Scéim bhliantúil áitiúil Ghaeilge. Maidir le Naíonraí tugadh suntas do na heasnaimh atá sa tsoláthar - droch-choinníollacha do na fostaithe

**E. An Óige:** Measadh go mba chóir go mbeadh raon imeachtaí iar-am-scoile ann chomh maith, bíodh sé trí Chlubanna úra a bhunú nó trí bhreis Ghaeilge a chur isteach in imeachtaí atá ann cheana féin go háirithe má tá Gaeilge ag cóitseáilí/ceannaire. Tá Ógras toilteanach cabhrú agus i gcás maoiniú a bheith ar fáil, agus tosaíocht ag an réimse seo, d'fhéadfadh infheistiú airgid an-leas a dhéanamh. Deir na scoláirí féin linn go bhfuil méid áirithe Gaeilge acu rud a chiallaíonn gur féidir raon leathan imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú agus a spreagadh. Tá Campa Samhraidh sean-bhunaithe sa cheantar agus córas maith cinnirí ábalta nascaithe leis - is foinse é le himeachtaí breise samhraidh agus geimhridh a thógáil.

Tá áit lárnach ag na nithe a spreag na cinnirí óga le teacht chun tosaigh - freastal ar scolaíocht lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal agus an Campa Samhraidh, cé go bhfuil sé suntasach chomh maith go bhfuil cinnirí ina measc nach raibh sa gcóras oideachais lánGhaeilge ariamh ná i gcoláiste samhraidh.

Is fiú go mór tógáil ar an Scéim Chinnireachta seo. Teastaíonn bearta a choinneodh (a) iad féin mar ghrúpa agus fócas acu agus (b) an obair leis na hógánaigh idir 9 & 14 bl. ag dul ar aghaidh i rith na bliana ar fad chomh maith leis na trí sheachtain i mí Iúil.

Nithe eile gurbh fhiú breathnú orthu: (i) Ceangal a bhunú don aoisghrúpa níos sine seo le hóg-imeachtaí eile lán-Ghaeilge i gConamara agus le himeachtaí na n-ógeagras Gaeilge sa chuid eile den chondae, sa gcathair agus go náisiúnta le comhthéacs níos leithne a thabhairt dóibh, (ii) aitheantas a fháil dá scileanna agus dá dtaithí cinnireachta ó na coláistí samhraidh le go bhféadfadh siad róil chinnireachta a aimsiú go háirithe le linn mhí an Mheithimh níos faide siar i gConamara (nuair atá Maigh Cuilinn ciúin) agus nach mbeadh orthu airgead mór a íoc agus freastal mar ghnáthscoláirí ar dtús, (iii) Is gá féachaint an féidir aon leas eile a bhaint as Teach na Gaeilge agus (iv) a chur ina luí ar Choiste Bhaile Seirbhíse na Gaillimhe a thábhachtaí is atá sé go mbeidh imeachtaí Gaeilge don óige sa gcathair agus íomhá an-dearfach ag an teanga i ngach rud a bhaineann leis an aoisghrúpa.

**F. Daoine Fásta - Foghlaim agus Deiseanna Cainte:** Cuireadh an-bhéim ar an easpa líofachta i measc go leor daoine fásta agus tuistí. Tá gá le deiseanna foghlama a bheith acu agus éagsúlacht sna cuir chuige. Níor mhór freisin an diúltachas a sheachaint. Teip a tharla do chuid mhór daoine maidir leis an teanga fiú ó bhog siad isteach sa cheantar: *"when I moved to Moycullen (long) ago I was very excited at what I thought was an Irish-speaking ...... very disappointed'*

Is mian le go leor daoine ócáidí nó comhthéacs le labhairt lena chéile agus a bhfuil á foghlaim a thriail amach. Teastaíonn cuir chuige den uile chineál le cuidiú le sealbhú na teanga agus tosaíocht a thabhairt dó seo thar aon ní eile seachas Bearta Oibre na hÓige.

**G. Siopaí:** Labhraíodh faoi shlite a chruthú le go mbeidh a fhios cé hiad na freastlaithe siopa agus bialainne le Gaeilge. Chomh maith moladh coincheap an "Tairiscint Ghníomhach" - sé sin, nuair a rachfá isteach ag gnó nó oifig go mbeannófaí duit i nGaeilge nó i slí éigin a thabharfadh le fios go bhfuil fáilte roimh an teanga.

**H. Eagrais na gCaitheamh Aimsire:** Go mbeadh diminsean Gaeilge ag gach dream - clár bliantúil, míreanna do Sheachtain na Gaeilge. Cúnamh a chur ar fáil agus tionscadail a cheapadh le sníomh isteach in imeachtaí na gClub. Bheadh oiliúint sa Ghaeilge agus modhanna spreagtha na Gaeilge de dhíth ar chóitseáilithe a bheadh ag obair leis an óige. Maidir le grúpaí Gaeilge atá cheana féin ann beidh cabhair leanúnach uathu le seasamh buan a thabhairt dóibh.

**I. Nithe Eile:** Sna meáin chumarsáide cé go céatadán áirithe ag breathnú ar TG4 níl sé ró-ard agus is sciar beag a éisteann le RnaG. Tuairiscíonn grúpa níos mó an teanga a bheith in úsáid acu sna meáin shóisialta. Deir daoine go bhfuil cumas níos airde acu sa léamh ná an scríobh nó labhairt agus d'fheadfaí tógáil air sin chomh maith. Leagadh béim ar chabhair ó eagraíochtaí náisiúnta is Gaeltachta ar nós Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus eile. Ar deireadh tráchtadh ar shaibhreas cainte dúchasach Mhaigh Cuilinn a roinnt ar dhaoine óga agus ar na healaíona Gaeltachta agus ar an drámaíocht.

Sna siúlóidí tagann an turasóireacht agus na caithimh aimsire le chéile agus trí thograí beaga, mar a rinneadh le lámhleabhar na siúlóidí, a chabhrófar leis an nGaeilge sa dá réimse seo.

**K. Staid na Gaeilge**: Taispeánann a fheabhas is a d'éirigh leis an bhFéasta Sráide gur féidir ócáidí do chainteoirí líofa agus do fhoghlaimeoirí araon a eagrú - cainteoirí laethúla agus seachtainiúla Gaeilge a chruthú. Beidh cabhair ag teastáil ó Bhaile Seirbhíse na Gaillimhe mar go gcaitear go leor ama i nGaillimh ach is féidir teacht i dtír ar an líon cuairteoirí agus áitritheoirí a thagann as MórGhaeltacht Chonamara.

Ar an láimh ei le, thug duine amháin le fios nár mhór bheith an-réalaíoch tríd an abairt seo a scríobh - *"(it will) be difficult ...... to go heavily Irish."*




**Learáid den Ionad Pobail nua atá beartaithe.**

# 5. Mórspriocanna agus Príomh Mholtaí

1. An Ghaeilge a bheith láithreach agus chomh lárnach is is féidir i chuile réimse den saol i Maigh Cuilinn.
2. Cumas sa teanga a bheith ag na daoine óga ar fad agus ag an oiread daoine fásta is is féidir.
3. Ardú i líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) ó Dhaonáireamh 2016 go Daonáireamh 2021 agus ardú eile faoi 2026.
4. Faoi 2021 go mbeidh ardú sa líon tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge amháin, nó Gaeilge den chuid is mó, lena ngasúir. Go n-ardóidh sin arís ó Dhaonáireamh 2021 go 2026.

**Na Féidearthachtaí**

- Tá dearcadh sách fábharach ag an bpobal i leith an Stádais Ghaeltachta.

- Bonn maith ann cheana féin gur féidir tógáil air - Teach na Gaeilge; Craobh ghníomhach Chonradh na Gaeilge; Campa samhraidh sean-bhunaithe; Ógchlub, Ranganna do dhaoine fásta, Grúpa Tuistí & Gasúir, Pobal bisiúil Scoil an Bhaile Nua, Clár bliantúil Imeachtaí Gaeilge; Imeachtaí trí mheán na Gaeilge ag roinnt Clubanna agus Eagraíochtaí sóisialta.

- Scoil amháin sa Scéim Aitheantais Ghaeltachta (SASG) agus caighdeán maith Gaeilge ag múinteoirí na scoileanna eile agus iad sásta páirt a ghlacadh acu i bhFóram Oideachais agus Scéim do gach scoil a chuirfeas le cumas na scoláirí. Freisin go gcuirfear feabhas ar an gcóiríocht do na forais oideachais amach anseo.

- A ghaire is atá MórGhaeltacht Chonamara - Ón Spidéal siar agus go dtaistlíonn Muintir Chonamara Láir & Dhúiche Sheoighigh tríd an mbaile chuile lá.

- Gníomhaíochtaí ag baint leis an oidhreacht agus an dúchas Gaelach agus Gaeltachta láidir go leor - CCÉ, CLCG (Comórtais Ghaeltachta i 2015 & 2020), Drámaíocht (Aisteoirí an Bhaile).

- Tá a 4 oiread Cainteoirí Laethúla Gaeilge i Maigh Cuilinn is atá sa gcuid eile den tír laistoir de Ghaillimh. Cumas sa teanga ag 62%+ - i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta.

- Coinníoll de 20% de na tithe le bheith tugtha do Chainteoirí Gaeilge in aon eastát nua.

- Pobal eagraithe sa cheantar agus struchtúr faoi, trí FPMC a thacaíonn leis an bPlean.

**Na Dúshláin**

- Nach labhraíonn ach duine as gach triúr, atá líofa sa teanga, Gaeilge go laethúil.

- Ainneoin gurb iad na déagóirí is mó a bhfuil Gaeilge acu (87%), is iad an grúpa is ísle ar fad a labhraíonn go laethúil - 3.5%

- Nach bhfuil ach Scoil amháin sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) agus Naíonra amháin cláraithe le Comhar Naíonrai na Gaeltachta

- Nach bhfuil aithne acusin atá líofa sa Ghaeilge ar a chéile

- Gur theip ar roinnt daoine fásta ina n-iarrachtaí an teanga a fhoghlaim

- Ainneoin roinnt mhaith ócáidí Gaeilge i rith na bliana nach bhfuil dóthain ócáidí ann chun freastal ar an éileamh féideartha.

- Gur beag an líon teaghlach ar fad le gasúir faoi 18 mbliana gurb í Gaeilge teanga an tí.

- Ainneoin iarrachtaí in imeachtaí ar leith, nach bhfuil dóthain freastal i nGaeilge ar ógánaigh an cheantair.

- Nach bhfuil an oiread Gaeilge le cloisteáil go poiblí i siopaí, srl is a d'fhéadfaí

- Cé go mbíonn an teanga chun tosaigh amanta, nach bhfuil Clár Imeachtaí Bliantúil Gaeilge ag gach eagras sóisialta is go bhfuil láithreacht na Gaeilge sna seirbhísí poiblí easnamhach.

- Nach bhfuil a sciar féin ag an Gaeilge sna meáin chumarsáide áitiúla

- Go bhfuil dearcadh an phobail in ann bheith leochaileach i leith na Gaeilge go háirithe i dtaobh dul *'heavily Irish'*.

**Na Príomh-mholtaí**

- Leabhrán dhátheangach a réiteach le scaipeadh go forleathan ar an bpobal ag míniú a bhfuil sa Phlean Teanga agus le liosta rudaí gur féidir le duine aonair a dhéanamh ar mhaithe leis an nGaeilge a úsáid.

- Feachtas Poiblíochta a eagrú chun eolas a roinnt faoin bplean agus faoi na gnéithe éagsúla a bhaineann leis ag tosú le Seoladh Oifigiúil, seoladh an Leabhráin agus cur in aithne an OPT.

- Moltar go bhfostófar Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) agus comhairle sheachtrach ó am go chéile ó phleanálaí teanga.

- Tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí don Óige, ina measc tearmainn teanga, á stiúradh ag foireann oilte, a chruthóidh go tomhaiste ach go cinnte timpeallacht shóisialta ina bhfuil an Ghaeilge á sealbhú is á húsáid go líofa ag ógánaigh idir 11 agus 18 mbliana.

- Cabhrú le scoileanna Stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Tacú freisin le gach scoil nach bhfuil iarratas déanta acu ar an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (SASG) an oiread Gaeilge agus múineadh trí mheán na Gaeilge a bheith acu trí Fhóram a bhunú agus scéim bhliantúil a aontú leis an gCoiste.

- Aitheantas Gaeltachta ag chuile naíonra mar atá beartaithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (POG). Cabhair leis an gcuraclam Gaeilge do gach naíonra eile.

- Spreagadh agus cúnamh praiticiúil a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu í a labhairt lena gcuid gasúir.

- Cúnamh leanúnach, iltaobhach, aonair agus cuimsitheach a thabhairt do dhaoine fásta, ar foghlaimeoirí iad, Gaeilge a shealbhú.

- Ócáidí leanúnacha tarraingteacha Gaeilge a eagrú i gcaitheamh na bliana ar fad le deis a thabhairt don 700 cainteoir líofa fásta aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge.

- An oiliúint chuí a chur ar dhaoine fásta, ar chóitseálaithe, ar cheannairí agus orthu siúd a bhíonn ag obair leis an óige, agus ar cheannairí pobail eile, faoi na bealaí le Gaeilge a choinneáil chun tosaigh.

- Daoine óga atá líofa sa Ghaeilge agus i dtaithí ar champaí óige, srl a fhostú go páirt-aimseartha agus a ghlacadh isteach ar shocrúcháin dara (idirbhliain) agus tríú leibhéal.

- Nasc láidir a bhunú le Baile Seirbhíse Gaeltachta Chathair na Gaillimhe.

- Ómós a thabhairt don oidhreacht Ghaeilge agus Ghaelach áitiúil a chuimseodh ábhair físe, fuaime agus scríofa.

- Bearta a ullmhú freisin do réimsí na turasóireachta, na hearnála gnó is miondíola, do na heagrais sóisialta is eaglasta, na meán chumarsáide, na pleanála fisicigh agus na seirbhísí poiblí.



**Suíochán in Omós do Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh**



**Páirc Spraoi Mhaigh Cuilinn**

# 6. Bearta an Phlean Teanga

**Réamhrá**

Tosaítear anseo trí Bhearta a bhaineann leis an Struchtúr Feidhmithe agus le Fostú Oifigigh Pleanála Teanga a bheachtú agus ansin tá na Bearta leagtha amach de réir theidil na Réimsí Oibre atá luaite i *Treoirlínte* ach in amanta tá na teidil leathnaithe in oiriúint don cheantar:

A) An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);

B) Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochtaí teaghlaigh (lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga);

C) Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;

D) Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais;

E) An Earnáil Ghnó agus Turasóireacht;

F) Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn

G) Na Meáin Chumarsáide;

H) Seirbhísí Poiblí;

I) Pleanáil & Forbairt Fhisiceach;

J) Seirbhísí Sóisialta is Caitheamh Aimsire agus Seirbhísí eaglasta;

K) Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

Tá na Bearta bunaithe ar an eolas a bailíodh le linn an phróisis phleanála teanga idir thaighde áitiúil agus thaighde eile - náisiúnta agus eile. Déantar tagairt do Réimsí na mBeart agus do na critéir phleanála teanga[28] lena mbaineann na birt. Tugtar cúlra gach beart, na dúshláin a bhfreagraíonn an beart dóibh, aidhm an bhirt agus eolas breise, más cuí. Liostáiltear na páirtithe leasmhara, an t-amscála, an costas agus na dúshláin a samhlaítear le cur i bhfeidhm an bhirt mar aon leis na réitigh ar na dúshláin chéanna. Ar deireadh luaitear an chaoi a dhéanfar monatóireacht ar an bhfeidhmiú agus ansin cén chaoi a mbeidh a fhios an bhfuil ag éirí leis.

[28] Liostáiltear na Critéir Phleanála Teanga as na Treoirlínte Pleanála Teanga in Aguisín A.

**6.1 Struchtúr Feidhmithe an Phlean Teanga**

**6.1.1 Coiste Stiúrtha LPT Mhaigh Cuilinn**

| **Réimsí:** | K, F | **Critéir pleanála teanga:** | 1, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Le dhá bhliain anuas tá Coiste leathan faoi bhrat Ghaeilge Mhaigh Cuilinn ag plé le hullmhúchán an Phlean Teanga. Is iad Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn agus FPMC a chuir Gaeilge Mhaigh Cuilinn ar bun. Tá bunchloch mhaith do Choiste Stiúrtha leagtha síos anseo do chur i bhfeidhm an Phlean. Leanfar leis an struchtúr seo chun an feidhmiú a stiúradh. Beidh fáilte roimh bhaill nua trí leanacht den nós cruinnithe oscailte míosúla a thionóil. Freisin i Réimsí áirithe beidh fo-choistí le bunú, mar shampla: Fo-choiste na dTeaghlach (Beart a 6.2.2), Fo-choiste don Chartlann Oidhreachta (Beart a 6.14.1) agus eile más gá. | | |
| **Aidhm:** | Struchtúr a chur le chéile a thabharfaidh tacaíocht agus stiúr éifeachtach do chur i bhfeidhm an Phlean Teanga. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | Gaeilge Mhaigh Cuilinn.<br><br>Conradh na Gaeilge, FPMC, cumainn, forais / eagraíochtaí an LPT, ÚnaG. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Struchtúr a bhuanú láithreach ag tús Bhliain a 1 mar chéad thosaíocht. | |
| | **Feidhmiú:** | As sin ar aghaidh ar feadh na 7 mbliana. | |
| **Costas measta iomlán:** | Ní bhaineann | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Ní bhaineann | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Rannpháirtíocht bhaill an Choiste Stiúrtha a chinntiú agus a choinneáil le linn fheidhmiú an Phlean.<br><br>Réiteach: Modhanna cumarsáide den ardchaighdeán a fhorbairt go hinmheánach. Leas a bhaint as an mbunachar teagmhálaithe (faoi réir an RGCS) chun athnuachan nádúrtha a dhéanamh ar bhallraíocht an Choiste. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Mír athbhreithnithe ar an gClár ag cruinniú de CS (GMC) gach 6 mhí. Aiseolas ón OPT a fháil maidir leis an méid tacaíochta atá sé/sí ag fáil ón gCoiste. | | |

### 6.1.2 Oifigeach Pleanála Teanga a earcú, a cheapadh agus a oiliúint

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | A - K | **Critéir pleanála teanga:** | 3, 4, 8, 10, 11, 12, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Tá réimse na mbeart an-leathan agus scileanna iomadúla, ní hamháin forbartha pobail ach múinteoireachta na Gaeilge agus spreagadh an aosa óig, gan ach trí cinn a luadh, go lárnach i bhfreagrachtaí an phoist. Níl aon chúrsa oiliúna iomlán dó seo in Éirinn agus, dá bhrí sin, beidh idir oiliúint sheachtrach agus oiliúint inmheánach faoi stiúir i gceist. Seo anuas ar cheardlanna oiliúna leanúnacha ÚnaG agus beidh seirbhísí comhairleoireachta ag teastáil sna blianta tosaigh agus arís gar do dheireadh an tréimhse chun críche meastóireachta.<br><br>San earcú níor mhór béim a leagan ar an saghas Clár Ama Oibre rialta a bhéas i gceist dó seo - 2 nó 3 thráthnóna sa tseachtain i measc an phobail, deireadh seachtaine san áireamh, obair mhí-shóisialta ach am cúitimh tugtha. Ar an taobh eile, beidh leas le baint as ceanncheathrú Theach na Gaeilge mar oifig. | | |
| **Aidhm:** | OPT a earcú agus ansin oiliúint chuí leanúnach a chur ar fáil dó/di. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC).<br><br>ÚnaG, OPT, Comhairleoir Pleanála Teanga. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Earcú agus Tús Oiliúna: Bl. a 1. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 1-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | Tuarastal OPT €35,000 / €37,500 / €40,000 / €42,500 / €45,000 / €47,500 / €50,000 & ÁSPC an Fhostóra = €329,481.25<br><br>Earcaíocht & Costais Taistil: €12,500. Cíos Oifige is costais: €105,000.<br><br>Oiliúint sheachtrach[29]: €47,000. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Tuarastal & ÁSPC an Fhostóra (meán) mar atá thuas. Earcaíocht 2,000 (Bl. a 1), Taisteal 1,500 x 7. Cíos is Costais Oifige Meastúchán de €15,000 sa bhliain[30]. | | |

[29] De bharr go bhfuil go bhfuil an-bhéim ar obair óige sa Phlean beidh sain-oiliúint ar leith i gceist ar bhonn leanúnach d'fhonn na dea-chleachtais is fearr a chur sa tsiúl san LPT. Ní amháin go bhfuil 1,321 ógánach 19 mbliana d'aois nó faoina bhun sa cheantar ach is foghlaimeoirí an chuid is mó ar fad acu. Chuige seo beidh saineolas na n-ógeagras náisiúnta agus áitiúla ar fad ag teastáil mar gur beag seans ar fad go n-earcófar fostaí leis an taithí cuí ó tharla fíorbheagán duine a bheith ann le cúlra san obair seo agus ó tharla fresin nach bhfuil aon chúrsa oiliúna ar leith ann ó dheas nó ó thuaidh. Samhlaítear go gclúdóidh an tsuim mheasta airgid aon chostas a bhéas ag baint leis an oiliúint ach le hobair óige chun an taithí phraicticiúil a fháil d'fheadfaí go mbeidh taisteal i gceist chuig Clubanna ina bhfuil sár-dheachleachtas i bhfeidhm.

[30] Beidh Oifig ag teastáil i dTeach na Gaeilge nach mbeifear in ann a úsáid do rudaí eile mar atá faoi láthair. Seo costas den €8,000 sa bhliain atá thar a bheith eacnamúil le hais na gcostas cíosa in áiteanna eile i Maigh Cuilinn. Baineann an €7,000 eile le teas, leictreachas, leathanbhanda, fón, nithe inchaite, árachas, srl.

| | |
|---|---|
| | Oiliúint sheachtrach i gcaitheamh na bliana ar fad: €9,000 x 3 Bl a 1-3; €5,000 x 4 Bl. a 4-7. |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Teacht ar iarratasóirí oiriúnacha do phost an OPT agus ansin oiliúnóirí agus oiliúint chuí leanúnach a eagrú.<br><br>Réiteach: Coinníollacha tacaíochtúla agus conair ghairme chuí a thairiscint maraon le hoiliúint. |
| **Monatóireacht ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tréimhse promhaidh ag an OPT; Tuairisciú agus plé ag an gCoiste Stiúrtha ag díriú ar an gclár oibre agus ar an oiliúint. Tuairimí an Chomhairleora a fháil go tráthrialta. Aiseolas rialta don OPT. |

**6.1.3 Feasacht faoin bPlean Teanga a láithriú ón tús: Seoladh Oifigiúil a eagrú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | K | **Critéir pleanála teanga:** | 2, 12, 13, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Tá pobal na Gaeilge scaipthe trí pharóiste Mhaigh Cuilinn agus tá gá lena thuilleadh eolais faoin bpróiseas pleanála teanga. Is gá freisin an pobal a chur ar an eolas faoin bPlean agus ansin an nós a leanacht trí bhunachar teagmhálaithe[31] le heagrais agus le daoine aonaracha a fhorbairt, trí láithreacht chuí arlíne, nuachtlitreacha, srl. Beidh feasacht ar an bPlean Teanga le bheith coinnithe ard go leanúnach agus na róil éagsúla atá ag gach uile ghrúpa, bíodh sé beag nó mór, á meabhrú agus á mbeímniú go síoraí. Chuige sin Seoladh Mór Oifigiúil ag an tús leis an Oifigeach Pleanála Teanga a chur in aithne. B'fhiú go mbeadh ról ar leith ag na heagrais agus na scoileanna ar fad ar an gcéad oíche.<br><br>Tá Gaeilge Mhaigh Cuilinn ina bhranda faoin tráth seo agus an siombal in úsáid go rialta. Ba ghá leanacht leis seo. | | |
| **Aidhm:** | An Plean a sheoladh go hoifigiúil, an deis a thapú le haird phobal Mhaigh Cuilinn a dhíriú ar an nGaeilge agus ról poiblí a thabhairt do gach eagras a dtiomantas don Phlean a léiriú. Branda agus siombal GMC a bheith in úsáid mar ghnáthchaighdeán. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>Eagrais, scoileanna áitiúla. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Seoladh: An chéad 4 mhí den Bhl. a 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Ardú feasachta: Go leanúnach | |
| **Costas measta iomlán:** | €2,000 idir phoiblíocht, chló an phlean agus ócáid a eagrú (Bl a 1) agus €3,000. | | |

[31] Faoi réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) - An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

| | |
|---|---|
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Feasacht a choinneáil ard go leanúnach - €500 x 6. |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Aird na n-eagras, na scoileanna agus an phobail a choinneáil tar éis an tSeolta Mhóir.<br><br>Réiteach: Rólanna poiblí leanúnacha ag léiriú a dtacaíocht don Phlean a lorg ar gach eagras. Cumarsáid nuálaíoch agus tarraingteach a fhorbairt. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:** | Plé agus tuairisciú rialta ar líon na n-eagras/na bhforas a ghlacann páirt idir an tOPT agus CS (GMC). |

**6.2 Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh**

**6.2.1 Feachtas chun Labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sna Teaghlaigh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B | **Critéir pleanála teanga:** | 7, 8 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Is líon beag teaghlach atá ag úsáid na Gaeilge sa mbaile. Tuigtear, ón taighde, go bhfuil timpeall 100 teaghlach ann ina bhfuil Gaeilge reasúnta líofa ag tuiste amháin ar a laghad.<br><br>Arís feictear nach bhfuil eolas faoin dátheangachas suimitheach (Gaeilge chun cinn) ar fáil go héasca, go tarraingteach ná go forleathan. Tá tacaíochtaí áitiúla pobail easnamhach chomh maith agus is gá an bearna seo a líonadh.<br><br>I ngeall ar shíorbhrú an Bhéarla, caithfear céimeanna pleanáilte a ghlacadh chun dul i ngleic le spreagadh na Gaeilge labhartha sa teaghlach. Chuige seo tarlóidh feachtas arduithe feasachta trí bhileoga a ullmhú agus na meáin shóisialta a úsáid chun eolas ar na buntáistí a scaipeadh ar bhonn leanúnach chomh maith le cruinnithe poiblí ina leith. Ansin beidh comhairle agus tacaíocht leanúnach i gceist do na tuistí a thabharfaidh faoin nGaeilge sa teaghlach. Beidh béim ar leith ar thuistí a bhfuil gasúir nua-bheirthe acu agus leas freisin á bhaint as pacáistí eolais RCOG.<br><br>Meastar anois nár mhór ar a laghad leagan leasaithe den SLG[32] a thabhairt isteach arís agus chuige seo beidh stocaireacht le déanamh i bpáirt le LPTanna chun seo a bhaint amach. | | |
| **Aidhm:** | Feachtas leanúnach a eagrú chun tuismitheoirí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt le gasúir - iad a chur ar an eolas faoi bhuntáistí na Gaeilge agus an dátheangachais agus an ról ar leith atá ag an teaghlach. Ansin tacaíocht leanúnach a chur ar fáil. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt**<br><br>**Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC), OPT.<br><br>RCOG; Tuismitheoirí (go háirithe le gasúir óga); LPT'anna eile. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain a 1: Socruithe agus Ullmhúchán | |
| | **Feidhmiú:** | Blianta a 2-7: Feidhmiú. | |
| **Costas measta iomlán:** | €4,000. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Bl. a 1: €1,000, Bl'a a 2-7: €500 x 6. Foilsiú na mBileog; eagrú na gcruinnithe agus táillí do shainchainteoirí sa réimse seo. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |

[32] Faoi mar a bhí molta sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) (lch. 539, 2007). Féach fo-nóta a 17.

| | |
|---|---|
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Teacht ar thuismitheoirí nua agus deiseanna scaipeadh eolais a thapú. In éagmais SLG beidh sé deacair tuistí a spreagadh agus gan aon mhór-aitheantas ann don olliarracht teangeolaíochta atá i gceist le Gaeilge a labhairt sa teaghlach i suíomh mionlaigh.<br><br>Réiteach ná leas a bhaint as Ionaid ina mbíonn tuistí nua agus lánúineacha óga go rialta - ionaid siopadóireachta, seomraí feithimh leighis, srl. Ansin cruinnithe eolais agus tacaíochta. Stocaireacht in éineacht le LPTanna eile re SLG. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:** | Líon maith bileoga tarraingteacha á scaipeadh agus á bpiocadh suas. Modhanna éagsúla in úsáid agus athnuachan gach 3ú, 4ú bliain. Tinreamh agus fiúntas na gcruinnithe tacaíochta a phlé ag leibhéal CS (GMC). Maidir le héifeacht: aiseolas á fháil faoin líon teaghlach teaghlach atá ag úsáid na Gaeilge. Baileofar eolas i nDaonáirimh 2021 agus 2026 a bhéas an-chabhrach ach freisin déanfar suirbhéanna go bliantúil le Naíonraí agus ranganna na Naíonán sna scoileanna d'fhonn staitisticí a bhailiú. Dar ndóigh tríd an gcabhair leanúnach le tuistí nua beidh fein-tuairisciú ar fáil. |

### 6.2.2 Clár Tacaíochtaí Teanga do Theaghlaigh

| **Réimsí:** | B | **Critéir pleanála teanga:** | 7, 8 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Meastar go mothaíonn teaghlaigh, nó fiú an tuiste le Gaeilge, go bhfuil siad leo féin agus de bharr fhorlámhas an Bhéarla nó easnamh sa gcumas, go mbítear faoi strus ag iarraidh Gaeilge a labhairt go leanúnach le gasúir. Chuige seo, teastaíonn struchtúr ceannais ar leith agus struchtúr imeachtaí agus teagmhálaithe le gur féidir le tuistí óga tacaíocht a fháil agus a thabhairt dá chéile. Ar na himeachtaí a bhéas i gceist beidh seisiúin maidne agus sathairn don tuiste (nó tuistí) agus an gasúr (nó gasúir) mar atá cheana féin ar siúl ag Grúpa Spraoi le Ceol ar an Satharn, ag iarraidh cur lena bhfuil ann trí éagsúlacht sna himeachtaí a fhorbairt. Seo go háirithe do ghasúir faoi 5 bliana d'aois. Más cuí beidh deiseanna ag sainchomhairleoirí cuairteanna baile a dhéanamh.<br><br>Beidh leas le baint as Teach na Gaeilge trína thuilleadh ranganna maidne/ciorcail chomhrá a eagrú do thuistí lena gcuid gasúr óga ag díriú ar theanga agus ar théarmaí an tí. Beidh bunachar teagmhálaithe (faoi réir ag an RGCS) áitiúla le forbairt d'fhonn daoine (ina measc tuistí eile) a bheith ar fáil le cabhair a thabhairt. Beifear ag baint leas as scéimeanna atá ullmhaithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, Glór na nGael agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, 'Thógamar le Gaeilge iad' agus acmhainní eile. | | |
| **Aidhm:** | Tacaíochtaí Teanga agus deiseanna sóisialaithe a thairiscint do Theaghlaigh, go háirithe le leanaí óga: dea-chleachtais aitheanta, seisiúin agus ranganna le béim ar nathanna cainte cuí, cuairteanna baile, srl. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC)/ OPT agus fo-choiste na dTeaghlach (le bunú).<br><br>Tuismitheoirí (go háirithe le gasúir óga); Tuistí le taithí ar na deacrachtaí; Scéim Teanga Tí Ghlór na nGael; Tuismitheoirí na Gaeltachta; Naíonraí, CNNG. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. |
| **Costas measta iomlán:** | €31,300. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Bl. a 1: €4,900. Bl.'ta a 2-7: €4,400 x 6. Seo bunaithe ar imeachtaí i gcaitheamh na bliana, lá amháin i lár na seachtaine agus gach satharn (50 lá x €80). Íocaíocht as am na sainchomhairleoirí agus as an treallamh a bheas de dhíth go háirithe i mbliain a 1. Teas i rith an gheimhridh. Árachas ar na himeachtaí. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach mbeidh tuistí nó sainchomhairleoirí le taithí ann chun cuidiú le lánúineacha óga; nach mbeidh dóthain teaghlach ann le seisiúin rialta a choinneáil ag imeacht. Réiteach ná tosú go beag agus an-bhéim a leagan ar chuidiú lena chéile agus tosaíocht a thabhairt don mhír seo sa chlár oibre. Gach tacaíocht a bheith ann don bhfo-choiste ó CS (GMC). Nasc láidir anseo le Mír a 6.2.1 agus a bhfuil ann maidir le poiblíocht is na cruinnithe eolais. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:** | Taifead a choimeád ar an líon tuistí a bhaineann leas as an scéim agus aiseolas a bhailiú ó na rannpháirtithe faoi dhó sa bhliain. Cruinnithe rialta ag an bhfo-choiste agus ansin tuairisciú do CS (GMC). Dá réir, an dá ní - taifead agus aiseolas - a phlé go rialta ag an gCS. | |

### 6.2.3 Seirbhís Chúram Leanaí trí Ghaeilge a fhorbairt

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B | **Critéir pleanála teanga:** | 9 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cé go bhfuil Ionaid Cúraim Leanaí i Maigh Cuilinn níl ach Naíonra maidne agus roinnt feighlithe aonaracha ag feidhmiú trí Ghaeilge. Tá cuid mhór i gceist le ICL a bhunú: coiste ar leith, foirgneamh, foireann oilte cumasach i nGaeilge, pacáiste aire a bheadh tarraingteach do thuistí ó thaobh costais agus oiriúnachta. Bheadh taighde/staidéar féideartha de dhíth le díriú ní hamháin ar na ceisteanna thuas ach ar na haoisghrúpaí: Faoi 3 bliana; 3-5 (aois scoile); Iar-am-scoile do pháistí scoile; samhradh & saoire freisin.<br><br>Bheadh stocaireacht i gceist agus tarraingt ar chláir tógála caipitil. Bheadh cinneadh le déanamh faoin eagrú - coiste pobail nó ar léas chuig conraitheoir príobháideach.<br><br>Freisin, beidh Eolaire[33] feighlithe linbh lae agus tráthnóna le Gaeilge le forbairt, a bheith ar fáil de réir éilimh agus le tacú leis na teaghlaigh le | | |

[33] Faoi réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) - An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

| | | |
|---|---|---|
| | Gaeilge á labhairt sa bhaile. Is Eolaire a bhéas i gceist anseo agus ní seirbhís agus dá bhrí sin ní bheidh freagracht ar GMC as seirbhísí aon fheighle linbh. | |
| **Aidhm:** | Ionad Cúraim Leanaí trí mheán na Gaeilge ina mbeadh Seisiún Naíonra chomh maith a fhorbairt. Mar fho-thogra Eolaire feighlithe linbh le Gaeilge a fhorbairt. | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | Fo-choiste na dTeaghlach / OPT / CS (GMC).<br><br>CNNG, Tuismitheoirí, An Roinn Leanaí is Gnóthaí Óige (RLGÓ), RCOG. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl a 1 - 3. Fo-thogra na bhFeighlithe Linbh ag deireadh Bhliain a 1. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7: Fo-thogra na bhFeighlithe Linbh.<br><br>Bl. a 4- 7: ICL. |
| **Costas measta iomlán:** | €1.25M idir €0.5M chun é a thógáil agus €150,000 in aghaidh na bliana chun a reáchtáil.[34] | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Seachas am an OPT, an €150,000 atá thuasluaite don reáchtáil ach é a bheith bunaithe. Eolaire na bhFeighlithe Linbh gan chostas. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, RLGÓ, CNNG. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tá iarracht ollmhór ag baint le hIonad Cúram Leanaí a bhunú agus a bhainistiú. Ní hamháin aimsiú na gcostas ach foireann a earcú atá oilte agus ansin cloí leis na dea-chleachtais oibre is fearr. Scála an-mhór i gceist leis seo agus gnéithe nach bhfuil smacht ag ag GMC orthu. D'fhéadfadh sé tarlúint nach bhféadfadh ICL dul ar aghaidh ach gach tacaíocht le tabhairt don togra ó CS (GMC), go háirithe sa stocaireacht. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Bunú an ICL féin agus ansin é a bheith á reáchtáil go rathúil - dóthain páistí ann, ag feidhmiú ar bhonn eacnamúil agus foireann le Gaeilge ag obair ann agus an t-iomlán ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Eolaire na bhFeighlithe Linbh a bheith ag feidhmiú go sásúil. Seo ar fad trí aiseolas a bhailiú ó na teaghlaigh trí fho-choiste na dTeaghlach (Beart a 6.2.2). | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | An togra le plé go tráthrialta ag cruinnithe den CS. OPT le tuairisciú ar bhunú agus ar dhul chun cinn Eolaire na bhFeighlithe Linbh. | |

[34] https://docs.wixstatic.com/ugd/aac749_293e4488302d4f5596795406907bd15d.pdf. Plean Teanga Ghaeltacht na Mí (Ráth Chairn agus Bhaile Ghib), Beart a 6.3.2., lch a 84.

## 6.3 Cúrsaí Oideachais (Naí-oideachas san áireamh)

Is é polasaí an Choiste Pleanála Teanga ná go mba mhian gach scoil agus naíonra sa Limistéar a bheith páirteach sa Scéim Aitheantais Ghaeltachta agus go dtabharfadh an Coiste agus an tOifigeach Pleanála Teanga gach tacaíocht dóibh. Ní hamhlaidh an scéal agus ní miste ar dtús féachaint ar an staid reatha.

**Féidearthachtaí agus Dúshláin**

Sa taighde tugadh roinnt pointí faoi deara:

- Ar an iomlán, tá caighdeán sásúil Gaeilge ag na múinteoirí sna scoileanna ar fad.
- Tá scoil amháin ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta - SASG (faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta). Bhí an Scéim, a fógraíodh go háitiúil in earrach 2017, ró-uaillmhianach do 3 as 4 scoil. 'Sé sin, ar fhigiúirí 2017-18, tá 93 as 659 (14%) scoláire bunscoile ag fáil oideachais lánGhaeilge. Tá naíonra amháin cláraithe le CNNG as 4 cinn.
- Meastar go bhfuil easpa eolais agus feasachta ar oideachas trí Ghaeilge agus dhátheangachas le sonrú i measc na dtuismitheoirí. I 2017 níor scaipeadh eolas náisiúnta chomh cuimsitheach is chomh hiomlán is a d'fhéadfaí sula ndearnadh cinntí faoi chur isteach ar an SASG. Tá tacaíocht ann i measc na dtuistí, áfach, don Ghaeilge agus don stádas Gaeltachta. Ar an láimh eile, bheadh tacaíocht do mhór-iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn leochaileach ar an iomlán.
- Ní hionann aon scoil i Maigh Cuilinn agus scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht ó thaobh na Gaeilge de. Bíonn go leor ar siúl - Gaeilge in ócáidí poiblí, ócáidí do thuistí, Lá na Gaeilge ag an gComhairle Chondae, Féile Scoil Drámaíochta, Coirm, agus ar uile.
- Maidir le timpeallacht na ngasúr, sé sin baile Mhaigh Cuilinn, tá Gaeilge le feiceáil go mór - idir fhógraíocht leanúnach agus fhógraíocht ócáidiúil agus le cloisteáil ag 600 duine fásta á labhairt go rialta.
- Ar an taobh eile, tá caighdeán Gaeilge na scoláirí easnamhach a deir tuistí áirithe sa taighde áitiúil.
- Fós féin, tá roinnt de na 13 Chritéar atá le sásamh ag scoileanna sa SASG, á gcomhlíonadh ach de bharr nach bhfuil ann ach an Scéim, tá faitíos ann go mbeidh cúlú ag tarlúint i leith na Gaeilge sna scoileanna atá lasmuigh den Scéim - is é sin go sleamhnóidh siad i dtreo na gcaighdeán náisiúnta atá sách íseal[35].
- Nósmhaireacht ábhar go leor a mhúineadh trí Bhéarla préamhaithe le blianta fada.
- Nósmhaireacht teanga na n-ionad cúram leanaí, na gcaitheamh aimsire agus chlubanna spóirt is sóisialta na n-ógánach imithe cuid mhaith le Béarla.
- Fás leanúnach sa daonra, atá chun leanacht ar aghaidh. Daonra nach bhfuil, den chuid is mó, i dtaithí ar dhátheangachas le Gaeilge. Ar an láimh eile, tá 20% den tithíocht nua le bheith curtha i leataobh do chainteoirí Gaeilge.
- Curaclam na bunscoile gan a bheith sonraitheach i dtaobh an chultúir dhúchasaigh go háitiúil - amhráin, dánta, scéalta áirithe le múineadh.
- Laige sheasamh na Gaeilge sa gcóras réamhscolaíochta.

**Réitigh:**

- Cabhair dhaonna ón gCoiste Pleanála Teanga i.e. an tOifigeach lán-aimseartha agus maoiniú do thionscadail a bheadh comhaontaithe le scoileanna is naíonraí.

---

[35] Harris et al. *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht.* Baile Átha Cliath: Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2006: 178). Na cúiseanna le sleamhnú na Gaeilge i mbunscoileanna: "an méid teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhéantar lasmuigh den rang Gaeilge féin, sásamh an mhúinteora i múineadh na Gaeilge, a mhéid a mbíonn tionchar ag dearcadh an mhúinteora féin ar a bhéim ar an nGaeilge sa scoil, moladh ó thuismitheoirí do dhul chun cinn an linbh i nGaeilge agus an dearcadh i leith fhoghlaim na Gaeilge (atá ag an) tuismitheoir".

- Meitheal nó fóram oideachais idirscoileanna a bhunú le hionadaíocht ó gach scoil. Beart a 6.3.1.
- Plé a dhéanamh ag leibhéal na mBord Bhainistíochta Scoile go rialta trí mhír a bheith ar an gClár Oibre na gcruinnithe boird.
- Tacú le cur chun cinn na Gaeilge i ngach scoil in aon slí gur féidir.
- An rogha maidir le múineadh trí mheán na Gaeilge in ábhair áirithe sna scoileanna lasmuigh den POG a spreagadh agus tacú, más féidir agus más cuí, le haon iarrachtaí ina leith seo.[36] Mar an gcéanna stocaireacht le déanamh leis na scoileanna chun 'Am discréideach' an ChlárAma Bunscoile a úsáid le Gaeilge a chur chun cinn i slite eile.
- Tiomantas a lorg ó na scoileanna chun múinteoirí le cumas Gaeilge a earcú go leanúnach. Deir an tArdChigire[37] nach bhfuil cumas Gaeilge go leor múinteoirí sásúil agus, dá bhrí, is faoi gach scoil a chinntiú go mbíonn cumas cinntithe ag agallaimh, srl.
- Úsáid na teanga in imeachtaí seach-churaclaim a chur chun cinn an oiread is is féidir.
- Na hEalaíona béil Gaeltachta a fhorbairt.
- Áisitheoireacht ar sheirbhís chuimsitheach Ghaeilge don Óige iar-am-scoile ag gach aoisghrúpa - fógraíocht, hallaí, srl a thairiscint do fhoireann Óige an Choiste Stiúrtha.
- Tacú go cuí le haon scoil atá ag lorg Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta, nó a lorgaíonn é. Beart a 6.3.2.
- Scéim (Beart a 6.3.3) a fhorbairt leis na scoileanna trasna an pharóiste a bheith intomhaiste. Tacaíocht ón gCoiste Pleanála Teanga agus an OPT dó. Seo Míreanna samplacha a d'fhéadfadh a bheith sa Scéim:
    - Gaeilge a bheith lárnach in earcú mhúinteoirí nua.
    - Ábha(i)r a mhúineadh trí Ghaeilge - Páirt-thumadh.
    - Sraith imeachtaí bliantúla lánGhaeilge sa cheantar idir na scoileanna.
    - Gné Ghaeilge i ngach imeacht poiblí nó idirscoile.
    - Scoláirí a ullmhú do Fheis Ghaeilge[38] bhliantúil - rannta, amhráin, comhrá, srl.
    - Tógáil ar an gCampa Samhraidh 3 seachtaine gach Mí Iúil.
    - Cláir do Chluichí Clóis trí Ghaeilge agus d'am discréideach a fhorbairt.
    - Clár amhránaíochta, dánta, scéalta atá ag teacht le dúchas na háite a fhorbairt agus a leanacht tríd síos na ranganna - Scéalta Thomáis Bairéad.
    - Scéim an Ghaelbhrataigh a leanacht - Sprioc: Gaelbhratach ag na 4 scoil.
    - Páirt a ghlacadh sa bhFéile Scoildrámaíochta is Coirm (Gael-Linn).
    - Clár na Scéime a bheith sonraithe do gach rang.
    - Páirteach in imeachtaí Ghaeilge Mhaigh Cuilinn.
    - Taighde leanúnach ar siúl idir OPT agus páistí Ranganna a 3-6 maidir le himeachtaí eile a d'fhéadfaí a eagrú.
    - Polasaí a bheith ag gach scoil le freastal ar pháistí ar chainteoirí dúchais/líofa iad.

[36] An Páirt-tumadh atá luaite sa bPlean Gníomhaíochta 2018-22 don S20B (lch a 30) atá ar fáil ag https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf.

[37] É ráite ag ag an Ardchigire go bhfuil sé imníoch faoi chumas Gaeilge na múinteoirí (tuairiscithe ag Éanna Ó Caollaí san Irish Times, 11 Márta, 2019).

[38] Feis Ghaeilge i Seachtain na Gaeilge cosúil le Féile na hInse (http://anclarasgaeilge.net/feile-na-hinse), Feis Ghaeilge an Óráin Mhóir - á reáchtáil ag tuistí agus an pobal tar éis am scoile. Ról na múinteoirí ná gach páiste a ullmhú chun dán, amhrán a rá nó comhrá a dhéanamh.

### 6.3.1 Fóram Oideachais Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn

| **Réimsí:** | A, B, C, K | **Critéir pleanála teanga:** | 5, 6, 7 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Beidh an Fóram seo in ann monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht, agus ar chur i bhfeidhm, na mbeart i réimse an oideachais agus aiseolas a thabhairt don Choiste Stiúrtha maidir leis na tacaíochtaí atá ag teastáil chun sárchaighdeáin Ghaeilge agus oideachais a sholáthar i nGaeltacht Mhaigh Cuilinn.<br>• Cuirfear an Fóram Oideachais ar bun chun nasc foirmeálta a fhorbairt idir na scoileanna agus institiúidí oideachais an cheantair. Cuirfear téarmaí tagartha don Fhóram seo le chéile, i bpáirt leis na páirtithe leasmhara oideachais.<br>• Beidh ról ag an bhFóram seo, i bpáirt leis an gCeanneagraíocht, clár imeachtaí sheach-churaclam a ullmhú, acmhainní an Choiste a thabhairt do thionscadail agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm na mbeart i réimse an oideachais sa phlean teanga seo agus aiseolas a thabhairt don Cheanneagraíocht maidir leis na tacaíochtaí atá de dhíth chun ardchaighdéan Gaeilge agus oideachais a sholáthar i nGaeltacht Mhaigh Cuilinn.<br>• Beidh ionadaíocht ag príomhoidí, múinteoirí agus ag boird bhainistíochta na scoileanna, agus stiúrthóirí naíonraí ar an bhFóram seo. Beidh an Fóram ina thacaíocht do na Scoileanna agus Naíonraí agus iad ag déileáil leis na dúshláin teangeolaíocha.<br>• Cabhróidh an Fóram chomh maith le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus tabharfaidh sé tacaíocht do na Scoileanna eile leibhéal cuí cumais Ghaeilge agus éitis Ghaeilge a shroichint le go mbeadh sé indéanta páirt a ghlacadh sa SASG má roghnaíonn aon scoil sin, bliain ar bith.<br>• Tríd an OPT déanfar obair an Choiste Stiúrtha i measc na hÓige (iar-am-scoile) a thuairisciú agus ansin a phlé go tráthrialta. | | |
| **Aidhm:** | Fóram Oideachais a chur ar bun ina mbeidh pleanáil ar siúl do chumasú na daoine óga sa Ghaeilge agus deiseanna á bhforbairt leis an teanga a úsáid sna Forais Oideachais sa pharóiste. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt.**<br><br>**Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>Príomhoidí agus boird bhainistíochta na scoileanna áitiúla. Múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí óga, stiúrthóirí naíonraí agus An Roinn Oideachais agus Scileanna. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Fóram a bhunú agus Plean Oibre a réiteach i mBl. a 1. | |
| | **Feidhmiú:** | Go leanúnach gach ráithe | |
| **Costas measta iomlán:** | (a) 7 x €500 = €3,500. | | |

| | |
|---|---|
| | (b) Blianta a 2 -7, €6,000 x 6 = €36,000.<br><br>Iomlán: €39,500. |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | (a) €500 ar Ábhar a réiteach, Aoi-chainteoirí a fhostú/ saineolas a bhailiú / freastal ar cheardlanna. (b) Blianta a 2-7: Tionscadail éagsúla tras-pharóiste agus ag Scoileanna aonaracha - €6,000. |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | **Dúshláin:**<br><br>a) Rannpháirtíocht na Scoileanna ag chuile leibhéal - Múinteoirí, Coistí Tuismitheoirí & Boird Bhainistíochta. Agus ansin go mbeidh ceannach isteach ag na forais uile sa Bheart seo, bíodh siad sa POG/SASG nó lasmuigh de.<br><br>b) Ionadaíocht a bheith ag teacht go rialta chuig na cruinnithe ó na forais ar fad.<br><br>c) Tá comhthéacs i Maigh Cuilinn nach bhfuil i mórán áiteanna eile - (i) Ceantar Gaeltachta le scoil amháin atá sa POG/SASG agus (ii) ag an am gcéanna trí bhunscoil eile atá sa Ghaeltacht ach nach bhfuil sa POG/SASG. Dá bhrí sin, tá baol ann áfach go dtitfidh na caighdeáin Ghaeilge sna scoileanna eile.<br><br>**Réiteach:** a) & b): Feachtas feasachta agus eolais, go háirithe do thuismitheoirí, a bhunú in éineacht leis na forais áitiúla le béim ar chumarsáid chun tiomantas tras-scoile a aimsiú atá oiriúnach do inmharthannacht Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn. Cruinnithe aonair leis na scoileanna ar bhonn leanúnach le cuidiú in aon slí.<br><br>c): Tacú leis na scoileanna ina n-iarrachtaí trí acmhainní is maoiniú ó CS (GMC) agus OPT. Comhairleoireacht seachtrach i gceist freisin, mar atá luaite i mBeart a 6.1.1, mar go bhfuil go dteastaíonn saineolas chun plé leis na deacrachtaí a ardaíonn de bharr scoileanna gan a bheith sa POG/SASG. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Tuairiscí ón bhFóram chuig CS gach ráithe a léiríonn dul chun cinn. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Cruinnithe an Fhóraim eagraithe gach ráithe. Clár imeachtaí seach-churaclam ullmhaithe agus aontaithe ag tús na scoilbhliana. |

**6.3.2 Buanú an Oideachais lánGhaeilge sna Naíonraí agus Scoileanna atá sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) / Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta (SASG).**

<table>
<tr><td>Réimsí:</td><td>A, B, C, K</td><td>Critéir pleanála teanga:</td><td>5, 6, 7, 10, 19</td></tr>
<tr><td>Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:</td><td colspan="3">San aon scoil amháin, Scoil an Bhaile Nua, atá sa POG/SASG tá roinnt easnaimh orthu nach mór dóibh tacaíocht a fháil ina leith. An príomhcheann is ea nach bhfuil ach beagán imeachtaí iar-am-scoile ann do na scoláirí sa scoil. Chuige seo bheadh foireann eile ag teastáil (atá sonraithe i Mír a 6.4 (An Óige)) agus freisin áiseanna agus acmhainní fisiciúla mar go bhfuil ganntanas uafásach ar an scoil cheana féin.[39]<br><br>Mar atá sonraithe i gCritéar a 9[40] do bhunscoileanna sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tá tábhacht ar leith ag baint le cothabháil na Gaeilge sa phobal Gaeltachta áitiúil tríd an bpróiseas pleanála teanga. Tá go leor de na táscairí san áireamh ina bhfuil molta in 6.3.1 & 6.3.3 ach freisin tá an pobal fásta i gceist agus cuidiú le 'iarrachtaí an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa cheantar' (DTBGT, lch a 22). Faoin bPOG/SASG is gá do CS (GMC) agus an scoil oibriú go dlúth i bpáirt lena chéile, trí chlár oibre a aontú, chun Critéar a 9 a bhaint amach.</td></tr>
<tr><td>Aidhm:</td><td colspan="3">Tacaíocht a thabhairt do Scoileanna agus Naíonraí atá sa POG/SASG na Critéir ar fad atá le baint amach acu chun Aitheantas a fháil.</td></tr>
<tr><td>PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">Scoileanna agus Naíonraí a lorgaíonn Aitheantas Gaeltachta.<br><br>CS (GMC) / OPT; RCOG; ÚnaG; ROS.</td></tr>
<tr><td>Saolré:</td><td>Socruithe agus ullmhúchán:</td><td colspan="2">Bl. a 1:  Tús láithreach le hullmhúchán.</td></tr>
<tr><td></td><td>Feidhmiú:</td><td colspan="2">Láithreach agus go leanúnach. Bl'ta a 1-7.</td></tr>
<tr><td>Costas measta iomlán:</td><td colspan="3">Ní bhaineann. Féach Imeachtaí Óige 6.4.</td></tr>
<tr><td>Costas measta in aghaidh na bliana:</td><td colspan="3">Ní bhaineann. Féach Imeachtaí Óige 6.4.</td></tr>
<tr><td>Foinsí maoinithe:</td><td colspan="3">RCOG.</td></tr>
<tr><td>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</td><td colspan="3">Acmhainní teoranta ag an scoil atá sa POG/SASG. Foireann oilte a aimsiú d'imeachtaí Óige iar-am-scoile idir a 3 agus a 6 dúshlánach.<br><br>Réiteach ar an scéal ná ról stocaireachta a bheith ag an OPT agus comhtháthú a dhéanamh ar chúrsaí na hÓige agus seo.</td></tr>
<tr><td>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</td><td colspan="3">Go bhfuil ag éirí leis na forais sa POG/SASG na critéir faoin bpróiseas pleanála teanga a shásaimh.</td></tr>
</table>

[39] Comhfhreagras ó Choiste Theanga Cheantair Mhaigh Cuilinn atá i mbun oibre air seo do Scoil an Bhaile Nua atá ar fáil in Aguisín E.

[40] Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta. Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais. (DTBGT) lch a 22. Aonad Gaeltachta, Roinn Oideachais is Scileanna. Ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Oideachais/tascairi-dea-chleachtais-don-tumoideachas-dreacht-treoir-do-bhunscoileanna-gaeltachta.pdf.

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tuairisciú an OPT chuig CS (GMC) ar bhonn rialta. |

**6.3.3 Tacaíocht do Scéim Ghaeilge sna Scoileanna ar fad**

| **Réimsí:** | A, C, K | **Critéir pleanála teanga:** | 5, 6, 7, 10, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cé nach bhfuil gach scoil sa POG/SASG tá móramh an phobail i Maigh Cuilinn ag léiriú tacaíochta don Stádas Gaeltachta agus tuisceannach nach mór céimeanna áirithe a ghlacadh chun sin a chosaint. Chuige sin, moltar Scéim Ghaeilge a chumadh atá in oiriúint don Limistéar.<br><br>Mar atá ráite thuas sna féidearthachtaí, na dúshláin agus réitigh ar na dúshláin ag 6.3 go gcuirfeadh scoileanna Mhiagh Cuilinn Scéim i bhfeidhm mar seo:<br><br>Gaeilge a bheith lárnach in earcú mhúinteoirí nua.<br><br>Ábha(i)r a mhúineadh trí Ghaeilge - Páirt-thumadh i bhfeidhm.<br><br>Sraith imeachtaí bliantúla lánGhaeilge sa cheantar idir na scoileanna.<br><br>Gné mhór Ghaeilge i ngach imeacht poiblí nó idirscoile.<br><br>Scoláirí a ullmhú do Fheis Ghaeilge bhliantúil, mar atá mínithe thuas i 6.3.1 - rannta, amhráin, comhrá, srl.<br><br>Forbairt ar an gCampa Samhraidh 3 seachtaine gach Mí Iúil.<br><br>Cláir do Chluichí Clóis trí Ghaeilge agus d'am discréideach a fhorbairt.<br><br>Clár amhránaíochta, dánta, scéalta atá ag teacht le dúchas na háite a fhorbairt agus a leanacht tríd síos na ranganna - Scéalta Thomáis Bairéad.<br><br>Scéim an Ghaelbhrataigh a leanacht - Sprioc: Gaelbhratach ag na 4 scoil.<br><br>Páirt a ghlacadh sa bhFéile Scoildrámaíochta, Coirm (Gael-Linn), Féasta Sráide Mhaigh Cuilinn, Lá Gaeilge na Comhairle Chondae, srl.<br><br>Clár na Scéime a bheith sonraithe do gach rang.<br><br>Gach aon rud atá ar siúl cheana féin maidir le Gaeilge a choinneáil agus a fhorbairt - Gaeilge sna Sacraimintí, sna paidreacha, srl mar shampla.<br><br>Páirteach in imeachtaí Ghaeilge Mhaigh Cuilinn.<br><br>Taighde leanúnach ar siúl idir OPT agus páistí Ranganna a 3-6 maidir le himeachtaí eile a d'fhéadfaí a eagrú.<br><br>Polasaí a bheith ag gach scoil le freastal ar pháistí ar chainteoirí dúchais/líofa iad. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Aidhm:** | Scéim Ghaeilge ar leith do Scoileanna Uile Mhaigh Cuilinn a fhorbairt | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | Bunscoileanna uile tríd an bhFóram Oideachais (Mír a 6.3.1) agus san áireamh, Coistí na dTuistí agus na Boird Bhainistíochta.<br><br>CS (GMC) / OPT, ROS, RCOG, | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl a 1: Ullmhúchán. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2 -7: Feidhmiú. |
| **Costas measta iomlán:** | Féach 6.3.1. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Féach 6.3.1. | |
| **Foinsí maoinithe:** | Féach 6.3.1 | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Is gá na scoileanna agus forais eile a mhealladh le páirt a ghlacadh ann go leanúnach mar go n-athraíonn pearsanra agus cúinsí. Muna leanfadh an feachtas feasachta agus eolais ar aghaidh i measc na dtuistí, nach dtuigfí an gá atá leis. Go mbeadh ualach ró-throm breise ar mhúinteoirí. Nach mbeadh an maoiniú ann do na tionscadail eagsúla.<br><br>Réiteach: Cumarsáid agus cruinnithe rialta leis na forais oideachais ar fad, go háirithe lena gceannasaíocht. Tríd an bhFóram Oideachais a chinntiú, trí chúnamh CS (GMC), go leanann feachtas sásúil feasachta agus eolais ar aghaidh, go gcuirtear an maoiniú ar fáil agus go dtugann an tOPT an cúnamh go leanúnach. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Taighde cuí rialta in úsáid ag an bhFóram ag díriú ar aiseolas faoin dul chun cinn sa chumas ag na scoláirí sa Ghaeilge agus ina húsáid. Tríd an bhFóram agus a gcruinnithe rialta go ndéantar coigeartuithe de réir mar is gá. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tuairisciú ag an bhFóram, ag cruinnithe fóirne scoile agus ag na Boird Bhainistíochta. Tuairisciú chuig an gCS ón OPT. | |

### 6.3.4 Iarbhunscolaíocht trí Ghaeilge

| **Réimsí:** | A, K | **Critéir pleanála teanga:** | 5, 6, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Níl rogha na hiarbhunscolaíochta ar fáil i Maigh Cuilinn. Gach lá fágann 500+ déágóir an paróiste le freastal ar fhorais éagsúla i nGaillimh, sa Spidéal agus in Uachtar Ard. Ina measc tá dhá iarbhunscoil atá sa SASG.<br><br>Seo an polasaí a bhéas againn má thagann an t-ábhar chun cinn, beidh sé inmhianaithe go mór iarbhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil i Maigh Cuilinn amach anseo agus ardú sa daonra ar na bacáin. Theastódh go dtarlóidh an iarbhunscolaíocht seo de réir chleachtais lánGhaeilge an POG/SASG. Is foras oideachais neamhspleách a chaithfeadh a bheith ann lena bhuiséad, a champas agus a phríomhoide is múinteoirí féin.<br><br>Maidir le scoláirí na hIdirbhliana (Bliain a 4 iarbhunscoile), beifear ag díriú ar shocrúcháin a eagrú do dhéagóirí idirbhliana an cheantair le foireann Theach na Gaeilge / an Choiste Stiúrtha agus na scoileanna faoi ghnáthchoinníollacha na scéime. | | |
| **Aidhm:** | Iarbhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge amháin a bheith ar fáil i Maigh Cuilinn.<br><br>Deiseanna taithí oibre lánGhaeilge a bheith ag scoláirí na hIdirbhliana. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>RCOG, ROS, ÚnaG, BOOGRC, Tuismitheoirí. Iarbhunscoileanna Gaeltachta (Col na Coiribe is Col Chroí Mhuire, An Spidéal). | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Blianta a 1 -3: Fiosrúcháin agus Stocaireacht. Socrúcháin Idirbhliana: Bl a 1-7. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 4 - 7. | |
| **Costas measta** | Ní bhaineann. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Leis an easpa feasachta ar bhuntáistí an oideachais lánGhaeilge i measc na dtuismitheoirí ar an mbunleibhéal nach mbeadh an oiread suime ag an dara leibhéal is a theastódh. Dúshlán eile is ea go gcuirfí nós na vótála i measc na dtuismitheoirí chun tosaigh ar an stádas Gaeltachta. Réiteach is ea Pátrún, suíomh a aimsiú, stocaireacht den uile chineál a dhéanamh le bheith chun tosaigh ar an ROS. Béim a chur ar an ró-thaisteal ag gasúir, ar bhunchloch an ghaelbhunoideachais sa cheantar agus ar an stádas Gaeltachta.<br><br>Maidir le socrúcháin na scoláirí idirbhliana iarbhunscoile bheadh maoirsiú agus treorú i gceist ach leis na treoracha a thagann ó na | | |

| | |
|---|---|
| | hiarbhunscoileanna féin meastar go mbeadh sé réadúil go leor iad a leanacht agus leas iomlán a bhaint as an scéim. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:** | CS (GMC) á phlé go tráthrialta. Fochoiste más gá a bhunú i dtaobh sholáthar na hiarbhunscolaíochta lánGhaeilge.<br><br>Comhphlé leanúnach le hIarbhunscoileanna Gaeltachta maidir leis na socrúcháin do na scoláirí idirbhliana. Bheadh súil le feabhas sa chleachtas teanga idir líon áirithe déagóirí agus seo le feiceáil sa taighde amach anseo agus/nó i ndaonáirimh 2021 is 2026 go bhfuil ardú ar an líon a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den scoil. |

**6.3.5 An Ghaeilge sa Naí-Oideachas a fhorbairt agus a láidriú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | B | **Critéir pleanála teanga:** | 9, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Féach Mír a 6.2 agus na Bearta ar Chúram Leanaí freisin. Maidir le Naí-Oideachas is Naíonra amháin san LPT atá cláraithe le CNNG. Teastaíonn áiseanna níos fearr agus cosúil le go leor Naíonraí eile, coinníollacha oibre, oiliúint bhreise agus conair ghairme níos cinnte ó na hoibrithe.<br><br>Mar nach cuid de Ionad Cúraim Leanaí (ICL) é an Naíonra tá deacrachtaí ann leanaí agus teaghlaigh a mhealladh le freastal air don seisiún neamhspleách maidne atá aige. 185 páiste idir 3 agus 5 bliana a bhí i Maigh Cuilinn i 2016 le grúpa beag (10-15 ar an meán) sa Naíonra Gaeilge. Tá tábhacht ar leith le naí-oideachas anois agus páistí ag caitheamh dhá bhliain sa chóras. Ní léir aon ghné chinnte a bheith ag Gaeilge i gcuraclam Naíonraí eile nach í an Ghaeilge an teanga teagaisc.<br><br>Theastódh an t-ábhar a phlé in éineacht le ceist an ICL (mar atá i Mír a 6.2.3 agus coiste ar leith ag déileáil leis). Chomh maith beifear ag tairiscint cabhrach do Naíonraí eile gné na Gaeilge sa churaclam a fhorbairt. Le bliain anuas is cosúil infheistíocht mhór stáit a bheith faighte ag CNNG agus níor mhór oibriú i bpáirt leo agus treoir a fháil uathu. | | |
| **Aidhm:** | Naí-Oideachas Gaeilge agus lánGhaeilge a láidriú agus a leathnú sa phobal. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>Naíonra Mhaigh Cuilinn, CNNG. RLGÓ, ROS, Naíonraí eile, tuismitheoirí. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1. | |
| | **Feidhmiú:** | Go leanúnach ó Bhl. a 2-7. | |
| **Costas measta bliana nó iomlán:** | Ní bhaineann. | | |

| Foinsí maoinithe: | Ní bhaineann. |
|---|---|
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach dtiocfadh fás agus forbairt ar bith d'uireasa forgneamh cuí, áiseanna agus acmhainní as an nua agus ICL lánGhaeilge. Go leanfaidh na droch-choinníollacha oibre ag na fostaithe. Nach mbeidh curaclam Gaeilge sna hionaid réamhscoile eile ná oiliúint chuige.<br><br>ICL lánGhaeilge a bhunú, ar a laghad dóibhsin trí bliana is níos sine, le gur féidir coinníollacha oibre maithe a thairiscint do fhostaithe agus seirbhís iomlán lae a bheith ar fáil do thuismitheoirí. Treoracha a fháil ó CNNG agus oibriú i bpáirt le foireann an Naíonra. Stocaireacht leanúnach i bpáirt le CNNG is LPT'anna eile ar RLGÓ / ROS maidir le tacaíochtaí don naí-oideachas trí Ghaeilge. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:** | Ní mór go mbeadh Coiste láidir ionadaíoch de na páirtithe leasmhara ag obair le tacaíocht an OPT. Láidriú ar an Naíonra/Naíonraí agus Naí-oideachas Gaeilge a léireoidh éifeacht anseo, ina measc méadú ar an líon páistí atá cláraithe i Naíonra de chuid CNNG, trí thaifead a choinneáil. |

### 6.3.6 Oideachas fadsaoil agus Tríú Leibhéal trí Ghaeilge a fhorbairt

| **Réimsí:** | D, K | **Critéir pleanála teanga:** | 11, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Níl campas OÉG ach deich gciliméadar ó Mhaigh Cuilinn ach fós féin le daonra an LPT ag bordáil ar 5,000 agus easnaimh éagsúla sa tsoláthar ranganna Gaeilge agus in ábhair trí mheán na Gaeilge sa cheantar feictear deis do sheirbhís eisteagmhála agus/nó seirbhís ón mBOO. Féach freisin Mír a 6.5 do fhoghlaim na Gaeilge féin ag daoine fásta. Bheadh pleanáil le deanamh in éineacht leis an mBOO - cineál, leibhéal na ranganna anuas ar ionad, am, minicíocht, srl. Beidh cúram ar an OPT / CS (GMC) taighde a eagrú chun na leibhéil inspéise a aimsiú le nach mbeidh an cúram ar fad ar an mBOO agus déanamh cinnte go mbeidh na híosleibhéil tinrimh (ag micléinn pháirt-aimseartha b'fhéidir den chuid is mó) ag freastal ar na cúrsaí. Chuirfeadh cúrsaí trí Ghaeilge in ábhair de gach saghas go mór le litearthacht Ghaeilge ó bhéal agus scríofa an phobail. Bheadh tionchar dá réir aige seo ar úsáid na teanga.<br><br>Tá fás ag teacht ar líon na socrúchán ráithe agus bliana atá de dhíth ar mhicléinn tríú leibhéal agus, an LPT in ann glacadh leo, chuirfeadh líon scoláirí tríú leibhéal ar shocrúcháin lánGhaeilge go mór le foireann CS (GMC), aon fhoras Gaeilge eile san LPT agus cur chun cinn na teanga.<br><br>Thiocfadh na scoláirí ar feadh ráithe nó bliana agus d'oibreodh siad faoi mar a bheadh intéirneach, faoi stiúir an OPT. Bheadh uaireanta oibre míshóisialta amanta i gceist ach sin an nádúr atá le cuid mhór de chláir oibre an Phlean Teanga seo. Mar shampla, in imeachtaí óige bheidís ag cuidiú lena reáchtáil. Níl aon chostas i gceist don ósteagraíocht maidir leis na socrúcháin seo. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Aidhm:** | Oideachas fadsaoil & tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil san LPT agus socrúcháin na macléinn a bheith ar fáil sna forais Ghaeilge áitiúla. | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC).<br><br>OPT, BOOG&RC, OÉG, OL, ITGM. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl'ta a 2-3. |
| | **Feidhmiú:** | Bl a 4-7. |
| **Costas measta in aghaidh na bliana nó iomlán:** | Ní bhaineann. | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach gcothóidh córas an BOO agus na bhforas eile straitéisí chun dul i ngleic leis na leochaileachtaí atá ag baint le hoideachas lánGhaeilge fadsaoil agus dá bhrí sin nach gcuirfear na hacmhainní ná an t-am ar fáil don réimse. Is é sin, mar shampla, nach nglacfaidh dóthain daoine páirt ar dtosach.<br><br>Réiteach ná stocaireacht i bpáirt le LPTanna eile d'fhonn a chur ina luí ar na forais an cothú breise atá ag teastáil ón oideachas lánGhaeilge ag daoine fásta. Is gá go ndéanfar cúiteamh i ngeall ar an nGaeilge, cúnamh ar leith a thairiscint agus cúrsaí a phoibliú ar chuile bhealach. Moltar tosú le cúrsa ar nós "Staidéir Oidhreachta" a thógfadh ar a bhfuil sa cheantar cheana. Féach Beart a 6.14.1. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Líon agus caighdeán na gcúrsaí fadsaoil a chuirtear ar fáil, iad a bheith sásúil agus inmharthannach, fiú mura bhfuil ach líon an-bheag i gceist thar na seacht mbliana. Líon na socrúchán a bheith leanúnach ag beirt nó triúr sa ráithe ag micléinn 3ú leibhéal sna forais lánGhaeilge san LPT. Chothódh seo ionad oibre agus pobal beag eile lánGhaeilge sa tsráidbhaile go laethúil. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Taifid a choinneáil ar líon agus ar réimsí na gcúrsaí trí mheán na Gaeilge agus tuairisciú rialta chuig CS (GMC). Taifead a choinneáil ar líon na socrúchán agus meastóireacht ina leith faoi dhó sa bhliain ón gcomhairleoir pleanála teanga (Mír a 6.1.1). | |

**6.4 An Óige - Imeachtaí Iar-am-scoile**

**6.4.1 Seirbhís Chuimsitheach Iar-am-scoile lánGhaeilge don Óige**

<table>
<tr><td>Réimsí:</td><td>C, K</td><td>Critéir pleanála teanga:</td><td>10, 19</td></tr>
<tr><td>Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:</td><td colspan="3">Tuigtear gurb iad na déagóirí an aoisghrúpa is mó a bhfuil Gaeilge acu (87%) ach is iad an grúpa is ísle ar fad a labhraíonn í go laethúil - 3.5%. Chomh maith aithnítear nach bhfuil dóthain tearmann teanga (imeachtaí, ionaid agus gníomhaíochtaí trí Ghaeilge go sonrach) don aos óg. Níl dóthain gníomhaíochtaí ann dóibh ainneoin an grúpa déagóirí atá ag freastal ar an oideachas lánGhaeilge i nGaillimh, mar shampla.<br><br>Seo a bheas i gceist:<br><br>Oiliúint faoi leith in obair Óige na Gaeilge a eagrú don OPT láithreach is é/í ceapaithe i mbun oibre. Chuige seo is gá dul i dteagmháil leis na forais éagsúla óige Ghaeilge láithreach. Ar oifigigh CS (GMC) in éineacht leis an OPT a thitfidh an cúram.<br><br>Bunú agus reáchtáil seirbhísí agus imeachtaí don Óige, "tearmainn teanga" (clubanna sainspéise seachtainiúla, ógchlubanna, srl) a bheas i gceist, a chruthóidh go tomhaiste ach go cinnte timpeallacht shóisialta ina bhfuil an Ghaeilge á sealbhú go líofa ach í mar theanga chumarsáide ag ógánaigh idir 11 agus 18 mbliana.<br><br>Béim ar imeachtaí d'ardchaighdeán agus leanúnach a fhorbairt, le béim ar shainspéiseanna agus ar scéimeanna Techspace (féach Beart a 6.4.2).<br><br>Córas Chlubanna Óige a fhorbairt, i bpáirt le hÓgras, ag tabhairt na dea-chleachtais Ghaeltachta agus náisiúnta (ógeagrais Ghaeilge go háirithe) is tairbhiúla san áireamh. Foireann pháirt-aimseartha d'iarscoláirí agus d'iarchinnirí an Champa Samhraidh, gur micléinn 3ú leibhéal anois iad, a fhostú go páirt-aimseartha tráthnónta agus ag an deire seachtaine.<br><br>Córas meantóireachta a fhorbairt do dhaoine óga chun iad a choinneáil leis an nGaeilge.<br><br>Scéim scoláireachta a fhorbairt agus a mhaoiniú bunaithe ar cheannairí óga an Champa Samhraidh le go mbeadh ról ag na ceannairí seo mar ambasadóirí óga na Gaeilge agus iad ag mealladh daoine óga eile chun an Ghaeilge a úsáid.<br><br>Cúrsaí Samhraidh nua a fhorbairt don aoisghrúpa 15-17 bliana d’aois.</td></tr>
<tr><td>Aidhm:</td><td colspan="3">Seirbhís chuimsitheach iar-am-scoile lánGhaeilge don Óige a fhorbairt mar thosaíocht.</td></tr>
<tr><td>PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="3">CS (GMC) / OPT.<br><br>Ógras. Iarchinnirí gur micléinn 3ú leibhéal iad, Tuismitheoirí, ÚnaG, Óige na Gaeltachta, Foras na Gaeilge/Cumann na bhFiann, Ógeagrais Ghaeilge eile, scoileanna.</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 maraon le tús triaileach ar chuid de na himeachtaí |
| | **Feidhmiú:** | Bl a 2 - 7 |
| **Costas measta iomlán:** | €135,000 thar 7 mbliana. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €15,000 i mbl a 1. €20,000 in aghaidh na bliana ó 2 go 7 d'oiliúint an OPT agus na gceannairí, cúiteamh ar a gcuid ama agus ar am speisialtóirí sainspéise agus ansin cíos ar ionaid agus íocaíochtaí as turais. | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ciste Imeachtaí Óige ÚnaG, RCOG, Óige na Gaeltachta, Foras na Gaeilge. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | An dúshlán ná go dteipfeadh ar aon cheann de na mórghnéithe thuasluaite - oiliúint, earcú agus fostú fhoireann de chinnirí, cruthú na dtearmann teanga de réir na ndea-chleachtas. Nach mbeidh maoiniú ar fáil[41]. Chomh maith, beidh an iomaíocht lena bhfuil ann d'imeachtaí óige cheana féin sách dian.<br><br>Réiteach ná Plean Cuimsitheach d'Obair Óige agus príreacht ollmhór a bheith aige i gclár na seachtaine agus na bliana i sceideal oibre an OPT. Na hacmhainní oiliúna agus maoinithe a bheith ann, rud a chiallaíonn go dtugtar an spás don OPT 40-50% dá c(h)uid ama a chaitheamh ar an mBeart seo. Le 1,400+ duine óg tá tábhacht thar cuimse leis. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Bliain a 1: Seo a bheith ar an gClár do CS (GMC)i gcónaí. É a bheith chun tosaigh i dtuairisc agus i gclár oibre an OPT. Taifead iomlán a choinneáil ar na himeachtaí agus ar líon na gcinnirí deonacha agus fostaithe. Aiseolas a chlárú go leanúnach. Bl.'ta 2-7: Leanacht leis an nós tús áite a thabhairt dó seo, go háirithe má tá dúshláin mhóra ann. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Mar shlat tomhais, an bhéim a bheith ar chaighdeán na n-imeachtaí (sin iompar teanga na mball agus fiúntas na n-imeachtaí seachas go díreach líon na mball agus na n-imeachtaí. Plé rialta ag an gCS ar thuairiscí an OPT. Mar atá i mBeart a 6.3.4 bheadh súil le feabhas sa chleachtas teanga idir líon áirithe déagóirí agus é le feiceáil sa taighde amach anseo agus/nó i ndaonáirimh 2021 is 2026 go bhfuil ardú ar an líon a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den scoil. | |

### 6.4.2 An Teicneolaíocht agus an Óige - TechSpace

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C, K | **Critéir pleanála teanga:** | 10, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Imeachtaí ag teastáil ón Óige agus is eol dúinn an-suim acu sa teicneolaíocht, scil a bheidh uathu amach anseo. Códáil, srl. Tuigtear freisin an-obair ar siúl trí Ghaeilge ag Techspace (mar shampla Tech Féile i nGaillimh ar an 14 Márta, 2019). Tá Lár-Oifig acu i nGaillimh. Bhí | | |

[41] D'fhoilsigh Óige na Gaeltachta (ÓnaG) 'Straitéis Óige don Ghaeltacht i 2017'. Ar lgh a 37-8 liostáiltear an maoiniú a fhaigheann Ógeagrais Bhéarla - suas go €6m in aghaidh na bliana agus breis is 500 fostaí lán-aimseartha. Thart ar €230,000 é deontas ÓnaG.

| | | |
|---|---|---|
| | Campa ag baint le TechSpace i Maigh Cuilinn trí bliana ó shin agus treallamh áirithe i stóras ó shin chuige seo.<br><br>Míniú ar a bhfuil ar siúl ó TechSpace féin: "Is gluaiseacht náisiúnta é TechSpace a chuireann deiseanna ar fáil do dhaoine óga a bheith cruthaitheach agus úsáid á baint acu as an teicneolaíocht. Is aidhm leis a bheith mar an bpríomhghréasán teicneolaíochta cruthaithí d'oideachasóirí chun oiliúint agus nuashonrú a dhéanamh sa Chruthaitheacht dhigiteach agus i STEAM."[42]<br><br>Ar na féidearthachtaí a bhainfeadh leis seo bheadh dea-thionchar ar an bplean teanga seo ar fad agus ar áit na Gaeilge sa phobal. Mar shamplaí den tionchar seo bheadh daoine óga le scileanna sa teicneolaíocht agus sna meáin chumarsáide in ann iad a bhreith leo amach as an seomra ranga chuig an bpobal, chuig na glúnta éagsúla agus an teanga chun tosaigh. | |
| **Aidhm:** | I bpáirt le TechSpace cúrsaí, tionscnaimh agus campaí trí mheán na Gaeilge a chur ar bun i Maigh Cuilinn do dhéagóirí. | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>ÚnaG, Óige na Gaeltachta agus TechSpace. An Óige ar fad, na tuismitheoirí, teicneolaithe na faisnéise, na bhfís-scileanna agus na códála. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1: Oibriú le TechSpace ar Phlean, a bheas mar chuid den Phlean Óige. Triail ar thogra píolóiteach. Oiliúint na dtraenálaithe. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2: Cúrsa agus tionscnamh amháin.<br><br>Bl. a 3-7: Buanú agus cur leis. |
| **Costas measta iomlán:** | €20,500. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €2,500 i mBliain a 1 don trealamh is mó. €3,000 x 6 ansin. Sainoiliúint leanúnach (@ €30 x 80 uair a'chloig) agus beagán uasdátuithe ar an trealamh i gceist. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach mbeidh dóthain oiliúnóirí ar fáil. Bheith ró-uaillmhianach. Réiteach is ea na traenálaithe a oiliúint agus gluaiseacht go mall le cúram a dhéanamh araon den Ghaeilge is den teicneolaíocht. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Go bhfuil leas á bhaint ag an óige as an treallamh, scileanna á bhfoghlaim agus go bhfuil Gaeilge chun tosaigh sna himeachtaí. An tOPT a bheith lárnach sna himeachtaí chun aiseolas a bhailiú, agus arís bheadh súil le feabhas sa chleachtas teanga idir déagóirí agus é le feiceáil sa taighde amach anseo agus/nó i ndaonáirimh 2021 is 2026 go bhfuil ardú ar an líon a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den scoil. | |

[42] https://techspace.ie/about-us/?lang=ga.

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | OPT ag tuairisciú chuig CS (GMC) go tráthrialta ar líon agus ar chaighdeán na n-imeachtaí. |

### 6.5 Daoine Fásta, ar Foghlaimeoirí iad, agus Sealbhú is Úsáid na Gaeilge

#### 6.5.1 Cabhair leanúnach do Fhoghlaimeoirí Fásta na Gaeilge

| **Réimsí:** | D, K | **Critéir pleanála teanga:** | 11, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cuireadh an-bhéim sna freagraí sa taighde ar an easpa líofachta i measc go leor daoine fásta agus tuistí. Dúradh go raibh gá le deiseanna foghlama a bheith acu agus éagsúlacht sna cuir chuige. Níor mhór freisin an diúltachas a sheachaint. Teip a tharla do chuid mhór daoine maidir leis an teanga fiú ó bhog siad isteach sa cheantar. Tá cumas sa Ghaeilge ag 62.2% atá go maith os cionn an mheáin náisiúnta (41%).<br><br>Deir Caoimhín de Barra (2019)[43] go raibh air féin triail a bhaint as an iliomad cúrsaí agus slite foghlama le líofacht a bhaint amach, fiú thar lear, ainneoin é tar éis í a fhoghlaim go leibhéal na hArdteiste. Is léiriú é a chás ar an aire agus an cúnamh a bhíonn de dhíth ó gach foghlaimeoir fásta ach an toil agus seasmhacht a bheith acu féin an teanga a thabhairt leo.<br><br>Mar sin is pacáiste cuí le svuít de thacaíochtaí a bheifear á thairiscint do fhoghlaimeoirí agus meantóireacht aonarach leanúnach thar treimhse trí bliana á chinntiú. Forbairt sraith ranganna Gaeilge atá in oiriúint d'fhoghlaimeoirí de réir a gcumas teanga (féach Beart a 6.3.6 maidir le tuilleadh eolais faoin bhfoghlaim fadsaoil eile trí Ghaeilge). Tá i gceist leas a bhaint as aipeanna, TEG, ciorcail chomhrá, maidneacha caifé, '*buddies*'/'is leor beirt', srl. Á stiúradh ag foireann spreagthóirí.<br><br>Tógáil ar a bhfuil ar siúl cheana ag baill an Choiste Stiúrtha. Leas a bhaint as scéimeanna ÚnaG agus RCOG. | | |
| **Aidhm:** | Cúnamh leanúnach, pearsanta agus cuimsitheach a thabhairt do dhaoine fásta, ar foghlaimeoirí iad, Gaeilge a shealbhú/athshealbhú. Modhanna foghlama agus úsáide den uile chineál a chruthú agus a chinntiú go leanúnach. Dá bhrí sin, méadú a bheith ann i líon na gcainteoirí Gaeilge. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>Foghlaimeoirí fásta na Gaeilge, ÚnaG (Ionad Seirbhísí Gaeilge), Craobh áitiúil Chonradh na Gaeilge (atá ag plé leis an ábhar le blianta) agus foireann spreagthóirí dá cuid. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bliain a 1: Ullmhú trí oiliúint, dea-chleachtais a bhailiú agus bunachar de fhoghlaimeoirí is cainteoirí deonacha a chur le chéile, faoi réir ag an RGCS. | |

[43] De Barra, C. "Gaeilge: A Radical revolution" (2019), Currach Press.

| | | |
|---|---|---|
| | **Feidhmiú:** | Bl a 2 - 7. |
| **Costas measta iomlán:** | €31,500. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €4,500 x 7. 45 seachtain sa bhliain x €100 íocaíochtaí ar spreagthóireacht teanga. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG, ÚnaG (Ionad Seirbhisí Gaeilge), Táillí na bhfoghlaimeoirí. Féach 6.3.5 re tríú leibhéal. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach mbeifear in ann ag a leithne agus atá an beart seo. Fiú do dhuine amháin ag tosú amach ar an teanga a fhoghlaim is mór an ní an oiread sin cabhrach agus chomh cuimsitheach sin a thairiscint.<br><br>Réiteach is ea tosaíocht a thabhairt don bheart is acmhainní dá réir. Titfidh sciar maith den fhreagracht ar an bhfoghlaimeoir féin agus ról láidir ann don bhféin-fhoghlaim trí aipeanna, léamh, téipeanna, srl. Leas a bhaint as scéim UnaG na nIonad Seirbhísí Teanga.<br><br>Eile: Próifíliú agus seisiún eolais roimhré. Tacaíocht a fháil ó dhaoine atá líofa chun meantóireacht a dhéanamh (féach thíos Mír a 6.5.2.). | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Taifead ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis na foghlaimeoirí a iniúchadh go grinn faoi dhó sa bhliain ag beirt ó CS (GMC) & OPT. Ba cheart go bhfeicfí méadú i gcumas teanga na ndaoine fásta sna daonáirimh. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Clárú cruinn ar líon na ndaoine a léiríonn suim agus a ghlacann páirt. Taifead a choinneáil ar an gcaoi a n-éiríonn leo. Plé ag na cruinnithe den CS. | |

**6.5.2 Forbairt sraith ócáidí a thugann deis go daoine an Ghaeilge a úsáid.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 11, 12, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Ceann de na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag foghlaimeoirí is ea deiseanna a aimsiú chun an teanga a chleachtadh. Nuair a chuireann duine an stró air nó uirthi féin an Ghaeilge a (ath)shealbhú, ní amháin gur mó bealach a bhíonn acu le foghlaim ach go dteastaíonn chuile chineál dheis le labhairt go saoráideach go rialta. Amanta éagsúla den lá, caithimh aimsire, aoisghrúpaí éagsúla agus go hiondúil an rud is mó ná duine nó daoine atá níos líofa ná iad féin agus cur chuige cuí acu sa gcumarsáid leis an bhfoghlaimeoir.<br><br>Ar na hacmhainní a bhéas de dhíth anseo tá cainteoirí líofa, b'fhéidir iadsin atá ar scor nó saor i rith an lae. Beidh éagsúlacht sa gcur chuige i gceist - maidneacha caifé, 'is leor beirt' (mar atá luaite i mBeart a 6.5.1), ciorcail chomhrá, téamaí cainte, srl. Samhlaítear gur ghá áisitheoirí a íoc le cuidiú leis seo. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Aidhm:** | Ócáidí sóisialta breise, beaga agus móra, a chruthú deiseanna cainte a thabhairt do fhoghlaimeoirí agus eile araon. | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>Cainteoirí líofa atá ar fáil, Foghlaimeoirí fásta. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1: Cúpla togra triaileacha. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7: Leathnú amach. |
| **Costas measta iomlán:** | €14,000. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €2,000 don áisitheoireacht. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach mbeidh i láthair agus páirteach sna hócáidí ach líon teoranta de na seanchainteoirí (líofa) céanna gan aon leathnú amach chuig foghlaimeoirí agus daoine nua isteach.<br><br>Réiteach: Cuir chuige a cheapadh le go mothaíonn foghlaimeoirí ar a gcompórd agus go ndéantar dul chun cinn. Oiliúint a chur ar na spreagthóirí. Poiblíocht leanúnach ag baint leasa as na modhanna cuí ar fad. Leas a bhaint as imeachtaí eile sa mhórcheantar - Gaillimh 2020, Féilte, srl. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Na taifid agus tuairiscí ón OPT a phlé go tráthrialta ag CS (GMC). Daonáirimh 2021 agus 2026. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Taifid a choinneáil ar líon na gcainteoirí líofa, na n-ócáidí agus na bhfoghlaimeoirí. | |

### 6.6 An Earnáil Ghnó & Miondíola

### 6.6.1 Pacáiste tacaíochta a chur ar fáil do ghnónna agus an "tairiscint ghníomhach" a fhorbairt.

<table>
<tr><td>Réimsí:</td><td>E</td><td colspan="2">Critéir pleanála teanga:</td><td>13, 14</td></tr>
<tr><td>Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:</td><td colspan="4">Fianaise: Nach bhfuil an oiread sin Gaeilge le cloisteáil i ngnónna, go háirithe nuair atá breis is 700 duine líofa go maith sa phobal.<br><br>Dúshláin: Deiseanna agus nósanna cumarsáide i labhairt phoiblí na Gaeilge sna gnónna mar ghnáthchuid den saol a chruthú agus a bhuanú.<br><br>Cur chuige amháin is ea an tairiscint ghníomhach m.sh. an fón a fhreagairt le beannú i gcónaí as Gaeilge.<br><br>Ar an láimh eile, ón taithí fada atá ag Conradh na Gaeilge agus FPMC sa réimse seo, bíonn tacaíocht agus cabhair ag teastáil ó ghnónna in aon iarracht mar a fheictear aimsir Lá 'le Pádraig leis na taispeántais fuinneoige. Is féidir seo a scaipeadh chuig Seachtain na Gaeilge ina iomláine. I dtosach tá i gceist dea-chleachtais a bhailiú ó áiteanna eile leis.<br><br>Gan ann ach ball fóirne amháin, agus líon na mbeart atá le cur i gcrích, beidh teorainn lenar féidir a bhaint amach sa réimse seo. Sin ráite, cuirfear in iúl do gach gnó miondíola go bhfuil an Plean Teanga ag feidhmiú agus go bhfuil cabhair ar fáil go háirithe le hiarrachtaí beaga dearfacha ar nós na tairisceana gníomhaí.</td></tr>
<tr><td>Aidhm:</td><td colspan="4">Cabhair a thairiscint do ghnónna miondíola le go léireoidh siad an oiread is is féidir go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge.</td></tr>
<tr><td>PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="4">OPT / CS (GMC).<br><br>CnaG & FPMC, Na gnónna miondíola.</td></tr>
<tr><td>Saolré:</td><td colspan="2">Socruithe agus ullmhúchán:</td><td colspan="2">Bl a 1.</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Feidhmiú:</td><td colspan="2">Bl. a 2: Togra Sheachtain na Gaeilge.<br><br>Bl. 3-7: Leathnú amach.</td></tr>
<tr><td>Costas measta iomlán:</td><td colspan="4">€3,000.</td></tr>
<tr><td>Costas measta in aghaidh na bliana:</td><td colspan="4">€500.</td></tr>
<tr><td>Foinsí maoinithe:</td><td colspan="4">RCOG.</td></tr>
<tr><td>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</td><td colspan="4">Cheal ama ag aon OPT amháin is deacair tosaíocht an-mhór a thabhairt dó seo. Beidh ar an gCoiste cabhrú agus ag amanta sa bhliain - ag SnaG agus ag an bhFéasta Sráide - deiseanna níos mó.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Tuairisciú ar siúl chuig CS (GMC) agus plé ansin faoi dhó sa bhliain. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Díriú ar dtús ar SnaG is ar an bhFéasta Sráide agus taifead a choinneáil ar líon na rannpháirtíochta. |

**6.6.2 Seirbhís mhion-aistriúcháin a chur ar fáil do ghnónna.**

| **Réimsí:** | E, F, J | | **Critéir pleanála teanga:** | 13, 14 |
|---|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Bíonn gnónna sa tóir ar aistriúchán ar mhanaí, ar mhionráitis agus eile. Meastar go bhféadfaí cabhrú leo trí sheirbhís tapa teoranta a bheith ar fáil chun fiú roghanna de leaganacha tarraingteacha Gaeilge a chur ar fáil, go háirithe le béim ar an gceart-úsáid de "Maigh Cuilinn". Bunófar painéal d'aistritheoirí deonacha áitiúil. An bua a bheadh anseo ná go mbeadh an t-iarratasóir páirteach sa bplé ar an nGaeilge a bheadh le n-úsáid agus tríd sin go mbéifí ag foghlaim na teanga.<br><br>Ar an láimh eile, bheadh sé le tuiscint go soiléir nach mbéifí in ann ceart-aistriúchán caighdeánach ar abairtí, ailt nó ar cháipéisí a sholáthair. Ó tharla nach bhfuil Maigh Cuilinn ró-fhada as Gaillimh féin, treorófar iarrataisí ar aistriúcháin chaighdeánacha chuig Gaillimh le Gaeilge (www.gleg.ie/aistriuchan/) nó chuig a macasamhail. | | | |
| **Aidhm:** | Seirbhís theoranta aistriúcháin gonta agus tapa a thairiscint do ghnónna na háite agus béim ar an bhfoghlaim teanga don úsáideoir. | | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>Gnónna miondíola, painéal aistritheoirí deonacha, eagrais shóisialta, Gaillimh le Gaeilge. | | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 | | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7 | | |
| **Costas measta iomlán:** | Go deonach. | | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Go deonach. | | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Go mbeifí ag súil le leathanaigh móra fada a aistriú go sciobtha agus go han-ghairmiúil. Samhlaítear an bhéim a bheith anseo ar dheonachas, ar dhul na Gaeilge, ar cheart-úsáid "Maigh Cuilinn" agus nach mbeidh ach | | | |

| | |
|---|---|
| | cruinneas áirithe i gceist. Beidh cabhair ag teastáil - painéal le bunú dóibhsin sa cheantar a mbeadh fonn orthu cabhrú. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Plé ó am go chéile ag CS (GMC) agus i dtuairiscí an OPT. Cuntas a choinneáil sna miontuairiscí ar úsáid na Gaeilge i bhfógraí, srl sna gnónna. Freisin féachaint an bhfuil an t-úsáideoir rialta ag foghlaim iad féin agus in ann níos mó a dhéanamh iad féin trí an OPT a bheith ag scagadh na dtaifead agus a bheith ag fiosrú an dul chun cinn leo. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Taifid á gcoinneáil ar líon na n-iarratas. |

**6.7 Eagraíochtaí Pobail agus Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn**

**6.7.1 An Ghaeilge a bheith láithreach agus lárnach i gcónaí sna heagrais.**

| **Réimsí:** | F, J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 15, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cheana féin tá Gaeilge chun tosaigh go pointe. Ba mhaith dá bhforbrófaí seo agus go mbeadh fógraíocht dhátheangach ann i gcónaí agus nós labhartha méadaithe Gaeilge ag ócáidí poiblí, cruinnithe, srl.<br><br>Tá sé ionmholta go mbeadh gach foilsiúchán idirlín dátheangach. Ba chóir gach gnó, más féidir, leis an stát bheith trí Ghaeilge. Ba cheart, gan dabht, foireann FPMC agus Theach na Gaeilge (GMC) a bheith ag obair go dlúth lena chéile. Go leanfar leis an nós foireann le Gaeilge a earcú i gcónaí agus an oiread is is féidir den teanga oibre a bheith i nGaeilge ag FPMC agus eagrais phobail.<br><br>Freisin go mbeadh an Ghaeilge lárnach i bPlean 2030 Mhaigh Cuilinn agus sna hiarrachtaí *'Hub'* a bhunadh. Féach Mír a 3.10.2. | | |
| **Aidhm:** | Nós na Gaeilge a labhairt agus a scríobh á leathnú sna heagrais phobail go háirithe FPMC. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC).<br><br>FPMC, ÚnaG, Eagraíochtaí Pobail eile. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1: Tógáil ar a bhfuil ar siúl. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | Ní bhaineann. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Ní bhaineann. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Nach mbeidh dóthain daoine le Gaeilge ar fáil sna heagrais áitiúla nó ag leibhéal an stáit. Stocaireacht ó CS (GMC) i bpáirt le LPtanna eile maidir le haon easpa i nGaeilge ón stát agus ansin daoine le Gaeilge a spreagadh le dul ag obair ar chuile bhealach le heagraíochtaí pobail. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Plé faoi dhó sa bhliain ag an gCS ar thuairisc ó FPMC agus ó eagraíochtaí pobail eile. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tuairiscí á gcur le chéile ag FPMC. | | |

**6.8 Eagrais Spóirt, Sóisialta agus Caitheamh Aimsire**

**6.8.1 Forbairt réimse imeachtaí sainspéise trí Ghaeilge.**

| **Réimsí:** | J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 12, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Ainneoin iarrachtaí in imeachtaí ar leith m.sh. Peil na gCailíní, níl dóthain freastal i nGaeilge ar ógánaigh an cheantair. Tá baol ann nach mbeidh na himeachtaí agus na heagrais incháilithe do dheontais RCOG amach anseo, gníomh a chuirfeadh srian lena bhforbairt. Níl aon oiliúint faighte ag lucht traenála deonach ar oibriú trí Ghaeilge. Cé go mbíonn an teanga chun tosaigh amanta, is cosúil nach bhfuil Clár Imeachtaí Bliantúil Gaeilge ag gach eagras sóisialta.<br><br>Plé leis na heagraíochtaí atá gníomhach sa cheantar cheana féin chun clár rialta Gaeilge a aontú is a fhorbairt d'imeachtaí na heagraíochtaí sin. San áireamh anseo bheadh cláir do Sheachtain na Gaeilge (SnaG). Mar thoradh air seo ba chóir bheith in ann cuidiú leis na heagrais ina n-iarratais ar chabhair go díreach ón RCOG. | | |
| **Aidhm:** | Réimse imeachtaí spóirt is sainspéise trí Ghaeilge a fhorbairt don óige agus do dhaoine fásta. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>Eagrais dheonacha ar fad idir Óige agus Dhaoine Fásta, | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 ach béim freisin ar SnaG. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €7,000. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €1,000 ar dhuaiseanna agus ullmhú riaracháin na gclár oibre thuasluaite, fiú i mBliain a 1 mar go mbeidh SnaG i gceist . | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Easpa taithí ag lucht ceannais na sainspéiseanna ar chur chuige na Gaeilge a choinneáil chun tosaigh. Oiliúint de dhíth. féach Mír 6.8.2. Eagrais na ndaoine fásta: Meastar go mbeidh cabhair den chineál céanna uathu uile, moltar teimpléidí oibre, srl a fhorbairt chun teacht i gcabhair orthu. "Maigh Cuilinn" a bheith in úsáid i gceart ag eagrais.<br><br>CLG: Moltar páirt a ghlacadh i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Donncha chun an teanga a chur chun cinn.[44] Spórt eile: Stocaireacht le déanamh leis na mór-eagrais spóirt - Cumann Sacair na hÉireann, Cispheil na hÉireann, srl chun aon tograí Gaeilge a aimsiú. | | |

[44] https://www.glornangael.ie/clg/

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an bhirt:** | Slat tomhais ag CS (GMC): Páirt fhorleathan á glacadh ag eagrais i SnaG ar dtús agus faoi Bl. a 3 cláir oibre trí Ghaeilge ag eagrais. Tuairisciú ón OPT chuig an gCS ar bhonn rialta. |

### 6.8.2 Oiliúint i dtaobh Spreagadh na Gaeilge do Lucht Ceannais na gClubanna éagsúla don Óige

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | C, J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 10, 12, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Ach oiread le hoiliúint a fháil i dtaobh Polasaithe Cosanta Leanaí agus eile, ní mór oiliúint i gcóitseáil trí mheán na Gaeilge a fhorbairt. Tá dúshláin bhreise anseo sa mhéid is nach bhfuil ach gasúir as scoil amháin á dteagasc go hiomlán trí Ghaeilge. Fós féin tá taithí ag cuid mhaith ar Champa Samhraidh Gaeilge Mhaigh Cuilinn agus go leor á dhéanamh acu sna scoileanna. Is gá oiliúint a chur ar fáil do na cóitseáilithe chun Campa Peile nó Cispheile a reáchtáil trí Ghaeilge. Is féidir cabhair a fháil anseo ó na hógeagrais náisiúnta Ghaeilge a mbíonn tearmainn teanga[45] acu. Beidh idir cheardlanna lae aonair agus chúrsaí sé-ocht seachtaine i gceist. | | |
| **Aidhm:** | An oiliúint chuí a chur ar dhaoine fásta, ar chóitseálaithe, ar cheannairí agus orthu siúd a bhíonn ag obair leis an óige, agus ar cheannairí pobail eile, faoi na bealaí le Gaeilge a choinneáil chun tosaigh le pobal nach bhfuil chomh mór sin i dtaithí ar Ghaeilge. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>Eagrais Óige áitíula, Spóirt. RCOG, ÚnaG, ÓnaG, Ógras, CCÉ, Ceanneagraíochtaí Óige & Ógeagrais Ghaeilge eile náisiúnta. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €21,000. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €3,000 do na seisiúin oiliúna agus don mhonatóireacht. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Is daoine deonacha na cóitseáilithe atá i gceist le ganntanas ama acu do chúrsaí oiliúna agus chomh maith b'fhéidir easnamh ina gcuid Gaeilge. Teacht ar oiliúnóirí cuí.<br><br>Réiteach: Tosú le líon beag daoine ó na Clubanna éagsúla, béim a bheith ann ar mhuinín as a gcuid Gaeilge. Oibriú i mbeirteanna. Tarraingt ar | | |

[45] 'Tearmann Teanga' is ea imeacht ina bhfuil sé soiléir gur Gaeilge amháin teanga na himeachta agus nach mbíonn brú ar dhaoine óga Béarla a labhairt.

| | |
|---|---|
| | dhea-chleachtais as áiteanna eile. Go leanfaí leis an oiliúint trí mhonatóireacht ghníomhach leanúnach thacúil. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Líon áirithe Imeachtaí trí Ghaeilge a bheith ag Clubanna don Óige i rith na bliana. Taifead á choinneáil orthu. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Tús á chur leis na seisiúin oiliúna le cabhair chuí ó oiliúnóirí. Dea-chleachtais a bheith bailithe. Líon na seisiún a thaifeadadh. Tuairisciú chuig CS (GMC). |

**6.8.3 Béim ar Chumas Tuisceana na Gaeilge ag Daoine Fásta**

| **Réimsí:** | D, F, K | **Critéir pleanála teanga:** | 10, 11, 12, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Léiríonn imeachtaí sa phobal ar nós na ndrámaí a léiríonn 'Aisteoirí an Bhaile' agus An Féasta Sráide go dtuigtear níos mó Gaeilge ná mar atáthar in ann labhairt. Mar nós, mar sin moltar tús áite a thabhairt do chumas tuisceana Gaeilge seachas iompú chomh tapaidh sin ar Bhéarla, nuair nach mbíonn an cumas labhartha chomh láidir leis an gcumas tuisceana. Mar shampla ag Tráth Ceist Boird san áit ina bhfuil sé uile trí Bhéarla faoi láthair go mbeadh babhta ceisteanna i nGaeilge ann. | | |
| **Aidhm:** | Cainteoirí Gaeilge a spreagadh leis an teanga a úsáid ag ócáidí pobail agus poiblí agus teacht i dtír ar chumas tuisceana dhaoine ar an nGaeilge. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br>Eagrais dheonacha. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | Ní bhaineann. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Ní bhaineann. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Cé go mbeadh cainteoirí Gaeilge ag eagrais dheonacha nach mbeadh an teanga scríofa ar fáil nó easpa muiníne a bheith ann agus an réiteach arís ná teimpléad a bheith ar fáil ón OPT. Próifíl an Phlean Teanga a choinneáil ard le nach ndéanfar dearmad ar an dimeansan Gaeilge. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Go dtugtar faoi ndeara go bhfuil nós ann Gaeilge a labhairt ag lucht cheannais agus riaracháin ag gach ócáid phoiblí ar an mbonn go dtuigtear Gaeilge go forleathan. Taifead á choinneáil air seo sna miontuairiscí. | | |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | OPT ag tuairisciú do CS (GMC) agus eagrais dheonacha a bheith i dteangabháil leis an OPT go rialta. Deachleachtais á dtuairisciú ag baill an CS don OPT. |

**6.9 Na Meáin Chumarsáide & Shóisialta**

**6.9.1 Gaeilge sna Meáin Chlóite agus Shóisialta i Maigh Cuilinn a mhéadú**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | G | **Critéir pleanála teanga:** | 16 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Níl a sciar féin ag an nGaeilge sna meáin chumarsáide áitiúla agus beidh gá le cabhair agus le daoine a spreagadh is a mhealladh leis an scéal a leigheas. Tá tábhacht ar leith ag nós léite na Gaeilge chomh maith len í a chloisteáil - cuireann sé leis an gcumas agus ardaíonn sé misneach i lucht a húsáide. Gá le nuachtán is ábhar clóite náisiúnta a bheith ar fáil arís i nGaeilge agus dá bhrí sin stocaireacht le déanamh chuige sin. Nuachtlitir leictreonach le leagan clóite is suíomh idirlín áitiúil a fhorbairt.<br><br>Maidir leis na meáin shóisialta níos ginearálta, teastaíonn feachtas feasachta le daoine a spreagadh le Gaeilge a úsáid. Chabhródh an tseirbhís bheag aistriúcháin (Mír a 6.6.2) leis na meáin shóisialta áitiúla a fhorbairt. Beidh nascadh nádúrtha i gceist anseo leis an mír faoi Techspace (Beart a 6.4.2).<br><br>Tá cúram ar lucht labhartha na Gaeilge moltaí agus tuairiscí a chur ar aghaidh chuig na nuachtáin chlóite maidir leis na nótaí áitiúla agus chuige sin beidh spreagadh arís i gceist le go rachaidh daoine i mbun pinn sa réimse seo nó fiú sna meáin scríofa ar an iomláine.<br><br>Mar thoradh ar na hiarrachtaí thuasluaite be chóir gné Gaeilge a bheith á fhorbairt i ngach foilsiúchán a bhaineann le Maigh Cuilinn. | | |
| **Aidhm:** | Úsáid na Gaeilge sna Meáin Shóisialta is na Meáin Chumarsáide áitiúla is eile a mhéadú. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>Eagrais shóisialta, lucht riartha na meán shóisialta agus chlóite, lucht scríofa na Gaeilge agus ábhar-scríbhneoirí. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €28,300. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €7,800 i mBliain a 1. Ansin €3,400 x 5 & €4,500 x 1. €700 d'oiliúint na scríbhneoirí ar bhonn leanúnach - cé go bhfuil siad deonach teastóidh oiliúint uathu agus ansin ar scríbhneoirí nua. 5 sheisiún maidne @ €140 an | | |

| | |
|---|---|
| | ceann sa bhliain. €2,300 sa bhliain don Nuachtlitir chrua (figiúirí bunaithe ar nuachtlitreacha i bpobail eile).<br><br>Suíomh Idirlín a bhunú: €4,800 i mBl. a 1, ansin €400 in aghaidh na bliana do tháillí is é a choinneáil suas go dáta agus €1,500 ar uasghrádú i mBliain a 5. |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Is am teoranta a bheas ag an OPT agus ní bheadh sé indéanta a bheith ag aistriú sliochtaí móra fada. B'fhearr sin a fhágáil ag speisialtóirí. Fós féin d'fhéadfaí teimpléid a fhorbairt chun gnáthrudaí a chlúdach agus ansin oibriú i bpáirt le lucht scríofa le gur féidir leo féin an chuid is mó a ullmhú ach am teoranta a thabhairt do phrofáil. Stocaireacht i gceist le Limistéir eile le soláthar ábhar léite crua a bheith ar fáil arís. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Thar tréimhse ama, má tá sciar níos mó go rialta ag an nGaeilge i ngach foilsiúchán áitiúil arlíne agus eile, léireofar éifeacht an bhirt seo. Faoi dhó sa bhliain pléifear tuairisc an OPT ag cruinniú CS (GMC). |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Beidh an tOPT in ann na foilsiúcháin a bhailiú agus dul chun cainte leis an lucht riartha. Ansin tuairisciú go rialta chuig an gCS. |

### 6.9.2 Maigh Cuilinn ar Raidió na Gaeltachta & TG4

| **Réimsí:** | G | **Critéir pleanála teanga:** | 16, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cé go mbíonn clúdach maith spóirt agus ar roinnt nithe eile ar RnaG, ba mhaith dá leathnófaí seo trí chláir a chraoladh ina mbeadh chuile chainteoir sa gceantar le cloisteáil, go háirithe an t-aos óg. Maidir le TG4 ba mhaith dá bhféadfaí leas níos mó a bhaint as mar dheis foghlama teanga agus freisin tuilleadh áite a thabhairt do Mhaigh Cuilinn ann.<br><br>Stocaireacht le déanamh lena chur ina luí ar RnaG/TG4 gurbh fhiú Maigh Cuilinn a chlúdach agus feachtas feasachta le n-eagrú le daoine a spreagadh le n-éisteacht agus le féachaint.<br><br>Ceist náisiúnta í seo TG4 agus múineadh na teanga ach is gá feidhm níos mó trí Vifax nó eile chun go mbeidh cabhair ag lucht foghlamtha na teanga ón teilifís. Stocaireacht le déanamh i bpáirt le LPTanna eile ar an gceist seo. | | |
| **Aidhm:** | Clúdach níos cuimsithí a bheith ar phobal Mhaigh Cuilinn sna meáin chraolta Ghaeilge is Ghaeltachta idir fhoghlaimeoirí agus chainteoirí líofa is rialta agus leas a bhaint astu mar áiseanna foghlamtha teanga. | | |

| | | |
|---|---|---|
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>RnaG, TG4, foghlaimeoirí, ÚnaG, Lucht múinte na nDaoine Fásta. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1-2. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 3-7. |
| **Costas measta iomlán:** | €3,500. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Feachtas feasachta €500 sa bhliain. | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Ceist í TG4 agus RnaG mar áis do fhoghlaimeoirí atá níos leithne ná LPT Mhaigh Cuilinn agus chuige is stocaireacht i bpáirt le Limistéir eile a bhéas i gceist le go mbainfear an leas is fearr as na meáin chraolta seo chun cur leis an litearthacht Ghaeilge ó bhéal agus eile i measc an phobail.<br><br>Maidir le clúdach níos fearr ar an gceantar ar na meáin chraolta is stocaireacht a bhéas de dhíth chun an scéal a leigheas. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Plé ag CS (GMC) faoi dhó sa bhliain ar thuairisc ón OPT. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Cuntas á thabhairt ag an OPT chuig an gCS go tráthrialta ar an dul chun cinn. Taifead á choinneáil ar na míreanna a bhaineann le Maigh Cuilinn ar an dá stáisiún agus ar an bhfeachtas feasachta/poiblíochta. | |

**6.10 Seirbhísí Poiblí**

**6.10.1 Feasacht faoin ngá le seirbhís trí Ghaeilge i Maigh Cuilinn a ardú sna Seirbhísí Poiblí**

| **Réimsí:** | H | **Critéir pleanála teanga:** | 18 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Go bhfuil láithreacht na Gaeilge sna seirbhísí poiblí easnamhach ar an iomlán. | | |
| **Aidhm:** | A. Suirbhé a dhéanamh faoi gach seirbhís phoiblí a chuirtear ar fáil sa cheantar agus ansin sraith cruinnithe a eagrú le gach grúpa maidir le seirbhís i nGaeilge a fháil.<br><br>B. Teagmháil a thosú le Comhairle Chontae na Gaillimhe (CoChonaG) maidir le tacaíocht a fháil don phlean Gaeilge ó gach rannóg den Chomhairle agus le hÚdarás na Gaeltachta maidir le tacaíocht a fháil don phlean teanga ó gach rannóg den Údarás.<br><br>C. Tacaíocht a fháil ó Bhaile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe (BSnaG) re A. is B. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC).<br><br>BSnaG, CoChonaG, RCOG, ÚnaG, Conradh na Gaeilge (Náisiúnta). | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1-2. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 3 Suirbhé. Eile: Bl. a 4-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €1,700. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €500 ar riarachán breise (€100 x 5) ach Suirbhé i mBl. a 3 €1,200. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Meastar go bhféadfadh Beart mar seo am an OPT a shlogadh. Cúram ag titim, dá bhrí, ar bhaill de CS (GMC). Beidh tábhacht le Baile Seirbhíse na Gaillimhe mar gur ann atá ceanncheathrú na seirbhísí poiblí. Stocaireacht de dhíth in éineacht le Limistéir Pleanála Teanga eile agus le Conradh na Gaeilge, mar cheanneagraíocht náisiúnta Ghaeilge a bhíonn ag plé leis an réimse seo, chomh maith. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Díreoidh an CS ar an suirbhé i mBl. a 3 le cabhair ó BSnaG. Ina dhiaidh anailís a dhéanamh ar na torthaí agus plean do Bl. a 4-7 a cheapadh. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Le plé in aghaidh na ráithe ag an gCS. | | |

**6.11 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach**

**6.11.1 Gaeilge agus an Stádas Gaeltachta a chosaint sa bpleanáil fhisiceach chomh maith le háiseanna cuí poiblí a thógáil**

<table>
<tr><td>Réimsí:</td><td>I</td><td colspan="2">Critéir pleanála teanga:</td><td>17</td></tr>
<tr><td>Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:</td><td colspan="4">Tá forbairtí móra ar na bacáin don cheantar, ina measc 330 teach i seacht n-eastát (ceadaithe), agus níor mhór an Ghaeilge a bheith tugtha san áireamh i gcónaí. Dá bhrí sin, is gá a chinntiú, trí stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Chondae, go leanfar leis an gcoinníoll teanga agus é a neartú (33.3% de na tithe in aon eastát nua a bheith ag lucht labhartha na Gaeilge) mar chuid den chóras pleanála tithíochta agus a sciar féin ag daoine áitiúla.<br><br>Tá éileamh ann do lárionad mór nua pobail, mar shampla d'áis phoiblí a bhfuil gá leis, agus tá sé tábhachtach go mbeadh ról lárnach don Ghaeilge cinntithe ina leithéid agus beidh stocaireacht leanúnach i gceist anseo.<br><br>Teastaíonn comharthaíocht i nGaeilge, lasmuigh agus laistigh, a bheith ag forbairtí san earnáil miondíola. Chuige seo beidh gá dul i dteangabháil le gnónna nua, eolas a scaipeadh agus feasacht faoi seo a ardú.</td></tr>
<tr><td>Aidhm:</td><td colspan="4">Gaeilge agus an Stádas Gaeltachta a chosaint sa bpleanáil fhisiceach chomh maith le háiseanna poiblí a thógáil atá chun leasa na teanga.</td></tr>
<tr><td>PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara</td><td colspan="4">CS (GMC).<br><br>RCOG, CoChonaG, ÚnaG, FPMC.</td></tr>
<tr><td>Saolré:</td><td colspan="2">Socruithe agus ullmhúchán:</td><td colspan="2">Bl. a 1.</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">Feidhmiú:</td><td colspan="2">Bl. a 2-7.</td></tr>
<tr><td>Costas measta iomlán:</td><td colspan="4">Tada.</td></tr>
<tr><td>Costas measta in aghaidh na bliana:</td><td colspan="4">Tada.</td></tr>
<tr><td>Foinsí maoinithe:</td><td colspan="4">RCOG.</td></tr>
<tr><td>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</td><td colspan="4">Baol atá ann nach dtabharfar aird ar an riachtanas Gaeilge - ach léiríonn an taighde go dtagann daoine chun cónaithe i Maigh Cuilinn mar go bhfuil sé sa nGaeltacht agus go bhfuil sé in aice le MórGhaeltacht Chonamara.<br><br>Ní dócha go mbeidh am ag an OPT le plé mórán leis seo. Gnó é do CS (GMC) ach tá stocaireacht leis an gComhairle Chondae agus FPMC i gceist go leanúnach.</td></tr>
<tr><td>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</td><td colspan="4">Plé rialta ag an gCS. Le comharthaíocht i nGaeilge ag méadú, an ceatadán don choinníoll teanga ar thithe nua á chomhlíonadh agus áit lárnach ag</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | Gaeilge in áiseanna poiblí nua ba cheart an tacaíocht pobail a fheiceáil don teanga agus ardú in úsáid na Gaeilge chomh maith i dtaighdí éagsúla - daonáirimh agus suirbhéanna ag deireadh an Phlean seo. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Rúnaí an CS a bheith ag bailiú eolais ón gCo Cho go tráthrialta agus á chur ar aghaidh chuig an gCS le bheith pléite go ráithiúil in éineacht leis an dul chun cinn ar áiseanna poiblí. |

## 6.12 Turasóireacht

### 6.12.1 An Ghaeilge a bheith i lár fhorbairtí nua turasóireachta i Maigh Cuilinn.

| **Réimsí:** | 13, 14, 15, 19 | **Critéir pleanála teanga:** | E, K |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Tá ré nua turasóireachta in ann don cheantar leis an seachbhóthar á oscailt is Bealach Glas (le feiceáil sa léaráid thíos), Bealach Gorm is Ionaid Eachtraíochta á bhforbairt.<br><br>Plé le Fáilte Éireann agus grúpaí turasóireachta eile chun gné na Gaeilge a chosaint is a fhorbairt. Is féidir tógáil ar a bhfuil á soláthar i nGairdíní Bhríde agus i bPáirc Feirme Leamhchoille.<br><br>Meastar gurbh fhiú tograí ar nós *'Irish Language Cultural Experience[46]'* a fhorbairt féachaint leis an teanga is na hEalaíona Gaeltachta a thairiscint do thurasóirí agus d'fhonn fostaíocht shéasúrach a chur ar fáil do na cainteoirí óga, trí leas a bhaint as Teach na Gaeilge. Staidéar Féideartha le déanamh i mBlianta a 1 agus a 2, le cabhair ó Údárás na Gaeltachta. | | |
| **Aidhm:** | An Ghaeilge a bheith i lár fhorbairtí nua turasóireachta i Maigh Cuilinn agus leas a bhaint as an teanga chun deiseanna fostaíochta seasúracha Gaeilge-lárnaithe a bhunú don Óige. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC) / OPT.<br><br>CoChonaG, Fáilte Éireann, ÚnaG, Ionaid Turasóireachta áitiúla, Gaillimh2020. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €14,000. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | €4,000 chun Togra Samhraidh do thurasóirí a bhunú. €2,500 sa bhliain ina dhiaidh (x 4). | | |
| **Foinsí maoinithe:** | ÚnaG do Staidéar Féideartha. RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Is í Maigh Cuilinn an t-aon Ghaeltacht atá ina iomláine ar an bpríomhbhóthar amach chuig Chonamara ó thuaidh (N59). Tá forbairtí i ndán dó seo. Tá an baol ann go rachfar ar aghaidh agus nach mbeidh an Ghaeilge lárnach.<br><br>Tá deiseanna anseo teacht i dtír ar na hacmhainní atá ann - daoine óga le Gaeilge, fostaíocht shéasúrach a chur ar fáil dóibh ach go mbeidh cabhair stáit ag teastáil. Is gá stocaireacht a dhéanamh leis na forais mhóra turasóireachta chun a thaispeáint go dtosaíonn an Ghaeltacht ag ceann thoir Chonamara agus go bhfuil seo le blaiseadh láithreach agus cathair | | |

[46] Féach https://experiencegaelicgames.com/ mar atá a leithéid i gceist do na Cluichí Gaelacha i mBaile átha Cliath.

| | |
|---|---|
| | na Gaillimhe fágtha taobh thoir. Is gá don phobal Gaeilge áitiúil gníomhú agus tograí a bhunú. Chuige sin, tá fochoiste turasóireachta le bunú. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm is ar éifeacht an bhirt:** | Tuairisciú agus plé rialta ag an OPT & fochoiste le CS (GMC).<br><br>Teangabháil leis na tograí turasóireachtaí agus cúnamh a thairiscint maidir leis an nGaeilge iontu. |



**An Bealach Glas idir Gaillimh agus an Clochán mar a bheidh sé i Maigh Cuilinn. Dhá mhionbhealach i ndearg chuig an tsráidbhaile.**

### 6.13 Seirbhísí Eaglasta

#### 6.13.1 Gné láidir Gaeilge a bheith i searmanais reiligiúnacha san LPT.

| **Réimsí:** | C, J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 10, 11, 12, 15, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Ceithre bhunscoil Chaitliceach atá sa phobal faoi láthair agus teastaíonn líon na ngnéithe de shearmanais eaglasta, idir aifrinn agus shacraimintí, trí mheán na Gaeilge, do na scoláirí bunscoile a mhéadú. Ansin tá gnéithe de shearmanais reiligiúnacha don phobal i gcoitinne ag teastáil i nGaeilge chomh maith. Go gcoinneofaí a bhfuil de bhéim ar an nGaeilge sna searmanais eaglasta agus go bhforbrófaí iad a thuilleadh. Rachfar i gcomhairle leis an sagart paróiste agus leis an gComhairle Pharóiste san Eaglais Chaitliceach agus chuig an lucht údaráis i ngach reiligiún eile.<br><br>Ar scála níos leithne déanfar stocaireacht leis na reiligiúin ar fad (m.sh. ag leibhéal na Deoise) maidir le sagairt nó ministir le cumas Gaeilge a | | |

| | | |
|---|---|---|
| | cheapadh don cheantar nuair a bhéas ceapúcháin á ndéanamh amach anseo. | |
| **Aidhm:** | Líon na ngnéithe de shearmanais reiligiúnacha do scoláirí bunscoile agus freisin don phobal i gcoitinne atá i nGaeilge a mhéadú. | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | Baill de CS (GMC) atá ina mbaill de reiligiúin.<br><br>An Paróiste Caitliceach, Deoise na Gaillimhe agus aon Reiligiún eile atá ag feidhmiú sa cheantar. Na Scoileanna & Fóram Oideachais. | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1. |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7. |
| **Costas measta iomlán:** | Ní bhaineann. | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Ní bhaineann. | |
| **Foinsí maoinithe:** | Ní bhaineann. | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tá na paidreacha bunúsacha ar eolas ag an bpobal Caitliceach agus nós maith é, ó thaobh na Gaeilge de, deis chleachtaithe a bheith ar fáil ag daoine.<br><br>Réiteach do na Caitlicigh, is ea nós a bheith ann an oiread Gaeilge is is féidir a bheith i ngnáthaifrinn is searmanais ag díriú ar na paidreacha is coitianta. Maidir leis na sacraimintí scoile, Gaeilge ar fad a bheith i gceist maidir le cúram Scoil an Bhaile Nua agus an oiread is is féidir ag searmanais pharóiste. | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Ábhar á phlé ag cruinnithe uair sa bhliain. | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | Baill de CS (GMC) i mbun chumarsáide mar atá molta thuas faoi 'Eolas breise' leis na húdaráis chuí. | |

**6.14 Stair agus Oidhreacht Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn**

**6.14.1 An oidhreacht Ghaeltachta a chaomhnú, a fhorbairt agus a sheachadadh chuig na hóg-ghlúnta**

| **Réimsí:** | J, K | **Critéir pleanála teanga:** | 12, 19 |
|---|---|---|---|
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | I measc na dtograí le cur chun cinn anseo bheadh, mar shampla: Leabhrán eolais ilteangach a fhoilsiú faoi stair na Gaeilge i Maigh Cuilinn[47] agus an tionchar a bhí agus atá ag an nGaeilge sa gceantar. Beidh leagan idirlín i gceist agus díreofar go háirithe ar aon aos óg.<br><br>Trí scéim na n-Intéirneachtaí/na Socrúchán Dara agus Tríú Leibhéal beidh deis ann taifead a dhéanamh le seanóirí an cheantair. Treallamh ó Techspace ar fáil go háitiúil cheana féin. Ansin Cartlann a fhorbairt ina mbeadh teacht go héasca ar ábhar físe, fuaime agus scríofa an phobail i gcoitinne. Nasc i gceist anseo le Beart a 6.3.6. | | |
| **Aidhm:** | Ómós a thabhairt don oidhreacht Ghaeilge agus Ghaelach áitiúil a chuimseoidh ábhair físe, fuaime agus scríofa a bhailiú agus a chlárú. | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | OPT / CS (GMC).<br><br>ÚnaG, BOOGRC, OÉG, Aosaigh ar fad a chónaíonn i Maigh Cuilinn nó atá de bhunadh na háite agus gach duine sa phobal. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1-2. | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 3-7. | |
| **Costas measta iomlán:** | €3,500. | | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana:** | Bl. a 1-2: Staidéar Féideartha - €1000 san iomlán.<br><br>Bl. a 3-7: €500 x 5. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Duine le taithí agus scil sa gcineál oibre seo ag teastáil chun an gnó a stiúradh. Seans go bhfeilfeadh sé do fhochoiste de dhaoine a bheadh ar scor ón obair lán-aimseartha agus cónaí orthu go háitiúil. Cartlann nó seomra(í) sábháilte agus cuí a aimsiú ach seans go bhfeilfeadh Teach na Gaeilge. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus éifeacht an bhirt:** | Le plé ag CS (GMC) go rialta agus tuairisciú á dhéanamh ag an OPT/ fo-choiste na cartlainne. Trí fhorbairt an bhirt seo agus an bhéim á leagan ar úsáid na Gaeilge, sa lá atá inniu ann agus san am a caitheadh, agus ar an oidhreacht áitiúil Ghaelach ba cheart go mbeadh ardú le feiceáil in úsáid na Gaeilge ag cách ach ag an aos óg go háirithe. Go bhfeicfear seo sna daonáírimh. | | |

[47] Féach cur síos i Breathnach, P. (1985 - *Maigh Cuilinn: a táisc agus a tuairisc,* Cló Chonamara. 57-70) agus Breathnach arís (2000 - féach fo-nóta a 5). 2 alt a léiríonn an stair.

**6.15 Beart Achoimrithe - Staid na Gaeilge i Limistéar Mhaigh Cuilinn**

**6.15.1 Cumas daoine sa Ghaeilge, Nósmhaireacht a húsáide, Dearcadh an Phobail ina leith, Tacaíocht ón Stát agus na Bearta uile á gcur i gcrích.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimsí:** | K | **Critéir pleanála teanga:** | 2, 19 |
| **Dúshláin ón Taighde agus Eolas breise:** | Cur síos iomlán ar na féidearthachtaí is dúshláin i Mír a 5. | | |
| **Aidhm:** | An Ghaeilge a bheith láithreach agus chomh lárnach is is féidir i chuile réimse den saol i Maigh Cuilinn. Cumas sa teanga a bheith ag na daoine óga ar fad agus ag an oiread daoine fásta is is féidir agus deiseanna úsáide acu araon.<br><br>Ardú i líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) ó Dhaonáireamh 2016 go Daonáireamh 2021 agus ardú eile faoi 2026. Faoi 2021 go mbeidh ardú sa líon tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge amháin, nó Gaeilge den chuid is mó, lena ngasúir. Go n-ardóidh sin arís ó Dhaonáireamh 2021 go 2026 (Eolas seo á bhailiú i nDaonáireamh 2021). | | |
| **PríomhÚinéir an Bhirt agus Páirtithe Leasmhara** | CS (GMC).<br><br>ROS, ÚnaG, RCOG, Co Cho na Gaillimhe is Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe. | | |
| **Saolré:** | **Socruithe agus ullmhúchán:** | Bl. a 1 | |
| | **Feidhmiú:** | Bl. a 2-7 | |
| **Costas measta in aghaidh na bliana & iomlán:** | Mír a 7. | | |
| **Foinsí maoinithe:** | RCOG. | | |
| **Dúshláin fhéideartha agus réitigh:** | Tacaíocht a fháil ó na Forais Stáit. Is cosúil, mar shampla, an-bhéim á leagan ag Foras na Gaeilge ar na Líonraí is Bailte Seirbhíse lasmuigh den Ghaeltacht agus níor mhór a chomhthacaíocht a fháil ó ROS, ÚnaG, RCOG, Co Cho na Gaillimhe is Baile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe. Paróiste beag Gaeltachta ab ea Maigh Cuilinn a bhéas tar éis fás faoi cheathair laistigh de 50 bliain. Dá bhrí sin, tá stocaireacht go leor agus go leanúnach le déanamh ag CS (GMC) ar na forais stáit agus i bpáirt le LPT'anna eile. | | |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:** | Mórdhul chun cinn a thomhais agus a phlé faoi dhó sa bhliain ag an gCS. Mórthaighde a thionscnaimh i mBl. a 5. | | |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:** | An tacaíocht a mheas láithreach agus go rialta ón tús ag an gCS. | | |

**7. Costais agus Maoiniú**

| Costais Reatha | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tuarastal Beart a 6.1.2** | 37,022 | 41,531 | 44,300 | 47,069 | 49,838 | 52,606 | 55,375 |
| **Earcaíocht & Taisteal Beart a 6.1.2** | 3,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 |
| **Oiliúint & Comhleoireacht Beart a a 6.1.2** | 9,000 | 9,000 | 9,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| **Cíos & Reáchtáil Oifige Bearta 6.1.1** | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 |
| **Poiblíocht Beart a 6.1.3** | 2,000 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 |
| **Feachtas Feasachta Teaghlaigh Beart a 6.2.1** | 1,000 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 |
| **Clár Tacaíochtaí do Theaghlaigh Beart a 6.2.2** | 4,900 | 4,400 | 4,400 | 4,400 | 4,400 | 4,400 | 4,400 |
| **Fóram Oideachais Bearta a 6.3.1 & 3** | 500 | 6,500 | 6,500 | 6,500 | 6,500 | 6,500 | 6,500 |
| **Seirbhís Chuimsitheach Óige Beart a 6.4.1** | 15,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 |
| **Teicneolaíocht agus An Óige Beart a 6.4.2** | 500 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| **Cúnamh do Fhoghlaimeoirí Fásta Beart a 6.5.1** | 4,500 | 4,500 | 4,500 | 4,500 | 4,500 | 4,500 | 4,500 |
| **Sraith Ócáidí Beart a 6.5.2** | 2,000 | 2,000 | 2,000 | 2,000 | 2,000 | 2,000 | 2,000 |
| **Pacáiste Tacaíochta do Ghnónna Beart a 6.6.1** | | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 |
| **Forbairt Réimse Sainspéiseanna Beart a 6.8.1** | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| **Oiliúint do Cheannairí Deonacha Óige Beart a 6.8.2** | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| **Úsáid na Gaeilge sna Meáin Beart a 6.9.1** | 7,800 | 3,400 | 3,400 | 3,400 | 4,500 | 3,400 | 3,400 |
| **Meáin Ghaeilge Bearta a 6.9.2** | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Poiblí Beart a 6.10.1** | | | 1,300 | 100 | 100 | 100 | 100 |
| **Turasóireacht Bearta 6.12.1** | | | 4,000 | 2,500 | 2,500 | 2,500 | 2,500 |
| **Oidhreacht Ghaeltachta a chaomhnú Beart a 6.14.1** | | 1,000 | 500 | 500 | 500 | 500 | 500 |
| **Iomlán & Ioncam: RCOG (Roinn na Gaeltachta)** | 107,222 | 115,831 | 123,400 | 129,469 | 133,338 | 135,006 | 137,775 |

**8. Forbairt Feasachta agus Poiblíochta**

Faoi mar atá mínithe i Mír 4.1 cuireadh tús eis an bhfeachtas poiblíochta sa LPT nuair a eagraíodh Seoladh ar an bPleanáil Teanga i Maigh Cuilinn i Meitheamh, 2017. Cuireadh leis na leibhéil feasachta nuair a bhí an taighde dá dhéanamh. Nuair a scaipeadh na ceistneoirí bhí bileog eolais faoina bhfuil i gceist le próiseas pleanála teanga chomh maith. Scaipeadh ceistneoirí eile ar eagraíochtaí deonacha agus eagraíodh bhí réimse leathan de fhócasghrúpaí agus cruinnithe ann ar ar fhreastail go leor den phobal orthu.

Cuireadh feachtas eile poiblíochta ar bun i mí na Samhna 2018 nuair a eagraíodh ceithre chruinniú poiblí) leis an ndréachtphlean a phlé. Chomh maith leis na cruinnithe seoladh an dréachtphlean arlíne agus tugadh deis don phobal aiseolas a thabhairt. Cuireadh achoimre i mBéarla ar fáil chomh maith i bhfoirm cruachóip agus arlíne.

**8.1 Poiblíocht Leanúnach**

Le linn shaolré an phlean tá sé i gceist againn an pobal a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an phlean agus a rannphairtíocht a spreagadh sa bpróiséas ar bhonn leanúnach. Ní mór deis a bheith ann aiseolas rialta agus leanúnach a thabhairt. Mar atá luaite thuas i mBeart a 6.1 is tríd an idirlíon is nuachtlitreacha clóite a scaipfear eolas agus chomh maith trí chruinnithe poiblí ó thráth go chéile.

Is iomaí foghrúpa atá sa bpobal: daoine aosta, tuismitheoirí, daoine fásta gan pháistí acu, déagóirí, gasúir, cainteoirí dúchais, cainteoirí líofa, múinteoirí, foghlaimeoirí teanga, daoine gan aon Ghaeilge, lucht spóirt agus siamsaíochta, cúramóirí agus go leor eile. Beidh cuir chuige éagsúla ag teastáil ón tús agus ar bhonn leanúnach le dul i bhfeidhm ar na foghrúpaí uilig i gcaitheamh na seacht mbliana.

**8.2 Na Meáin Thraidisiúnta agus an tIdirlíon**

Tá meath ag teacht le ré an pháipéarachais agus, fiú, an raidió, na bpóstaeirí agus nuachtlitreacha mar phríomhmhodh scaipthe scéalta. Is cuid den phlean fós é nuacht aitiúil (nuacht faoin bpróiseas pleanála teanga san áireamh) i nGaeilge a scaipeadh trí na meáin chlóite ach is dlúthchuid den saol anois iad an t-idirlíon agus na meáin shóisialta. Beidh láithreachas idirlín mar dhualgas leanúnach bunúsach ar CS (GMC) agus ar an OPT. Féach Bearta a 6.1.3 agus 6.9.1 go háirithe.

**8.3 Feachtais Ardaithe Feasachta**

Thar aon ní eile, as seo go ceann seacht mbliana, ní mór scéal bhuntáistí na Gaeilge, an tumoideachais agus an dátheangachais a léiriú don phobal go leanúnach. Cé go bhfuil an teanga agus an cultúr láidir i roinnt réimsí, níl sé sin amhlaidh in áiteanna eile agus, dá bhrí sin, t

dúshlán i gceist.

Tuigtear gur pobal dátheangach é díreach cuid de phobal Mhaigh Cuilinn. Tá bearna mór idir an méid eolais atá ag an bpobal faoi na castachtaí, na dúshláin agus na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas. Ní mór an pobal a choinneáil suas chun dáta ar bhealach soiléir faoina bhfuil le rá ag faoi 'chuile cheann de na réimsí sa bplean seo agus na bearta ina dtaobh. Má imíonn nós na labhartha agus, ansin, cumas na ndaoine i labhairt na teanga, beidh sé an-deacair í a fháil ar ais. Athróidh siad seo ó am go chéile ach beidh feachtais feasachta agus eolais ag leanúint ar aghaidh i gcaitheamh an ama.

**9. Feidhmiú agus Monatóireacht**

**9.1 Cinntiú an struchtúir nua pleanála teanga**

Leanfaidh feidhm Choiste Stiúrtha Phlean Teanga - Gaeilge Mhaigh Cuilinn - nuair a ghlacfaidh RCOG leis an bplean teanga. Faoin bplean caithfear obair a stiúradh: fostaí a earcú, maoirsiú a dhéanamh, agus thar aon ní eile an clár oibre a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air. Tá cur síos ar an struchtúr le fáil i Mír 6.1.1.

Tabharfar cuireadh don phobal san LPT, ach go háirithe iad siúd atá bainteach le scoileanna, le heagraíochtaí pobail, sóisialta agus spóirt, srl le bheith páirteach i gcur i bhfeidhm an Phlean Teanga i Maigh Cuilinn.

Is mar seo a leanfaidh comhdhéanamh an Choiste Pleanála Teanga: Beidh duine amháin ar a laghad ar an gcoiste mar ionadaí do na ceantair difriúla san LPT, is iad sin An Baile Nua, Sráidbhaile Mhaigh Cuilinn, Na Tuairíní agus Tulach Mhic Aodháin. Beidh ionadaithe ag FPMC agus Conradh na Gaeilge mar bhaill agus tabharfar cuireadh do ÚnaG ball a ainmniú chomh maith. Spreagfar ionadaíocht chomh maith ó scoileanna, eagrais phobail agus ón lucht ghnó.

Ag GMC a bheidh an chumhacht duine a fhostú, conradh a aontú agus airgead a chaitheamh bunaithe ar chlár oibre aontaithe idir GMC agus ÚnaG. Ar CS (GMC) a bheidh an fhreagracht gnóthaí an togra pleanála teanga a reáchtáil de réir dea-chleachtas. Is é CS (GMC) (i bpairt le ÚnaG) a leagfas amach clár oibre in éineacht leis an bhfostaí. Tabharfaidh CS (GMC) tacaíocht leanúnach don fhostaí agus déanfaidh sé treoracha a shonrú dóibh, agus monatóireacht ar fheidhmiú an chlár oibre ar bhonn rialta.

Eagróidh CS (GMC) cruinniú cinn bhliana chuile bhliain ag a dtabharfar tuairisc iomlán don phobal ar dhul chun cinn an phlean agus beidh tuairisc airgeadais iniúchta san áireamh.

**9.2 Monatóireacht rialta**

Leagfaidh an OPT, i bpáirt le CS (GMC), clár oibre amach ag tús an togra, agus clár oibre bliantúil amach gach bliain ina dhiaidh sin roimh thús na bliana. Cuimseoidh an clár oibre na réimsí difriúla mar atá liostáilte sa bPlean agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le gach réimse agus chomh fada is is féidir agus é indéanta cuirfear costas leis na gníomhaíochtaí.

Beidh sé de dhualgas ar an bhfostaí bearta na míreanna oibre a chur i bhfeidhm agus, mar chuid den chur chuige, beidh monatóireacht rialta nó thréimhsiúil le déanamh ag CS (GMC) ar an dul chun cinn. I gcás fhormhór na mbearta ní mór tuairisc ar dhul chun cinn na hoibre is na spriocanna a chur ar fáil don

bhord stiúrtha de réir mar a éilítear iad, ar bhonn míosúil, ráithiúil nó eile, ach ar a laghad uair sa mbliain. Úsáidfear teimpléad caighdeánach[48] don mhonatóireacht i gcomhar le hÚnaG agus RCOG.

**9.3 Mór-mhonatóireacht**

Beidh tuairisc bhliantúil le réiteach ag oifigigh thofa CS (GMC) i gcomhar leis an bhfostaí le cur os comhair chruinniú cinn bhliana GMC. Clúdóidh sé seo chuile mhír den Phlean Teanga seacht mbliana. Beidh cur síos ann ar an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas maidir le spriocanna na mBearta éagsúla a bhaint amach.

Beidh monatóireacht le déanamh ar an dul chun cinn i rith na bliana. Beidh an fostaí í nó é féin i láthair ag na seisiúin mhonatóireachta seo. Is féidir go mbainfear úsáid as féinmheastóireacht sa phróiseas monatóireachta agus aithbhreithnithe.

Ag brath ar threoracha agus ar choinníollacha ón RCOG, an maoinitheoir, d'fhéadfadh sé go mbeadh cruinnithe tráthrialta ag na hoifigigh thofa agus ag an bhfostaí leis an maoinitheoir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

**Ag Deireadh na seacht mbliana**

Táthar ag súil gur féidir tús a chur leis an obair réitithe don chéad phlean eile dhá bhliain sula dtiocfadh deireadh leis an bplean reatha. Ba chóir go mbeadh sé réitithe agus an maoiniú socraithe bliain roimh dheireadh phlean 2019-2025. Mar chuid den réiteach seo, agus ar mhaithe le torthaí a thomhais, bheadh sé i gceist macasamhail na suirbhéanna agus na bhfócasghrúpaí a thionscain arís i bhfómhar 2023 le tuismitheoirí agus leis an bpobal ar fad, tráth a mbeadh torthaí cheisteanna na Gaeilge ó Dhaonáireamh 2021 ar fáil. I mbliain a 6 den phlean, déanfar aithbhreithniú neamhspleách ar fheidhmiúlacht an phlean agus cuirfear tuairisc ar fáil do Ghaeilge Mhaigh Cuilinn agus don phríomh-mhaoinitheoir RCOG/ÚnaG.

Cinnteoidh an mhonatóireacht seo leanúnachas sna spriocanna agus cinnteacht fostaíochta sa gcás is go mbeadh ag éirí go maith leis/léi ina c(h)uid oibre.

**9.4 Comhairle Ghairmiúil agus Comhoibriú leis na LPTanna eile**

Ní mór comhairle a lorg ó shaineolaithe agus ó chomhairleoirí pleanála teanga go tréimhsiúil, nó ar bhonn leanúnach, le tuairimí a fháil uathusan atá i dtaithí ar chastachtaí na pleanála teanga sna Gaeltachtaí agus le cur chun cinn na Gaeilge.

Tá struchtúr tacaíochta réigiúnda agus náisiúnta i bhfeidhm ag ÚnaG le cuidiú leis na ceanneagraíochtaí sna LPTanna éagsúla. Tá an suíomh idirlín www.pleanailteanga.ie[49] ann ar a bhfuil liosta acmhainní agus fóram plé ar fáil. Beidh CS (GMC) ag baint leas as na tacaíochtaí seo agus slite eile le comhoibriú le Coistí LPTanna eile.

---

[48] Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta, lch a 55, Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán a 4, Eanáir, 2018). http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2018/02/Treoirl%C3%ADnte-Plean%C3%A1la-Teanga-Eagr%C3%A1n-4.pdf.

[49] Ní mór cód aitheantais agus pasfhocal a fháil leis an suíomh seo a úsáid.

**Foinsí Leictreonacha agus Leabharliosta**

An tAonad Gaeltachta, An Roinn Oideachais is Scileanna, 2019. *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta. Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais.* Ar fáil ag: https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Oideachais/tascairi-dea-chleachtais-don-tumoideachas-dreacht-treoir-do-bhunscoileanna-gaeltachta.pdf.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017. Census 2016 Sapmap Area: Limistéir Pleanála Teanga Mhaigh Cuilinn [ar líne]. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=A4741732-6C2D-4A14-B84C-A2AB55278420.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2018. Sonraí Daonra agus Gaeilge Dhaonáirimh 2011 & 2016 maidir le LPT Mhaigh Cuilinn. Ar fáil ag: https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2018. *Treoirlínte Pleanála Teanga: Eagrán 4 – Eanáir, 2018.* Na Forbacha: An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Breathnach, P., 1985. *Maigh Cuilinn: a táisc agus a tuairisc,* Cló Chonamara.

Breathnach, P., 2000. "Maigh Cuilinn" in *Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán,* Ó Tuathaigh et al. (eag), Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán (lgh. a 289-304).

Comhairle Chondae na Gaillimhe (2013). *Plean Áitiúil Ghaeltacht na Gaillimhe 2008-18.* Ar fáil ag: http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanceantairaitiuilnagaeltachta2008-2018/.

Conradh na Gaeilge & Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn, 2008. *Suirbhé ar Staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn.* Maigh Cuilinn: Conradh na Gaeilge. Ar fáil ag: http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n1Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.

De Barra, C., 2019. *Gaeilge: A Radical Revolution*, Currach Press, Baile Átha Cliath.

Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn, 2018. *Staidéar Féidearthachta a Mhaoiniú*. Ar fáil ag http://moycullen.net/downloads/CommunityCentreFeasabilityStudy.pdf.

Harris, J. et al., 2006. *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ní Fhlannchadha, S., 2017. *Torthaí Taighde ar Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn.* Ar fáil ag http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n1Suirbhe%CC%81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.

Ó Caollaí, É., 11 Márta, 2019. Ar fáil ag: https://www.irishtimes.com/culture/tuarasc%C3%A1il/an-gr%C3%A9as%C3%A1n-guth-nua-do-mh%C3%BAinteoir%C3%AD-iar-bhunscoile-gaeilge-1.3819111.

Ó Céidigh, Seanadóir P., 2018. *'Próifíl Shocheacnamaíoch de na 7 gceantar Gaeltachta in Éirinn'*, An Chomhairle um Thaighde in Éirinn. Á rochtain ar an 8 Aibreán, 2019 ag https://phpstack-241842-743458.cloudwaysapps.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf.

Ó Giollagáin, C. et al., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2014/01/Staid%C3%A9ar-Cuimsitheach-Teangeola%C3%ADoch-ar-%C3%9As%C3%A1id-na-Gaeilge-sa-Ghaeltacht.pdf.

Rialtas na hÉireann, 2010. Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann, 2012. Acht na Gaeltachta, 2012. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Walsh, J. & Rowland, H., 2009. *Moltaí maidir le Plean Teanga do cheantar Mhaigh Cuilinn.* Ar fáil ag: http://moycullen.net/downloads/Aguisi%CC%81n1Suirbhe%CC% 81-ar-staid-na-Gaeilge.pdf.